

09

Banc Ceannais Tuarascáil Bhliantúil



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Banc Ceannais na hÉireann

30 Meitheamh 2010

A Aire, a chara

Faoi Acht an Bhainc Ceannais, 1942, éilítear ar an mBanc tuarascáil a ullmhú ar a ghníomhaíochtaí agus an cháipéis sin a thíolacadh duit laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais. Áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil:

- » Tuarascáil Bhliantúil Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann; a chuimsíonn Tuarascálacha an Stiúrthóra Tomhaltóirí agus Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa don Údarás.
- » na Tuarascálacha Bliantúla a éilítear faoin Acht um Lontaobhais Aonad 1990, an tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 2005 agus na Rialacháin Réamheolaire 2005 agus na Rialacháin um Mí-úsáid Margaídh 2005.

Is onóir dom Gníomhaíochtaí agus Cuntais Bhliantúla an Bhainc Ceannais agus an Rialtóra Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 a iniamh leis seo.

Is mise le meas



Patrick Honohan
Gobharnóir

Bord Stiúrthóirí agus Comhaltaí an Údaráis

amhail ag 30 Aibreán 2010

Patrick Honohan*

Jim Farrell**

Tony Grimes**

Matthew Elderfield**

Kevin Cardiff*

David Begg*

Gerard Danaher**

John Dunne**

Alan Gray**

Brian Hillery*

Dermot O'Brien*

Deirdre Purcell**

Alan Ashe***

Dermot Quigley***

* Comhaltaí de Bhord BCÚSAÉ amháin.

** Comhaltaí an Bhoird agus an Údaráis Rialála.


*** Comhaltaí an Údaráis Rialála amháin.

Bainistíocht

amhail ag Meitheamh 2010

	Feidhm	Ceann Feidhme
Ard-Stiúrthóir		
Tony Grimes	Rúnaireacht Ghinearálta Iniúchadh Inmheánacha Dlí Comhairleoir Sinsearach	Neil Whoriskey Pat Treanor Joe Gavin Frank Browne
Ard-Stiúrthóir Cúnta agus Rúnaí an Bhainc		
Mary Sheehy	Rialú Airgeadais Acmhainní Daonna	Dermot Maher Lucy O'Donoghue
Ard-Stiúrthóir Cúnta		
Jim Cummins	Eisiúint Airgeadra Táirgeadh Airgeadra Seirbhísí Corparáideacha	Daragh Cronin Harry Murphy Michael Enright
Ard-Stiúrthóir Cúnta		
Maurice McGuire	Anailís Eacnamaíochta agus Taighde Cobhsaíocht Airgeadais Beartas Airgeadaíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta Staitisticí Tionscadail Speisialta	John Flynn Folúntas Mark Cassidy Joe McNeill Peter Charleton
Ard-Stiúrthóir Cúnta		
Mary O'Dea	Margaí Airgeadais Íocaíocht agus Socraíocht Urrús	Robert O'Hara Folúntas
Ard-Stiúrthóir Cúnta		
Gerry Quinn	Córais Faisnéise Anailís Ghnó	Michael Power AnneMarie McKiernan
Ceann Rialála Airgeadais		
Matthew Elderfield		
Ard-Stiúrthóir Cúnta		
Jonathan McMahon	Clárlann na gComhar Creidmheasa Maoirseacht ar Árachas Miondíola Maoirseacht ar Bhainc Mhiondíola Maoirseacht ar Bhainc Mhórdhíola Maoirseacht ar Árachas Mórdhíola	James O'Brien Fiona McMahon Shane O'Neill John Moran Colette Drinan
Ard-Stiúrthóir Cúnta		
Patrick Brady	Beartas Stuamachta Rialachas agus Beartas Cuntasaíochta Riosca	Mary Burke Michael Deasy Folúntas
Ard-Stiúrthóir Cúnta		
Bernard Sheridan	Cosaint Tomhaltóirí	Sharon Donnery
Ard-Stiúrthóir Cúnta		
Con Horan Comhairleoir Speisialta (Gníomhach)	Maoirseacht Margaí Institiúidí Airgeadais agus Amúchadh Cistí Maoirseacht ar Sholáthraithe Seirbhíse Infheistíochta Idirbhearta Rialála	Martin Moloney Patricia Moloney George Treacy Folúntas
Ard-Stiúrthóir Cúnta		
Folúntas	Forfheidhmiú I Forfheidhmiú II	Derville Rowland (Gníomhach) Folúntas

Cairt Eagraíochta



Clár na nÁbhar

Cuid 1

Ráiteas Tosaigh an Ghobharnóra	7
Ráiteas Tosaigh an Chathaoirligh	8
Caibidil 1: Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí i 2009	12
Caibidil 2: Rialachas	49

Cuid 2

Oibríochtaí Airgeadais	56
Ráiteas na gCuntas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009	60
Athbhreithniú Bliantúil an Rialtóra Airgeadais	103

Cuid 1





Ráiteas Tosaigh an Ghobharnóra

Bhain na teipeanna i gcóras baincéireachta na hÉireann croitheadh as an ngeilleagar agus as an airgeadas poiblí agus bhí éifeachtaí an-díobhálacha acu a chuaigh i gcion ar bheagnach gach uile dhuine sa tsochaí. Bhí Éire ar cheann de na tíortha ar fhág an cor chun donais idirnáisiúnta a tharla le déanaí an lorg is mó uirthi agus d'fhulaing sí cailteanais ghéara san aschur agus dífhostaíocht a bhí cuid mhaith níos airde. Thug sé seo suntas do na dúshlán mhóra ó thaobh beartais de a bhí os comhair na tíre maidir le cobhsú na hearnála baincéireachta agus maidir len í a thabhairt ar ais chuig gnáthoibriú, le comhdhlúthú an airgeadais phoiblí agus le hathbhunú staid iomaíochais an gheilleagair. Tá dul chun cinn suntasach déanta chun aghaidh a thabhairt ar gach ceann den trí dúshlán seo i rith 2009 agus 2010 ach caithfear an móiminteam a choinneáil suas chun ionchais fháis an gheilleagair a uasmhéadú thar an méantéarma.

Chomh fada is a bhaineann linne, d'oibríomar go dian chun dea-bhail an chórais bhaincéireachta a athbhunú. Áirítear leis seo na bearta a ghlacamar le déanaí chun athbhreithniú a dhéanamh agus chun riachtanais chaipitil nua a leagan síos dár mbainc. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo eolas cinnte ar fáil maidir leis na huaschostais a bheidh ann don cháiniócóir mar thoradh ar an ngéarchéim baincéireachta agus go gcuirfeadh se ar chumas na mbanc tosnú ag cur iasachtaí ar fáil arís agus tacaíocht a thabhairt don téarnamh gilleagrach.

Is dóigh liom, freisin, gur ghluaiseamar go tapa chun ár n-eagraíocht féin a athchóiriú chun na ceachtanna atá foghlamtha againn go dtí seo faoin ngéarchéim airgeadais a chur san áireamh, lena n-áirítear na cinn atá leagtha amach i mo thuarascáil don Aire Airgeadais a foilsíodh i mBealtaine 2010.

Táthar tar éis ceannasaí nua ar rialáil airgeadais a cheapadh, duine a bhfuil cuid mhaith saineolais agus scileanna aige a rannchuideoidh chun cúrsaí rialála in Éirinn a uasghrádú agus a athstruchtúrú. Tabharfar tuilleadh tacaíochta do na ceannasaithe ar bhaincéireacht cheannais agus ar rialáil airgeadais faoi seach trí líon áirithe de phearsanra sinsearach a cheapadh a mbeidh taithí acu.

Den chuid is mó, tá struchtúir inmheánacha, nósanna imeachta agus socruithe nua bunaithe againn. Táthar ag súil go n-achtófar An Bille um Athchóiriú an Bhainc Ceannais sa bhliain 2010 agus cruthóidh sé seo eagraíocht aonadach aonair a bheidh freagrach as baincéireacht cheannais agus as rialáil airgeadais araon.

Tá an cur chuige seo ar aon dul le socruithe atá molta ag leibhéal an AE chun a chinntiú go mbeidh cur chuige níos comhtháite ann idir measúnuithe ar chobhsaíocht airgeadais agus maoirseacht institiúidí aonair. In oirchill na reachtaíochta seo, táimid ag iompú go tapa inár n-eagraíocht aonadach gan bacainní bréige nach gá. Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil seo, an chéad tuarascáil a ionchorpraíonn tuarascálacha bliantúla an Bhainc Ceannais agus an Rialtóra Airgeadais in aon fhoilseachán amháin, an scéal mar atá maidir lenár struchtúir nua.

Gabhann ár plean straitéiseach don tréimhse 2010 go dtí 2012 leis an dTuarascáil seo. Is é réiteach na géarchéime baincéireachta an cion oibre is mó atá le críochnú i rith saolré an phlean seo. Bainfear é seo amach trí shamhail nua rialála a chur i bhfeidhm agus measúnú feabhsaithe de chobhsaíocht airgeadais. Tá sé riachtanach freisin go leanfaidh an eagraíocht de bheith ag comhlíonadh a cuid mórfheidhmeanna eile, eadhon, rannchuidiú le cobhsaíocht praghsanna agus ár bhfreagrachtaí i gcoitinne mar bhall de Chóras an Euro a chomhalladh, cinntiú go gcuireann infrastruchtúr na seirbhísí airgeadais an éifeachtúlacht is gá ar fáil – chomh fada is a bhaineann le híocaíochtaí, urrúis agus airgead tirim – don ngeilleagar, chun comhairle údarásach eacnamaíoch a chur ar fáil, agus chun cuidiú le tomhaltóirí trínár sainordú maidir le cosaint tomhaltóirí.

Maidir lenár gcuntais airgeadais, b'ionann brabús an Bhainc Ceannais don bhliain go dtí 31 Nollaig 2009 agus €933.8 milliún. Tar éis tuillimh choimeádta, íocfar ioncam barrachais de €745.5 milliún chuig an Státchiste.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, John Hurley, a chuaigh ar scor i Meán Fómhair 2009, go háirithe as trasdul éifeachtach rianúil a chinntiú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na stiúrthóirí as a gcion oibre i rith na bliana.

Gabhaim buíochas leis na baill foirne go léir as a gcuid oibre i ndálaí a bhí deacair agus as glacadh leis an dúshlán cumas ár n-eagraíochta a fheabhsú chun an dúshlán is mó atá romhainn a bhaint amach, sé sin chun córas airgeadais na hÉireann a dhéanamh cobhsaí agus éifeachtach agus chun a chinntiú go n-oibreoidh sé ar mhaithe le leas a thomhaltóirí.

Pádraig Ó hUanacháin
Gobharnóir



Ráiteas Tosaigh an Chathaoirligh

Mar fhreagra ar ghéarchéim an chórais airgeadais, sa bhliain 2008 thionscnaíomar athruithe bunúsacha ar rialáil sholáthraithe seirbhísí airgeadais, go háirithe na bainc atá clúdaithe ag ráthaíocht an rialtais. Ghlacamar le cur chuige níos déine – ag díriú ar roinnt áirithe eochairlimistéar sa bhaincseirbhíocht, ina measc, caipiteal, leachtacht, neamhchosaint creidmheasa agus rialachas inmheánach. Chuimsigh an cur chuige nua seo i leith maoirseachta oibleagáidí tuairiscithe níos déine, i dtreo is go mbíonn sonraí níos cuimsithí againn anois ar bhonn tráthúil. Thairis sin, cuireadh roinnt dár bhfoireann maoirseachta isteach go dtí an láthair oibre sna bainc mhiondíola intíre, ní hamháin chun a ndualgais iniúchta a chomhlíonadh ar bhealach níos fóiréinsí, ach freisin chun imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ina n-oibríonn na boird agus an bhainistíocht. Thugamar faoi clár earcaíochta, atá fós ar siúl, chun acmhainní a chur ar fáil don réim rialála níos déine seo.

Nuair a achtófar an Bille um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, cuirfidh sé cumhachtaí nua reachtúla ar fáil dúinn chun a chinntiú go bhfuil na daoine atá freagrach as soláthraithe seirbhísí airgeadais a bhainistiú i gcónaí cuí agus cóir chun é seo a dhéanamh. D'fhoilsíomar páipéar comhairliúchain le déanaí freisin ar na rialacha maidir le rialachas corparáideach a threiseoidh ó bharr anuas an chaoi ina gcaithfear institiúidí airgeadais a bhainistiú.

Ag deireadh 2009 d'fhógraíomar go raibh Matthew Elderfield ceaptha againn mar cheannasaí ar Rialáil Airgeadais agus tá ár gcur chuige stráitéiseach do na blianta atá le teacht leagtha amach aige cheana féin. Áirítear leis seo cur chuige forránach riosca-bhunaithe a ghlacadh i dtaca le rialáil a bhfuil bagairt inchreidte an fhorfheidhmithe mar thaca faoi. Ciallaíonn cur chuige rialála riosca-bhunaithe go gcoigeartaímid déine ár gcaighdeán rialála agus an cur chuige maoirseachta ó lá go lá ag brath ar phróifíl riosca na ngnólaíochtaí agus na n-earnálacha atá á maoirsiú againn. Táimid ag díriú agus leanfaimid de bheith ag díriú ár n-iarrachtaí agus ár n-acmhainní ar an áit in bhfuil na rioscaí is mó. Áiteoidimid go ndéanfar na ngnólaíochtaí is mó agus is rioscúla a bhainistiú níos fearr agus go mbeidh siad níos cuntais as a ngníomhartha.

Forbróidh ár gcur chuige i dtaca le forfheidhmiú freisin sa bhliain atá romhainn de réir mar a bhunaímid rannán speisialaithe forfheidhmithe. Beidh go leor acmhainní aige seo chun cur in iúl go bhfuil bagairt inchreidte ann go ndéanfar gníomh forfheidhmiúcháin más gá. Táthar chun

an dara Bille um an Banc Ceannais a fhoilsiú níos deireanaí sa bhliain agus cuirfidh se seo cumhachtaí forfheidhmithe níos láidre ar fáil dúinn.

Chomh fada is a bhaineann le cosaint tomhaltóirí, tá sé mar aidhm againn cur leis an gcreatlach láidir atá ann cheana a forbraíodh le blianta beaga anuas. Sa bhliain 2009, neartaíomar an creatlach trí chóid nua a thabhairt isteach maidir le riaráistí morgáiste agus iasachtú gnó do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide. Áirítear i measc na n-eochairchuspóirí don bhliain 2010 athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí agus ar na hÍoslí-Cheanglais Inniúlachta.

Is léir má táthar chun córas feabhsaithe maoirseachta a oibriú go héifeachtach go mbeidh gá le méadú suntasach breise in acmhainní. Séard atá i gceist ná pearsanra (tá méadú suntasach i bpearsanra rialála tús cadhnaíochta bunriachtanach), chomh maith le hoiliúint agus forbairt. Caithfear talamh maith a dhéanamh freisin i réimse na TF, mar shampla córais nua a fhorbairt chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar na margáí.

Tá roinnt ceapachán sinsearach déanta againn cheana agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh againn chun ár struchtúir a fhorbairt ag leibhéal rannach. Tá tús maith curtha leis an obair chun baill foirne a bhfuil na scileanna maoirseachta is gá agus taithí sa mhargadh airgeadais acu a earcú. Sa bhliain 2009 críochnaíodh Tuarascáil Mazars, a choimisiúnaíomar sa bhliain 2008, ar phróisis ghnó laistigh den Rialtóir Airgeadais agus tá dul chun cinn suntasach déanta againn chun a moltaí a chur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo siúd go léir a chuidigh leis an Rialtóir Airgeadais chun a chuid oibre a chomhlíonadh i rith na bliana agus chun é a threorú ar an mbealach chuig timpeallacht nua rialála. Mo bhuíochas don Aire Airgeadais agus dá chuid oifigigh, do bhaill an Údaráis agus do na baill foirne go léir. Táthar an-bhuíoch as an obair chrua a rinne siad agus as a dtiomantas. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Gobharnóir Honohan agus le Gobharnóir Hurley as a gcabhair agus a dtacaíocht agus guím gach rath ar an nGobharnóir Hurley agus é ar scor. Ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil le Mary O'Dea, as glacadh le ról an Phríomhfheidhmeannaigh Gníomhaigh sa bhliain 2009 agus as an bhfeidhm a chomhlíonadh go sármhaith.


Jim Farrell
Cathaoirleach

Sracfhéachaint ar 2009




2009: Sracfhéachaint ar an mBanc

Barrachas Ioncaim Íoctha leis an Státchiste




Mhéadaigh an barrachas ioncaim íoctha leis an Státchiste chuig €745.5 milliún.

Sócmhainní Iomlána




Mhéadaigh Sócmhainní Iomlána go dtí €124.9 billiún.

Líon na nOibríochtaí Margaidh Oscailte




Bhí tuairim is 240 oibríocht a reáchtáil an Banc thar ceann Chóras an Euro.

Eisiúint Nótaí Bainc agus Bonn Airgid



Thit líon na nótaí bainc a eisíodh (412 milliún i 2009 ó 457 milliún i 2008) agus thit líon na mbonn a eisíodh freisin (112 milliún i 2009 ó 284 milliún i 2008).


Líon na Soláthraithe Seirbhíse Rialaithe Airgeadais



Thit líon na soláthraithe seirbhíse rialaithe airgeadais faoi 369 go dtí 14,563 gnólaigh.


2009: Sracfhéachaint ar an nGeilleagar

Fíor-OTN




Chrap an geilleagar i 2009, le OTN ag titim faoi 11.3 faoin gcéad i dtéarmaí réadacha.

Boilsciú (HICP)




Ba é -1.7 an meántomhas boilscithe HICP i 2009.

Iarmhéid Ginearálta Rialtais mar % den OTI




B'ionann an t-easnamh Ginearálta Rialtais agus 14.3 faoin gcéad den OTN i 2009.

Ráta Dífhostaíochta




Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta go dtí meán de 11.8 faoin gcéad i 2009.

Praghsanna Náisiúnta Tithe



Lean praghsanna tithe ag titim, le praghsanna ag titim faoi 18.5 faoin gcéad bliain ar bhliain faoi dheireadh 2009.

Creidmheas san Earnáil Phríobháideach



Thit creidmheas na hearnála príobháidí (coigeartaithe) 7.6 faoin gcéad bliain ar bhliain faoi dheireadh 2009.

Caibidil 1:

Príomhghníomhaíochtaí
agus Forbairtí i 2009



1. Réamhrá¹

Ar phríomhghníomhaíochtaí na heagraíochta le linn 2009 bhíothas fós ag freagairt don ghéarchéim sna margaí idirnáisiúnta agus intíre araon. D'oibríomar chun folláine an chórais bhaincéireachta a chur ar a bhonnaibh arís agus ar an gcaoi sin ardán a chur ar fáil le go bhféadfaí an soláthar creidmheasa do theaghlaigh agus do ghnóthaí beaga a mhéadú agus fás eacnamaíochta a chothú. Baineadh seo amach trínár bhfeidhmeanna Bainc Ceannais agus Rialála, go háirithe ar na bealaí seo a leanas - (i) ár mballraíocht i gCóras na Euro agus an soláthar leachtachta, (ii) rannpháirt an Gobharnóra i gceapadh beartais airgeadaíochta, (iii) soláthar cobhsaíochta airgeadais agus comhairle eacnamaíochta don Rialtas, (iv) samhail mhaoirseachta níos treallúsaí d'institiúidí creidmheasa atá clúdaithe ag an scéim ráthaíochta, (v) tús le hathbhreithniú ar leordhóthanacht an chaipitil stuamachta d'institiúidí móra agus (vi) tabhairt isteach cóid iompraíochta do riaráistí morgáiste agus iasachtaí gnó a tugadh d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Cé gur dhírigh an eagraíocht d'fhormhór ar an éagobhsaíocht airgeadais leanúnach, cuireadh a lán gníomhaíochtaí eile i gcrích le linn 2009. Tá na gníomhaíochtaí sin ag teacht lenár bpríomhfhreagrachtaí:

- » Seasamh beartais airgeadaíochta agus a chur i bhfeidhm;
- » Cobhsaíocht airgeadais;
- » Anailís eacnamaíochta, taighde agus staitisticí;
- » Maoirseacht ar institiúidí creidmheasa;
- » Maoirseacht ar aonáin árachais;
- » Maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí infheistíochta;
- » Maoirseacht ar chistí;
- » Maoirseacht ar chomhair chreidmheasa;
- » Maoirseacht ar mhargaí;
- » Bearta forfheidhmiúcháin agus rialála;
- » Cosaint tomhaltóirí agus soláthar eolais dóibh;
- » Córais íocaíochtaí agus seirbhísí airgeadra; agus
- » Bainistiú sócmhainní infheistíochta.

D'oibríomar freisin chun ár bpríomhphróisis inmheánacha a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, riosca oibríochta agus leanúnachas gnó, iniúchadh inmheánach agus seirbhísí dlí, cumarsáid agus forbairt straitéiseach.

2. Seasamh Beartais Airgeadaíochta agus a Chur i bhFeidhm

Tar éis don ghéarchéim airgeadais dhomhanda éirí i bhfad níos déine in Earrach na bliana 2008, is dúshlánach an timpeallacht a bhí ann i 2009 de réir mar a tháinig impleachtaí na géarchéime airgeadais níos mó chun solais. Sa chomhthéacs seo, agus de réir cuspóirí, lean an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus Córas an Euro ag freagairt do thosca eacnamaíochta agus airgeadais ar fud limistéar an euro trí leasú a dhéanamh ar phríomhrátaí úis chomh maith le raon beart tacaíochta a chur i ngníomh chun tuilleadh creidmheasa a sholáthar. D'fhan líon na n-oibríochtaí beartais airgeadaíochta ard de réir caighdeán stairiúla. D'fhan líon na n-oibríochtaí leachtacha a chuir an Banc Ceannais i ngníomh, thar ceann Chórais an Euro, ag leibhéal ard freisin, mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais.

Cinntí Beartais Airgeadaíochta an BCE agus Forbairtí ar Phríomhrátaí Úis an BCE


Mar bhall de Chomhairle Rialaithe an BCE glacann an Gobharnóir páirt i ngach cinneadh de chuid na Comhairle. De ghnáth tagann an Chomhairle Rialaithe le chéile dhá uair sa mhí. De réir mar atá an Chomhairle ag beartú ar chinneadh, déantar measúnú ar an suíomh eacnamaíochta i limistéar an euro i gcoitinne agus cibé acu an bhfuil rátaí úis reatha an BCE fós oiriúnach chun a bpríomhchuspóir a bhaint amach – eadhon, cobhsaíocht praghsanna a choinneáil, i limistéar an euro.

I gcomhthéacs na mbrúnna boilscitheacha agus droch-chor chun donais, lean an Chomhairle Rialaithe ag laghdú príomhrátaí úis an BCE le linn chéad leath 2009 (Cairt 1). Tar éis laghdú iomlán de 175 bonnphointe i gceathrú ráithe de 2008, d'ísligh an Chomhairle Rialaithe na príomhoibríochtaí maoiniúcháin (POM) faoi 150 bonnphointe² sa bhreis, idir Eanáir agus Bealtaine 2009, chuig 1 faoin gcéad.

1 Le linn na Caibidle seo, tagraíonn an téarma 'eagraíocht' don Bhanc Ceannais agus don Rialtóir Airgeadais araon.

2 Bhíothas tar éis é a chúngú ó 200 go 100 bonnphointe i 2008.

Cairt 1: Éabhlóid Phríomhrátaí Úis an BCE



Foinse: www.ecb.int

Idir Eanáir agus Bealtaine 2009, laghdaíodh an áis taisce agus na rátaí imeallacha iasachta faoi 175 bonnphointe agus 125 bonnphointe faoi seach. Thug na laghduithe seo an ráta áise taisce go dtí 0.25 faoin gcéad agus an ráta imeallach iasachta go dtí 1.75 faoin gcéad, agus ar an gcaoi sin leathnaíodh bealach na rátaí áise seasta chuig 150 bonnphointe. D'fhan gach príomhráta úis oifigiúil gan athrú ó mhí Bealtaine 2009 i leith

- » Soláthar rialta leachtachta in airgeadraí eachtracha (dollair SA agus francanna na hEilvéise);
- » Ceannach amach na mbannaí clúdaithe arna n-ainmniú in euro i limistéar an euro; agus
- » Níos déanaí i 2010, ceannach urrús i leith féich euro limistéir phoiblí agus phríobháidigh.

Bearta Tacaíochta chun Creidmheas Feabhsaithe a Sholáthar

Chomh maith le rátaí a laghdú, chuir an Chomhairle Rialaithe lena bearta tacaíochta feabhsúcháin creidmheasa chun feabhas a chur ar chur ar aghaidh an bheartais airgeadaíochta. Bearta neamhchaighdeánacha a bhí sna bearta seo chun feabhas a chur ar thosca maoiniúcháin agus éascú a dhéanamh ar chur ar aghaidh na bpríomhrátaí úis níos ísle de chuid an BCE chuig an margadh airgid agus chuig rátaí iasachta bainc. Ceapadh na bearta ionas go mbeidís in oiriúint do struchtúr airgeadais limistéar an euro agus do thosca sonracha na géarchéime airgeadais. Tríd is tríd, tugadh isteach sé cinn de phríomhbhearta ó thúis na géarchéime;

- » Soláthar leachtachta gan teorainn (leithroinnt iomlán) do bhainc i limistéar an euro ag ráta seasta i ngach oibríocht athmhaoiniúcháin;
- » Fadú aibíocht uasta na n-oibríochtaí athmhaoiniúcháin ó thrí mhí go bliain amháin;
- » Fadú liosta na sócmhainní incháilithe le húsáid mar chomhthaoibhacht in oibríochtaí creidmheasa Chóras an Euro;

Ar na nithe ba shuntasáí le linn 2009 bhí tabhairt isteach oibríochtaí athmhaoiniúcháin le haibíocht bliana agus seoladh an chláir um cheannach bannaí clúdaithe (CCBC). Bhí na hoibríochtaí athmhaoiniúcháin bliana sceidealaithe le haghaidh mhí an Mheithimh, mhí Mheán Fómhair agus mhí na Nollag 2009. Fógraíodh go reáchtálfaí an CCBC thar thréimhse dhá mhí dhéag, ag tosú i mí Iúil 2009 agus go mbeadh suim spriodchíríte ainnmiúil aige de €60 billiún. Ag teacht leis na bearta maolúcháin creidmheasa agus laghdú i rátaí oifigiúla úis, laghdmaigh rátaí úis sna margáí airgeadais go suntasach.

Ceapadh na bearta tacaíochta feabhsúcháin creidmheasa sa chaoi is go bhféadfaí iad a thabhairt chun deiridh ar bhonn céimneach tráth nach measfaí gá a bheith leo a thuilleadh. Thosaigh an Chomhairle an próiseas sin tuairim is deireadh 2009, cé gur tharla an ghéarchéim fiachais cheannasach i 2010, agus mar thoradh air seo go raibh gá breathnú arís ar an gcinneadh seo. An cúla a bhain le cinneadh na Comhairle i mí na Nollag 2009 tosú ar dheireadh a chur le bearta neamhchaighdeánacha ar bhonn céimneach ná feabhsú seasta ar mhargai airgeadais le linn 2009. Cinneadh go mbeadh na

hOibríochtaí Fadtéarmacha Athmhaoiniúcháin (OFAanna) arna sceidealú do mhí na Nollag 2009 agus do mhí Márta 2010 faoi seach, ar na AFOanna deiridh dá gcineál.

Chomh maith leis sin, chinn an Chomhairle Rialaithe go socrófaí ráta an AFO Bliana ó mhí na Nollag ag meánráta tairisceana íosta an AFO thar thréimhse mharthana na hoibríochta. Ar an gcaoi chéanna, toisc go raibh tosca feabhsaithe i margaí maoiniúcháin na SA agus éileamh teoranta ar dhollar na SA i gCóras na Euro scoradh de gach oibríocht athcheannacháin dhollar na SA agus oibríochtaí malartaithe dhollar na SA. Scoradh d'oibríochtaí malartaithe a sholáthraigh leachtacht do fhranc na hEilvéise ar an 31 Eanáir 2010

Forbairtí le linn 2010

Ó shin i leith, thug Comhairle Rialaithe an BCE isteach bearta sonracha chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fiachais cheannasach. I mí Bealtaine 2010, d'fhógair an BCE athruithe ar incháilitheacht na n-ionstraimí fiachais arna n-eisiúint nó ráthaithe ag rialtas na Gréige, eadhon tairseach rátála íosta creidmheasa a chur ar fionraí a bhain le riachtanais incháilitheachta taobhachta chun críocha oibríochtaí creidmheasa Chóras an Euro i gcás ionstraimí fiachais indíolta arna n-eisiúint nó arna ráthú ag rialtas na Gréige. Gheall an Chomhairle go soláthrófaí rochtain neamhtheoranta do chóras baincéireachta limistéar an euro ar athmhaoiniúchán bainc ceannais tríd oibríochtaí gearrthéarmacha (le haibíocht seachtaine agus míosa), a fhad is a bheadh gá leis agus go dtí lár mhí Dheireadh Fómhair 2010 ar a laghad. Ina dhiaidh sin, thug an Chomhairle Rialaithe isteach bearta breise lena n-áirítear idighabhálacha i margaí urrús i leith féich euro limistéir phoiblí agus phríobháidigh, glacadh le gnáthamh tairisceana ráta sheasta le leithdháileadh iomlán in oibríochtaí rialta fadtéarmacha athmhaoiniúcháin 3 mhí (AFOanna), AFO 6 mhí le leithroinnt iomlán, agus athghníomhaíochtú a dhéanamh, i gcomhar le bainc cheannais eile, ar línte sealadacha malairte leachtachta leis an gCúlchiste Feidearálach, agus oibríochtaí soláthair leachtachta dhollar na SA a atosú.

Oibríochtaí Airgeadaíochta

Bhí soláthar leachtachta do phríomhbhainc intíre ina chomhchuid lárnach de fhreagairt an Bhainc Ceannais don ghéarchéim airgeadais. Cuireann an Banc Ceannais, thar ceann Chóras na Euro, leachtacht ar fáil do chontrapháirtithe atá lonnaithe in Éirinn agus glacann páirt freisin i soláthar beart tacaíochta feabhsúcháin creidmheasa. Cuireann an banc áiseanna

speisialta leachtachta ar fáil freisin, i gcás go bhfuil gá leis, lasmuigh d'oibríochtaí Chóras an Euro.

Le linn 2009, cuireadh formhór na leachtachta i gcóras baincéireachta limistéar an euro ar fáil tríd oibríochtaí athmhaoiniúcháin bliana. Reáchtáladh oibríochtaí mhí an Mheithimh agus mhí Dheireadh Fómhair mar ghnáthaimh tairisceana ráta sheasta le leithroinnt iomlán ag ráta an AFO. Ar cheann de ghnéithe an bheartais um leithroinnt iomlán ráta sheasta ná go dtógann bainc, i gcomhiomlán, níos mó leachtachta ó Chóras an Euro ná mar is gá, agus cuirtear an barrachas leachtachta ar ais arís i gCóras an Euro tríd an áis taisce thar oíche. Roimh an gcéad oibríocht bliana i mí an Mheithimh, laghdaigh an méid fós amuigh den leachtacht a leithroinneadh ar fud oibríochtaí Chóras an Euro, óna bhuaicphointe de €857 billiún ag deireadh 2008 go dtí €622 billiún faoi mhí an Mheithimh 2009, agus mar thoradh air sin tá níos lú leachtachta sa chóras agus úsáid laghdaithe na háise taisce thar oíche. Cibé scéal é, léirigh an laghdú seo gníomh straitéiseach a rinne na bainc chun iad féin a shuí le go mbeidís in ann tairiscintí a dhéanamh go gníomhach san oibríocht bliana. Bhí an t-iontaoibh in oibríocht bliana mhí an Mheithimh substainteach, agus fuair bainc comhiomlán de €442 billiún ar iasacht, agus mar sin b'ionann an méid iomlán amuigh a fuarthas ar iasacht, agus an buaicphointe is airde riamh de €897 billiún. Léiríodh seo sa bharrachas leachtachta de €300 billiún a cuireadh ar ais arís ar an áis taisce thar oíche. An toradh a bhí ar an mbarrachas leachtachta seo ná brú síos breise a chur ar rátaí margaidh airgid euro ar fud an chuair le ráta margaidh thar oíche (EONIA) ag trádáil ar an meán 55 bonnphointe faoi ráta an AFO de 1.00 faoin gcéad. Amhail ag deireadh 2009, b'oibríochtaí leachtachta le haibíocht bliana iad 82 faoin gcéad d'iasacht iomlán amuigh Chóras an Euro, agus ní dhearna na AFOanna seachtainiúla, a sholáthraigh formhór na leachtachta don chóras airgeadais roimhe seo, suas ach 11 faoin gcéad.

Tháinig méadú géar ar líon na n-oibríochtaí leachtachta a rinne an Banc, thar ceann Chóras an Euro, mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais: ó 70 oibríocht gach bliain roimh an ngéarchéim go dtí 240 oibríocht sa bhliain 2009. Áirítear ina measc seo oibríochtaí leachtachta dhollar na SA agus fhranc na hEilvéise. B'ionann líon na gcontrapháirtithe d'oibríochtaí leachtachta agus 45 ag deireadh 2009, agus seo gan athrú ón mbliain roimh ré. D'ardaigh iomlán na hiasachta beartais airgeadais a chuir an Banc ar fáil do bhainc lonnaithe in Éirinn, lena n-áirítear úsáid na háise imealláí iasachta, chuig buaicphointe de €130 billiún faoi dheireadh mhí

an Mheithimh 2009, ó €93 billiún ag deireadh 2008. Laghdaigh an méid seo go €93 billiún faoi dheireadh 2009 agus go dtí €85 billiún ag deireadh Mhárta 2010.

Léiríonn na figiúir seo do dheireadh mhí Márta iasachtaí do bhainc mhiondíola agus idirnáisiúnta araon, atá lonnaithe in Éirinn, le breis is 65 faoin gcéad faighte ar iasacht ag bainc agus láithreachtaí thábhachtach mhiondíola in Éirinn agus gnó suntasach le teaghlaigh agus le corparáidí neamhairgeadais.

Maidir leis an gClár um Cheannach Bannaí Clúdaithe (CCBC), a thosaigh i mí Iúil 2009, cheannaigh Córas an Euro €49 billiún de bhannaí clúdaithe i margaí príomhúla agus tánaisteacha araon faoi dheireadh Aibreán 2010.

D'éirigh go maith le CCBC eisiúint bannaí clúdaithe nua a spreagadh, an margadh tánaisteach a athlasadh arís agus laghdú suntasach a bhaint amach i leathadh thoradh na mbannaí clúdaithe.

Bhí leachtacht fós ina fadhb d'institiúidí ráthaithe le linn 2009. Ag teacht leis an gcur chuige níos treallúsaí maidir le maoirseacht bhí teagmháil ghníomhach ann le hinstiúidí chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus aibíocht a maoiniúcháin faoi seach. Mar chroílár na hoibre seo bhí gá a chinntiú go raibh institiúidí ag comhlíonadh na "gCeanglas do Bhainistiú Riosca Leachtachta" chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar gach riosca cisteáin eile. Ar na príomhthascanna eile bhí gá monatóireacht a dhéanamh ar thionchar dheireadh scéim ráthaíochta an Rialtais i Meán Fómhair 2010 agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar mhaoiniú faoi Scéim Maoiniúcháin Institiúidí Creidmheasa (Ráthú Dlíteanas Incháilithe) 2009.

3. Cobhsaíocht Airgeadais

Ar na príomhdhúshláin a bhí ann le haghaidh 2009 bhí cobhsaíocht a fháil ar ais sa chóras baincéireachta, agus bhí seo amhlaidh isteach i 2010. Leanadh ar aghaidh leis an idirghabháil le gníomhaireachtaí Stáit eile mar chuid den chomhfhreagairt don ghéarchéim. Lean an Banc ar aghaidh ag cur comhairle ar an Rialtas faoi shaincheisteanna a bhain leis an gcóras airgeadais le linn 2009. Áiríodh i measc na bpríomhchinntí a ghlac an Rialtas le linn na tréimhse sin iad seo a leanas:

- » Náisiúnú an Bhainc Angla-Éireannaigh;
- » Caipiteal a chur isteach (scaireanna tosaíochta) i mbainc intíre níos mó;

- » Bunú na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistiú Sócmhainní; agus
- » Tabhairt isteach na scéime ráthaíochta do dhliteanais incháilithe.

Tugadh ról feabhsaithe do Choiste Cobhsaíochta Airgeadais (CCA) Inmheánach an Bhainc i 2009 i ndáil le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna cobhsaíochta airgeadais. Tá an Gobharnóir anois ina chathaoirleach ar an CCA; rinneadh uasdátú ar a théarmaí tagartha ó thosaigh an ghéarchéim agus reáchtáiltear a chruinnithe ar bhonn níos rialta.

Bainistiú Géarchéime

Tá príomhról ag an mBanc i mbainistiú na géarchéime airgeadais, agus, le linn 2009, leanamar ag déileáil leis an scéal de réir mar a d'imigh sé ar aghaidh sa chóras airgeadais. D'éascaigh na struchtúir inmheánacha againn leibhéal ard idirghníomhaíochta ar fud na réimsí iomchuí den eagraíocht, lena n-áirítear an réimse maoirseachta, cruinnithe rialta le coistí éagsúla inmheánacha agus grúpaí oibre ag tarlú. De réir mar a bhí na tascanna seo á gcur i gcrích againn, d'oibrigh an Banc go dlúth le húdaráis intíre eile, go háirithe an Roinn Airgeadais.

Ó taobh na dtionscnamh bainistithe géarchéime a bhí ar bun le linn 2009 ag leibhéal an hEorpa, thosaigh obair nó lean obair ar aghaidh i roinnt réimsí lena n-áirítear, ualach a roinnt; leasú ar phrionsabail intíre/ósta; uirlisí don idirghabháil luath, lena n-áirítear creatlacha réitigh trasteorann; tograí chun rialú a dhéanamh ar institiúidí atá tábhachtach ó thaobh an chórais de (ITCanna); agus tionscnaimh a fhorbairt i ndáil le scéimeanna ráthaíochta taisce ag leibhéal na hEorpa.

Cuireadh tús le tionscadal le linn 2009 chun creatlach nua modheolaíochta a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar chobhsaíocht airgeadais. Áiríonn seo táscairí a fhorbairt chun breathnú chun tosaigh ar riosca banc-shonrach agus riosca córais ag baint úsáide as sonraí ón margadh airgeadais nó ón gclár comhardaithe.

Tá táscairí á bhforbairt bunaithe ar phraghsanna margaidh na n-urrús trádáilte chun iarracht a dhéanamh cainníochtú a dhéanamh ar riosca córais. Tá na táscairí seo rithábhachtach le measúnú macra-stuamachta a dhéanamh ar chobhsaíocht agus tá sé beartaithe iad a úsáid mar tháscairí le rabhadh luath a thabhairt faoin mbrú sa chóras airgeadais.



An Gobharnóir Patrick Honohan ag freastal ar chruinniú den Chomhairle Rialaithe i Vín, Deireadh Fómhair 2009.

Chomh maith le measúnú a dhéanamh ar ghnólachtaí intíre, baineann réimse tábhachtach de mheasúnú cobhsaíochta airgeadais le rioscaí a d'fhéadfadh a charnadh mórthimpeall gnólachtaí móra airgeadais ó Éirinn in earnálacha na baincéireachta, an árachais agus na gcistí. Le linn 2009, d'ullmhaigh an Banc anailís ar an gceist lena n-áirítear breithniú ar thoisí, idirnascadh agus sofaisticiúlacht agus méid an speisialaithe atá i gceist le hoibríochtaí seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta agus mionscrúdú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil níos mó baol ag baint, go hintreach, le roinnt díobh ná mar atá le cinn eile. Táimid ag cur lenár n-anailís ar an réimse seo.

Údaruithe

Mar chuid den phróiseas údaraithe agus éadálacha do ghnólachtaí seirbhísí airgeadais, faoi fhorálacha Acht an BCÚSAÉ (2003), téann an Rialtóir Airgeadais i gcomhairle leis an mBanc Ceannais faoi aon iarratas a bhféadfadh impleachtaí a bheith aige do chobhsaíocht airgeadais. Sa bhliain 2009, chuathas i gcomhairle leis an mBanc Ceannais faoi 2 éadail agus 9 n-údarú d'institiúidí a bhí bainteach le baincéireacht agus árachas araon.

Forbairtí Idirnáisiúnta

Bhí páirt againn san athbhreithniú ar chobhsaíocht airgeadais agus i mbeartais mhaoirseachta ag an leibhéal idirnáisiúnta, trínár rannpháirt sa BCE agus ár mballraíocht ar choistí maoirseachta an AE agus ar fhórait idirnáisiúnta eile. An fhorbairt is ábhartha dár gcuid oibre ná forbairt a bhain le bonneagar Eorpach do shaincheisteanna cobhsaíochta airgeadais agus maoirseachta.

Thug an Coimisiún Eorpach mandáid don ghrúpa de Larosière comhairle a sholáthar maidir leis an todhchaí atá i ndán do rialáil agus maoirseacht Eorpach agus chuir an grúpa a thuarascáil ar fáil i mí Feabhra 2009. Áiríodh i measc mholtaí an ghrúpa go leasófaí ailtireacht mhaoirseachta an AE bunaithe ar dhá chrann taca: maoirseacht mhacra-stuamachta agus micrea-stuamachta, a mbeadh mar aidhm acu feabhas a chur ar chobhsaíocht san Eoraip agus a chinntiú go mbeadh páirc imeartha cothrom ann don tionscal seirbhísí airgeadais. Áiríodh sa tuarascáil freisin roinnt moltaí maidir le leasú rialála ar chreatlach an AE do sheirbhísí airgeadais. Tar éis moltaí an ghrúpa a fhormhuiniú, bhí comhairliúchán ann sa Choimisiún Eorpach faoi forbairt a thograí beartais. Chuireamar ár dtuairimí in iúl sa

chomhairliúchán seo - comhairliúchán a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis. Ina dhiaidh sin chinn an Coimisiún Bord Riosca Córais Eorpach (BRCE) a bhunú agus líonra de Mhaoirseoirí Airgeadais an Chórais Eorpaigh (MACE) lena n-áirítear Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha.

Beidh an BRCE ina chóras uile-Aontais Eorpaigh a bheidh ann chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí poitéinsiúla do chobhsaíocht airgeadais an AE agus na rioscaí sin a chosc. Beidh ar an BRCE monatóireacht a dhéanamh ar fhóntacht an chórais airgeadais i gcoitinne.

Féadfaidh seo réimsí an-éagsúla a chlúdach, idir shuíomh airgeadais na mbanc agus bholgáin sócmhainní a d'fhéadfadh bheith ann nó feidhmiú maith na mbonneagar margaidh. Beidh ar an BRCE gach riosca féideartha a shainaithint, tús áite a thabhairt dóibh agus rabhaidh a eisiúint i gcás go bhfuil sé den tuairim gur rioscaí suntasacha iad. Beidh ionadaíocht leathan institiúidí laistigh den BRCE lena chinntiú go gcoinneofar dearcadh domhanda macra-stuamachta i measúnuithe riosca an BRCE, lena n-áirítear gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta, na hÚdaráis nua Maoirseachta Eorpacha, agus maoirseoirí náisiúnta. Freastalóidh an Gobharnóir agus Ceann an Rialtóra Airgeadais ar BRCE.

An dara crann taca de thogra an Choimisiúin Eorpaigh ná go gcruthófaí Córas Eorpach de Mhaoirseoirí Airgeadais – líonra de maoirseoirí airgeadais ó thíortha indibhidiúla agus trí Údaráis nua Maoirseachta Eorpacha (EMEanna). Reáchtálfadh an grúpa seo d'institiúidí maoirseachta micrea-stuamachta maoirseacht ag leibhéal an hEorpa. Beidh cumhachtaí breise ag na hÚdaráis nua Maoirseachta Eorpacha, lena n-áirítear mandáid le hoibriú ar son leabhar rialacha coiteann Eorpach do ghnólachtaí seirbhísí airgeadais agus éascú a dhéanamh ar mhalairt eolais agus ar chomhaontú idir údaráis maoirseachta náisiúnta.

4. Anailís Eacnamaíochta, Taighde agus Staitisticí

Anailís Eacnamaíochta agus Tráchttaireacht

Bhí an-fhócas ag cinnteoirí le bliain anuas nó mar sin ar fhorbairtí sa gheilleagar intíre agus idirnáisiúnta. Bhí ról tábhachtach ag an mBanc ar dhul i bhfeidhm ar bheartas eacnamaíochta trí mheán a thráchttaireachtaí minice, a réamhaisnéise, a thaighde agus a sholáthair

staitisticí airgeadais. Cuirimid iad seo ar fáil trínár bhfoilseacháin rialta agus ár bpáipéir thaighde, tríd irisí náisiúnta agus idirnáisiúnta, trí ráitis ón nGobharnóir agus páipéir ag comhdhálacha agus seimineáir (Féach Aguisín A do liosta cumarsáidí i 2009). Go himheánach, baintear feidhm as anailís eacnamaíochta agus taighde mar ionchur do mheasúnuithe cobhsaíochta airgeadais agus d'athbhreithnithe faoi leordhóthanacht an chaipitil stuamachta.

Sa réimse réamhaisnéis macra-eacnamaíochta lean an Banc ag soláthar réamh-mheastacháin macra-stuamachta don Fheasachán Ráithiúil agus d'ullmhaigh réamhtheilgean agus anailís do Réamhtheilgean Macra-eacnamaíochta Leathan Chóras an Euro, chomh maith le páirt a ghlacadh in anailís thuairimeach Chóras uile an Euro. Cuireadh i gcrích sé réamhaisnéis le linn na bliana, agus reáchtáladh dhá cheann díobh i gcomhthéacs Chleachtadh Réamhtheilgin Leathan Chóras an Euro agus reáchtáladh na ceithre cinn eile le go bhfoilseofaí iad i bhFeasachán Ráithiúil an Bhainc. I gcás na gcur chuige níos foirmiúla i leith réamhaisnéis eacnamaíochta bhí measúnuithe ag gabháil leo ar sheintimint ghnó bunaithe ar theagmhálacha le príomhghnólachtaí in earnálacha éagsúla ar fud an gheilleagair. Ghlacamar páirt freisin i bhfóraithe eile réamhaisnéise nach bhfuil i gCóras an Euro/BRCE (m.sh. .ECFE/AE) agus d'imeigh i gcomhairle le misin ECFE/CAI, gníomhaireachtaí rátálacha agus gníomhaireachtaí eile.

Lean an Banc ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí i mboilsciú agus iomaíochas le linn na bliana. Chomh maith le réamhaisnéis agus measúnuithe rialta foilsithe san Fheasachán Ráithiúil, leanadh leis an obair ar tháscairí iomaíochais, agus mar thoradh air sin tugadh isteach roinnt táscairí nua faoi phraghsanna agus iomaíochas i gcostais saothair.

Taighde

Chuir an Banc feabhas ar fheasacht faoina chuid taighde i 2009 nuair a foilsíodh a dhara Feasachán Taighde bliantúil. Is éard ata san fheasachán seo ná achoimrí neamhtheicniúla ar pháipéir theicniúla fhoilsithe an Bhainc, arb ionann a n-iomlán agus 16 sa bhliain 2009. Chomh maith leis sin, bhain ábhar na tráchttaireachta, na réamhtheilgean macra-eacnamaíochta agus na comhairle bheartais sa taighde a foilsíodh i 2009 le praghsanna tithe, fás, trádáil agus margat saothair, réamhaisnéis bhoilscithe agus cumas airgeadais. Cuirtear an taighde seo ar fáil sa tsraith *Technical Paper* de chuid an Bhainc. Mar a bhí i mblianta roimhe seo, lean an fhoireann ag foilsiú a lán den taighde in irisí eacnamaíochta idirnáisiúnta.

Chomh maith leis sin, bronnadh gradam Barrington ar pháipéar a rinne iniúchadh ar thosca a chinneann ceann scríbe easpórtálacha Éireannacha – ba ghradam seo don pháipéar is fearr ó eacnamaí óg Éireannach.

I dtionscnamh nua, i mí na Samhna 2009, d'óstálar ceardlann dhá lá faoin macra-eacnamaíocht. Bhí tinreamh maith ag freastal air seo le beagnach 50 eacnamaí, ó Éirinn agus ó bhainc cheannais náisiúnta eile agus ó institiúidí eacnamaíochta eachtracha.

Staitisticí

Lean an Banc ar aghaidh ag forbairt a aschur staitistiúil intíre le linn 2009. D'áirigh obair i rith na bliana forbairt ar thionscadal tuairiscithe gréasánbhunaithe chun feabhas a chur ar bhailiú agus ar scaipeadh staitisticí an bhainc, le foilsiú na chéad sonraí sceidealaithe do lár 2010. Foilsíodh táblaí nua mionsonraithe ar shócmhainní agus dlíteanais cistí infheistíochta den chéad uair le linn 2009. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le cuntais airgeadais ráithiúla a fhorbairt maille le staitisticí faoi eisiúint urrús, atá le scaoileadh i 2010.

Leanamar orainn ag comhlíonadh ár gceanglas reachtúil i leith an BCE ar raon leathan staitisticí airgeadais i 2009. D'áirigh siadsan an chéad soláthar don BCE de staitisticí sonracha faoi chistí infheistíochta miondealaithe de réir na straitéise infheistíochta ag na gnólachtaí seo. De bhreis air sin, cuireadh i bhfeidhm creatlach nua bailithe sonraí do chorpáirí feithiclí airgeadais (ar a dtugtar feithiclí sainchuspóra) agus tá na chéad sonraí le foilsiú go déanach sa bhliain 2010.

Ghlac an Banc páirt i bhforbairt bhreise na creatlaí staitistiúla ag leibhéal an hEorpa. I measc na bpríomhforbairtí bhí cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 951/2009 a dhéanann nuashonrú ar an gcreatlach dlí don bhailiú eolas staitistiúil a dhéanann an BCE. Tá obair shuntasach idir lámha freisin ar dhul i ngleic le bearnaí staitistiúla arna sainaithint le linn na géarchéime airgeadais.

Forbraíodh níos mó an dlúthchaidreamh oibre leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) i 2009, go háirithe maidir leis an réimse tuairiscí urrús-seachurrús d'institiúidí creidmheasa agus do chistí infheistíochta. A bhuíochas leis an gcur chuige comhoibritheach seo baineadh amach éifeachtaí sa dá institiúid agus cuidíodh le laghdú agus le cuíchóirí a dhéanamh ar an ualach ar fhreagróirí. Cuimsíonn na réimsí comhoibrithe comhordú na n-íocaíochtaí,

cuntais airgeadais agus staitisticí airgeadais rialtais.

Leanann an Banc leis ag cur raon leathan staitisticí ar fáil, go háirithe staitisticí airgeadais, creidmheasa agus baincéireachta trína fhoilseacháin mhíosúla agus ráithiúla. Foilsíodh freisin tuarascáil ar staitisticí árachais mhótair phríobháidigh, ag anailísiú treochtaí in ioncam ó phrímheanna, minicíocht timpistí, costais na n-éileamh agus sciar den mhargadh agus praghsáil i 2009.

5. Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa

Bainc Intíre

Sa bhliain 2009, rinne an Rialtóir Airgeadais maoirseacht ar institiúidí intíre atá clúdaithe faoi ráthaíocht an Rialtais ar bhonn níos treallúsaí. Is éard a bhí i gceist leis seo ná láithreachta rialta ar an láthair ag gach institiúid, lena n-áirítear freastal ar a chruinnithe ábhartha boird agus coistí inmheánacha. Reáchtáladh cruinnithe rialta freisin le hoifigigh thábhachtacha lena n-áirítear Príomhoifigigh Feidhmiúcháin, Príomhoifigigh Riosca, Cinn Cisteáin agus Creidmheasa. Chuidigh seo leis an Rialtóir Airgeadais monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí is a bhí na hinstitiúidí seo ag bainistiú riosca; chuidigh sé freisin leis rioscaí ag teacht chun cinn a shainaithint.

Le linn 2009 thuairiscigh an Rialtóir Airgeadais ar bhonn ráithiúil don Aire Airgeadais faoi a mhéid a bhí na hinstitiúidí seo ag comhlíonadh cheanglais Scéim Ráthaíochta an Rialtais agus théarmaí an athchaipitlithe. Mar chuid den phróiseas monatóireachta, chuir na hinstitiúidí atá ráthaithe Tuarascálacha Ráithiúla isteach faoi Ghéilliúlacht, a d'áirigh deimhniú neamhspleách iniúchóirí seachtracha na n-institiúidí, agus rinneadh athbhreithniú mionsonrach orthu.

Ar na mórtionscnaimh i 2009 bhí tús le ceanglais nua níos cuimsithí do na hinstitiúidí is mó. Rinne an obair seo, an tAthbhreithniú ar Leordhóthanacht an Chaipitil Stuaamachta (ALCS), measúnú ar cheanglais chaipitil a tharlódh do bhonniasachtaí faoi bhrú bonnchailteanais réamh-mheasta agus féideartha, agus forbairt eile airgeadais, thar thréimhse 3 bliana (2010-2012). Is éard a bhí i gceist leis ná go ndéanadh an Banc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais measúnú ar na ceanglais athchaipitlithe a bheadh ar institiúidí creidmheasa chun go sásódís an ceanglas bonncháis agus caipitil spriocdhírthe faoi brú.

Rinneadh an ALCS chun ceanglais na n-institiúidí seo a leanas a chinneadh: Bainc Aontas Éireann, Banc na hÉireann agus Cumann Foirgníochta EBS ag tagairt dóibh seo a leanas araon:

- » Ba chóir spriocleibhéal de 8% de chroíchiseal 1 caipitil a bhaint amach tar éis réadú na gcaillteanas agus forbairtí airgeadais eile réamh-mheasta sa todhchaí a chur san áireamh faoin mbonnchás.
- » Ba chóir spriocleibhéal de 4% de chroíchiseal 1 caipitil a choinneáil chun freastal ar an gcás go dtarlódh brú nó anailís íogaire ar leibhéal punainne.

Go bunúsach is éard a chiallaíonn an ACLS ná:

- » Go mbeidh ar bhainc dul i ngleic lena gcaillteanas GNBS agus neamh-GNBS anois agus ar bhealach a mheallfaidh muinín an mhargaidh;
- » Tá na bainc caipitlithe go stuama chun dianbhrú a sheasamh;
- » Tá na bainc go maith ar an mbealach le bheith ullamh do réim nua chaipitil Basel;
- » Tá cinnteacht ann anois faoi chostais uasta an fhiachais phoiblí mar thoradh ar an ngéarchéim bhaincéireachta; agus
- » Beidh bainc i suíomh níos láidre tosú ag tabhairt iasachtaí arís agus tacú le téarnamh eacnamaíochta.

Soláthróidh athchaipitliú de réir na sprioc-cheanglas san ACLS rannpháirtithe margaidh leis an muinín go bhfuil bonn caipitil láidir ag na hinstiúidí tar éis dóibh a gcaillteanas réamh-mheasta réamhaisnéisithe a réadú agus go mbeidh maolán stuama caipitil i bhfeidhm chun tosca neamhfhábharcha brú a sheasamh.

Cuirfear próiseas an ALCS i bhfeidhm i leith Irish Life & Permanent le linn 2010 agus faoi réir fhaomhadh an Choimisiúin Eorpaigh i ndáil leis an bplean inmharthanachta do Bhainc Aontas Éireann cuirfear é i bhfeidhm i leith aon aonáin bhaincéireachta nua a áirítear sa phlean sin.

Chomh maith leis an maoirseacht níos déine ar na hinstiúidí ráthaithe go luath i 2010, chuireamar tús le próiseas mar a ndearnadh agallamh a chur ar iarratasóirí a raibh sé beartaithe acu poist nua a ghlacadh ag leibhéal an bhoird agus ag leibhéal na hardbhainistíochta faoin réim Infheidhmeachta agus Ionracais chun measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht roimh an

gceapachán. Mar thoradh air seo, rinneadh roinnt athruithe i measc na n-iarrthóirí do phoist ar leith chomh maith le hathruithe ar ról bheartaithe.

Leanfaimid orainn ag feabhsú ár réime maoirseachta. Chuige seo, ar an 21 Meitheamh 2010, leagamar amach ár gcur chuige nua i leith maoirseachta baincéireachta.

Bainc Idirnáisiúnta

Feabhsaíodh agus daingníodh ár maoirseacht ar institiúidí idirnáisiúnta creidmheasa atá lonnaithe agus rialaithe in Éirinn freisin le linn 2009. An príomhfhócas a bhí ann inár dteagmháil leo i 2009 ná measúnú a dhéanamh ar chur chuige na n-institiúidí maidir le cinneadh a dhéanamh ar leordhóthanacht a gcaipitil inmheánaigh. Tacaíodh leis an teagmháil sin trí fhorbairt a dhéanamh ar uirlisí cainníochtúla breise chun éascú a dhéanamh ar dhúshlán comhsheasmhach spriocdhírithe ar a meastacháin ar chaipiteal inmheánach agus ar bhainistiú príomhrioscaí. Daingneofar níos mó an tsamhail mhaoirseachta seo i 2010 agus 2011 agus bunófar foirne tiomnaithe do na haonáin is airde riosca, tar éis acmhainní daonna breise a cheapadh le saineolas sonrach ar an tionscal.

Le linn 2009 rinneamar dlúthmhonatóireacht ar fheidhmíocht na bpunann creidmheasa agus na seasamh leachtachta. Chomh maith leis sin, d'athbhreithníomar an chreatlach reatha atá ann chun monatóireachta a dhéanamh ar shonraí stuamachta arna gcur isteach ag institiúidí. Feabhsaíodh an chreatlach seo trí threoirínite nua a thabhairt isteach agus trí thuairiscí anailíseach níos fearr arna éascú trí fhoireann bhreise a earcú sa Roinn. Mar thoradh ar an timpeallacht eacnamaíochta neamhfhábharcha rinne roinnt institiúidí athruithe ar a samhail ghnó, go háirithe i gcás go raibh na hinstiúidí sin nochta go mór d'ionstraimí rialála, a d'éiligh measúnú sonrach rialála ar a bpleananna gnó sa todhchaí. Leanfar leis an obair seo.

Rinneamar measúnú a ghéilliúlacht na n-institiúidí le treoirínite CMBE faoi luach saothair agus faoi ghéilliúlacht do cheanglais nochta Chrann Taca III de chuid TRC. Aithníodh go raibh formhór na n-institiúidí géilliúil do na ceanglais seo agus chuathas i mbun bearta leantacha i gcás gur sainaithníodh na saincheistanna sin. Rinneadh roinnt cigireachtaí spriocdhírithe leachtachta chomh maith ar bhainc idirnáisiúnta le tionchar níos mó chun measúnú a dhéanamh ar a ngéilliúlacht do cheanglais leachtachta an Rialtóra Airgeadais. Shainaithníomar saincheistanna i ndáil le heaspa tástála struis a

bheith ann agus easpa siar-tástála ar thiomhdí iompraíochta.

Ina dhiaidh sin, seoladh litreacha chuig gach institiúid ag cur i gcuimhne dóibh a d'tiomhdí iompraíochta féin agus ag lorg dearbhaithe uathu go raibh tástáil struis ar siúl ar bhonn ráithiúil.

Thugamar isteach athbhreithniú bliantúil ar Chur Chuigí Inmheánacha Bunaithe ar Rátálacha (CCIBR) d'fhonn a chinntiú go raibh na samhlacha is fearr dá gcuspóir dá n-úsáid chun caipiteal rialála a thomhas. Is éard is cuspóir leis seo ná breathnú ar fheidhmíocht na samhlacha indibhidiúla creidmheasa agus tagarmharcáil a dhéanamh ar chumraíochta samhla agus ar chaighdeán inmheánacha ar fud na n-institiúidí le punanna cosúla. Tugadh dúshlán d'institiúidí faoi oiriúnacht roinnt dá samhlacha aitheanta do dhíorthú caipitil rialála lena chinntiú go raibh aon fheabhsú ar easnaimh cuimsitheach agus tráthúil.

Ceanglais Nua Rialála

Tá roinnt mhaith den chlár oibre rialála tiomáinte ag forbairtí idirnáisiúnta. Glacann an Rialtóir Airgeadais páirt ghníomhach sa phlé a tharlaíonn san AE agus ag leibhéil níos leithne. Ag leibhéal an AE, ceann de na réimsí plé sin ná i ndáil le leasuithe ar an Treoir um Riachtanais Chaipitil (TRC). Cuireadh TRC II i gcrích i 2009 agus tá na hathruithe seo, a bhaineann go príomha le tras-ionstraimí caipitil, nochtaí móra, socrúithe maoirseachta, urrúsúcháin, agus bainistiú riosca leachtachta, le cur i bhfeidhm go náisiúnta faoi dheireadh 2010. Clúdaíonn leasuithe arna imlíní i TRC III an leabhar trádála, ath-urrúsúcháin, beartais luacha saothair agus feabhsú na gceanglas maidir le nochtheadh. Forbraíodh iad seo go suntasach i 2009 agus tá siad le cur i gcrích i mbliana. Pléadh tograí tosaigh i ndáil le TRC IV a chlúdaíonn cóimheasa gearra agus teorainneacha cainníochtúla ar leachtacht ag cruinnithe Eorpacha éagsúla agus tá sé beartaithe na tograí seo a bheith i gcrích i 2010.

D'eisíomar trí cinn de pháipéir chomhairliúcháin. Seoladh tionscnamh do chuid Choiste Maoirseoirí Bhaincéireacht Eorpach ar Mhaoláin Leachtachta le go mbeadh comhairliúchán ann air i 2009 agus beidh éifeacht aige ó mhí an Mheithimh i mbliana. Seoladh Páipéar Comhairliúcháin i ndáil le ceanglais rialachais chorparáidigh do bhainc agus aonáin árachais do chomhairliúchán poiblí i mí Aibreáin 2010.

I mí Lúnasa 2009 tugadh fógra foirmiúil do gach banc corpraithe in Éirinn faoi coinníollach a bhaineann lena n-údarú a éilíonn nochtheadh agus trédhearcacht níos fearr ag institiúidí creidmheasa i gcás iasachtaí do 'dhaoine le teagmhálacha' le stiúrthóir d'fhonn rialú ordúil ceart na baincéireachta a chothú. Chomh maith leis sin, cuireadh obair i gcrích nach mór ar dhréachtú páipéir chomhairliúcháin faoi Chód Iasachta do pháirtithe gaolmhara le hinstitiúidí creidmheasa. Is éard atá á mholadh ag an gCód ná go sonrófaí ceanglais i ndáil le rialú inmheánach mar a bhaineann le páirtithe gaolmhara chun a chinntiú go mbeadh an t-iasachtú sin ag tarlú ar bhonn cian-teagmhála. Eisíodh an páipéar comhairliúcháin seo i mí Bealtaine 2010.

Comhoibriú le Rialtóirí Baincéireachta eile

Bhunaigh údarais na hÉireann agus na RA grúpa cobhsaíochta trasteorann trípháirteach (GCTT) don dá dhlínse i 2009, chun struchtúr foirmiúil a chur i bhfeidhm do theagmhálacha trípháirteacha agus déthaobhacha a bhí ag tarlú cheana féin. Na comhaltaí ar GCTT ná an Roinn Airgeadais, An Banc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais agus ar thaobh na RA de, an Cisteán, Bank of England agus an tÚdarás Seirbhísí Airgeadais ann. An aidhm atá ag an ngrúpa seo ná daingniú a dhéanamh ar chumarsáid ag gach leibhéal idir an dá dhlínse agus a chinntiú go ndéanfar rioscaí trasteorann amach anseo a aithint agus go rachfar i ngleic leo.

6. Maoirseacht ar Aonáin Árachais

Ceanglais Nua Rialála

Ar na príomhfhócais le bliain anuas agus isteach i 2010 bhí an obair lena chinntiú go mbeidh an earnáil árachais in Éirinn lán-ullamh do thabhairt isteach mórchuir chuige nua i leith ceanglais chaipitil agus sócmhainneachta. Is tionscadal nua de chuid an AE é Sócmhainneacht II, agus áiríonn sé ceanglais chainníochtúla nua riosca-bhunaithe, ceanglais cháilíochtúla agus cleachtais mhaoirseachta agus nochtheadh.

Chomh maith le cur leis an obair ag an leibhéal Eorpach, bunaíodh Foireann Tionscadail Shócmhainneacht II sa Rialtóir Airgeadais ionas go dtarlódh aistriú mín réidh chuig an réim nua i mí Eanáir 2013. Chuir an fhoireann seo tús le cúpla sruth oibre le linn 2009 chun ullmhú don réim nua agus chun cuidiú leis an tionscal ina a

ullmhúcháin. Baineann sruth amháin le Samhlacha Inmheánacha, mórchuid de réim Shócmhainneacht II agus dhírigh seo ar mheasúnú a dhéanamh ar cá mhéad gnólacht a fhéachfaidh le húsáid a bhaint as Samhlacha Inmheánacha agus fairsinge na n-ullmhúcháin chun déanamh amhlaidh.

Laistigh den Eoraip, forbraíodh an tionscadal seo trí rannpháirtíocht ar Choiste na Maoirseoirí Árachais agus Pinsin Ghairme na hEorpa (CMÁPGE) agus a ghrúpaí oibre. Chuimsigh an obair seo forbairt ar fhreagraí ar ghlaonna do chomhairle ón gCoimisiún Eorpach agus forbairt ar staidéir rialta faoi thionchar cainníochtúil.

Na ceithre ghrúpa oibre ábhartha CMÁPGE i ndáil leis seo ná an Grúpa Saineolaithe um Cheanglais Airgeadais, an Grúpa Oibre faoi Rialachas Inmheánach, Athbhreithniú Maoirseachta agus Tuairisciú, agus an Coiste Grúp-mhaoirseachta Árachais.

Le linn 2009 bhíomar ia gcomhairle leis an tionscal ar raon leathan ceistean, ina measc bhí:

- » Ceanglais Uasdáithe do chuideachtaí Atharachais Saoil, Neamshaoil agus Ilchodacha – déanann na páipéir seo uasdátú agus ionadú a dhéanamh ar pháipéir ceanglas roimhe seo do ghnóthais saoil, neamshaoil agus ilchodacha. Rinneadh roinnt leasuithe agus breiseanna a chur le gach páipéar;
- » Plépháipéar faoi Cheanglais Chaipitil do Ghnó Blianachta Athraithe – tá roinnt cuideachtaí in Éirinn atá údaraithe gnó Blianachta Athraithe (BA) a réachtáil. Go bunúsach, féadtar cur síos orthu seo mar ghnóthaí ina bhfuil na sócmhainní tacaithe ag ráthaíochtaí a íoctar amach leis an sealbhóir polasaí. Is féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir BA agus gnó ‘le brabús’ sa mhéid nach bhfuil aon rogha ag an gcuideachta árachais a straitéis sócmhainne a athrú ar an aonad ciste chun costas na ráthaíochtaí a laghdú agus níl aon rogha ag an gcuideachta maidir le leibhéal na híocaíochta amach. De ghnáth déantar na ráthaíochta a mheaitseáil le clár dinimiciúil fálaíthe. Le blianta beaga anuas bhí roinnt caillteanas a ndearnadh poiblíú maith orthu a sheas cuideachtaí a bhí ag déanamh gnó ar fud an domhain agus dá bhrí sin is gá mionscrúdú a dhéanamh ar chaighdeán cúlchistiú;
- » Dhá cheistneoir faoin gcur chuige samhla inmheánacha ag cuideachtaí árachais – cheistigh an chéad cheistneoir an cur chuige

beartaithe samhla inmheánaí a bhí le glacadh ag gnólachtaí faoi Chránn Taca 1 de Shócmhainneacht II fad is a eisíodh an dara ceistneoir d’fhonn léiriú cinntitheach a fháil maidir le pleananna gnólachtaí i ndáil le cur chuige samhla inmheánaí agus chun cuidiú lenár bpleanáil féin do phróiseas an chuir chuige samhla inmheánaí;

- » Treoir Nuashonraithe faoi Mhaoirseacht Stuamachta na nGnóthas Árachais Tógtha – i mí Aibreáin agus mí na Samhna 2009, ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar chreatlach d’árachóirí tógtha, cinneadh, faoi réir coinníollacha sonracha a bheith sásaithe, go bhféadfadh go mbeadh feidhm ag roinnt athruithe i leith údarú agus maoirseacht leannach na gcuideachtaí árachais tógtha. Tá siad seo san áireamh sna ceanglais uasdáitithe a foilsíodh;
- » Cleachtadh Tástála Struis – i mí na Samhna 2009 chuathas i dteagmháil le líon mór gnóthas Árachais agus Atharachais le hiarratas go gcuirfidís i gcrích tástáil struis. Bhí an tástáil struis analógach leis an gceann arna leagan amach ag CMÁPGE agus arna chur i gcrích ag Grúpaí móra Árachais Eorpacha amhail ag 30 Deireadh Fómhair 2009; agus
- » Cáin choinneála lodálach – i mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2009 chuathas i dteagmháil le gach cuideachta árachais saoil a bhí ag réachtáil gnó san Iodáil sa mhéid go raibh cleachtais éagsúla ann i ndáil leis an gcaoi ar láimhseáil siad an tsócmhainn seo. I mí na Nollag eisíodh treoir bheartaithe faoin tsócmhainn seo.

Ar na 1 Meán Fómhair 2009 foilsíodh an tAthbhreithniú Staitistiúil Árachais ina raibh staitisticí sonracha agus sonraí margaidh faoi thionscal árachais na hÉireann. Fuarthas an t-eolas ann ó aischiú rialála ó chuideachtaí árachais a seoladh chuig an Rialtóir Airgeadais.

7. Maoirseacht ar Sholáthraithe agus Cistí Seirbhísí Infheistíochta

Saincheisteanna Maoirseachta

Choinnigh an Rialtóir airgeadais fócas láidir ar leordhóthanacht caipitil na soláthraithe seirbhíse infheistíochta agus ar shábháilteacht shócmhainní cliant i 2009. Ó thaobh

leordhóthanacht caipitil de, eisíodh litir chuig gnólachtaí infheistíochta i mí Aibreáin 2009 chun béim a leagan ar a ndualgas leibhéal leordhóthanach caipitil a choinneáil i gcónaí a bhí i gcomhréir le próifíl riosca a ngnó. Forbraíodh próiseas mionsraithe d'athbhreithniú agus do mheastóireacht chaipitil na ngólachtaí infheistíochta le linn 2009 agus cuireadh tús le hathbhreithnithe i roinnt gnólachtaí. Beimid ag fairsingiú an chleachtaidh seo ionas go gcuimseofar níos mó gnólachtaí i 2010.

Toisc thábhacht shlándáil shócmhainní cliaint, lean an Rialtóir Airgeadais leis an gceanglas go mbeadh dhá iniúchadh bhliantúla géilliúlachta ann do ghnólachtaí infheistíochta a láimhseáilann sócmhainní cliaint. Ceaptar na ceanglais seo lena chinntiú go scartar sócmhainní cliaint ó shócmhainní gnólachta agus go mbeadh úinéireacht shoiléir ann i leith sócmhainní cliaint, ionas, i gcás go mbeadh ar an ngnólacht dúnadh síos, go mbeadh na sócmhainní iomchuí ar fáil le dáileadh ar chliaint. Chomh maith leis sin, leanamar lenár gclár de cheardlanna tionscail chun feabhas a chur ar thuiscint gnólachtaí faoi cheanglais agus chun géilliúlacht a chur chun cinn.

Dhírigh an clár iniúchta a rinneadh i 2009 ar ghéilliúlacht do cheanglais sócmhainní cliaint agus d'fhorálacha threoir MiFID, feidhmiú ceart na n-aonad géilliúlachta i ngnólachtaí MiFID agus bainistiú leachtachta agus sreafa airgid. Bhí ceann de na foirne iniúchta tiomnaithe ar feadh tréimhse d'iniúchtaí ar aonáin údaraithe Éireannacha a bhí thíos le calaoise Madoff. Cuireadh i gcrích an obair ar an láthair i 2009 agus tá an obair lasmuigh den láthair ar siúl i gcónaí i 2010.

I bhfianaise chalaoise Madoff, ghlacamar páirt san athbhreithniú a rinne Coiste na Rialtóirí Urrús Eorpach ar rialacha na AE um ar shócmhainní UCITS, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na rialacha sin ag na ballstáit. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar ghéilliúlacht do cheanglais do chaomhnóirí na gcistí.

Coinníodh athbhreithniú riosca-bhunaithe ar idirghabhálaithe miondiola, go háirithe le clár iniúchtaí seiceála rialuithe frith-sciúrtha airgid i roinnt gnólachtaí.

Ceanglais Nua Rialála

Thug an Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta isteach réim nua do dhaoine i mbun seirbhísí íocaíochta le rang nua d'aonán rialaithe cruthaithe, Institiúidí Íocaíochta. Seachas an

leordhóthanacht caipitil, is iad na príomh-shaincheisteanna stuamachta ná rialuithe frithsciúrtha airgid agus slándáil sócmhainní cliaint. Forbraíodh próisis agus gnáthaimh údarúcháin agus cuireadh iad i bhfeidhm in am trátha don dáta tosaigh, 1 Samhain, tráth ar tháinig Institiúidí Íocaíochta faoi réir maoirseacht stuamachta.

Tháinig Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú ar Éadálacha san Earnáil Airgeadais) 2009, a rinne trasuíomh ar Threoir 2007/44/CE go dlí na hÉireann, i bhfeidhm an 10 Meitheamh 2009. Forálann na Rialacháin seo do chur chuige comhréireach comhleanúnach agus teoranta ó thaobh ama de i ndáil le meastóireacht ar éadálacha beartaithe d'institiúidí creidmheasa, árachais agus gnóthais árachais, oibreoirí margaidh agus cuideachtaí bainistíochta UCITS.

Cuireadh cúnamh ar fáil don Roinn Airgeadais i ndáil le forbairt Treorach leasaithe AE d'údarú agus maoirseacht stuamachta na nInstitiúidí Airgid Leictreonaigh. Ní mór an treoir seo a chur i bhfeidhm tráth nach déanaí ná 30 Aibreán 2011. Cuirfidh an Roinn Airgeadais cúnamh leanúnach ar fáil maidir le trasuíomh na treorach i 2010.

In earnáil na gCistí ghlac Comhairle na hEorpach le Treoir UCITS IV i mí an Mheithimh 2009. Is treoir athmhúnlaith comhdhlúite UCITS í an Treoir agus thug sí isteach roinnt athruithe freisin, an ceann ba shuntasáí ná bainistiú pas cuideachta. Ghlacamar páirt i mBuanchoiste Bainistithe Infheistíochta CESR agus a ghrúpaí oibre bainteachta, a d'eisigh comhairle don Choimisiún Eorpach faoi bhearta beartaithe Leibhéal 2 do UCITS IV.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra do Threoir faoi Bhainisteoirí Roghnacha Cistí Infheistíochta i mí Aibreáin 2009. Ceapadh an treoir bheartaithe chun creatlach chuimsitheach fheabhsaithe rialála agus maoirseachta a chruthú do bhainisteoirí cistí infheistíochta (BRCI). Cuireann an Roinn Airgeadais cúnamh leanúnach ar fáil i ndáil leis an togra seo.

Forálann an Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 inter alia d'ath-shainchónaí cuideachtaí neamh-Éireannacha chuig Éirinn. Tugann an tAcht isteach meicníocht nua mar ar féidir le cuideachtaí oifigí infheistíochta áirithe dá gcuid a lonnú lasmuigh d'Éirinn gan gá go ndéanfaidís a n-oifigí a fhoirceannadh ina ndlíne reatha. Chuidíomar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta dréachtú a dhéanamh ar reachtaíocht agus leanfaimid ag soláthar cúnamh i ndáil le haon fhorbairtí.

8. Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

Saincheisteanna maoirseachta

Sa bhliain 2009, bhí ar earnáil na gcomhar creidmheasa aghaidh a thabhairt ar bhliain dhúshlánach éiginnte. An fócas againn mar sin ná cúlchistí iomchuí a thógáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus feabhas a chur ar leachtacht.

I réimse an iasachtaithe, thuairiscigh líon méadaithe de chomhair chreidmheasa riaráistí ar a leabhair iasachtaí le linn 2009. Mhéadaigh líon na n-iasachtaí athsceidealaithe, a bhí ina fhianaise bhreise ar na brúnna ar na leabhair iasachtaí. D'éilíomar ar roinnt comhar creidmheasa a shocrú go ndéanfaí athbhreithnithe neamhspleácha ar a leabhar iasachtaí d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht a soláthair do dhrochfhiacha. As na hathbhreithnithe sin d'eascair soláthar suntasach breise do dhrochfhiacha a rinne roinnt comhar creidmheasa le linn 2009.

D'eisíomar treoir i mí Mheán Fómhair 2009 chuig gach comhar creidmheasa maidir le deireadh na bliana agus íoc amach díbhinní. Éilíodh ar chomhair chreidmheasa dul i dteagmháil leis an gCláráitheoir chun aon tograí faoi díbhinní a íoc a phlé, fiú más rud é gur thuairiscíodar barrachas don bhliain ach go raibh an Cóimheas Cúlchiste Rialála níos lú ná 10 faoin gcéad, nó dá mbeadh sé níos lú ná 10 faoin gcéad tar éis íocaíocht na díbhinne. Mar thoradh ar an tionscnamh, as 65 comhar creidmheasa a chuir tograí i láthair, éilíodh ar 35 na leibhéil díbhinní a laghdú maille leis an aisíoc úis a bhí beartaithe.

D'eisíomar treoir freisin d'iniúcháirí seachtracha na gcomhar creidmheasa i ndáil lena n-oibleagáidí faoi iniúchadh dheireadh bliana na gcomhar creidmheasa. Mar thoradh, thugamar faoi deara gur ardaíodh fócas na n-iniúcháirí i ndáil le soláthar dheireadh bliana do dhrochfhiacha i gcomhair chreidmheasa.

Ceanglais Nua Rialála

Mar aitheantas ar an tábhacht le cúlchistí leordhóthanacha chun taiscí na mball a chosaint agus chun tacú le hoibríochtaí na gcomhar creidmheasa, tugadh isteach ceanglas dlí³ le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2009, mar a

mbeadh ar gach comhar creidmheasa Cóimheas Cúlchiste Rialála a choinneáil nach lú ná 10 faoin gcéad ar bhonn leanúnach. Ó tugadh isteach an ceanglas seo maidir le Cóimheas Cúlchiste Rialála méadaigh leibhéal na gcúlchistí in earnáil na gcomhar creidmheasa.

Bhí raon agus cineál na n-infheistíochta a bhfuil comhair chreidmheasa ina mbun níos casta le blianta beaga anuas agus tabhaíodh cailteanais ar roinnt táirgí infheistíochta. Bhí imní ar an Rialtóir Airgeadais go raibh cineálacha éagsúla cleachtas cuntasáíochta á n-úsáid ag comhair chreidmheasa chun luacháil a dhéanamh ar infheistíochtaí agus ar aithint agus dáileadh an ioncaim ag fabhrú. Dá réir sin, i mí Aibreáin 2009, d'eisíomar Nóta Treorach do Chomhair Chreidmheasa ar Nithe a Bhaineann le Cuntasaíocht d'Infheistíochtaí agus Polasaí Dáilte. Cuireann an Nóta Treorach i gcuimhne do chomhair chreidmheasa a chinntiú go gcloíonn an cleachtas cuntasáíochta a ghlacann siad d'infheistíochtaí leis na ceanglais iomchuí d'*Acht na gComhar Creidmheasa*, 1997 agus go bhfuil a mbeartas dáilte oiriúnach agus stuama do thosca ar leith an chomhair chreidmheasa. Éilíonn an Nóta Treorach freisin do nochtfaí sna cuntais bhliantúla tráth fála ioncam/ghnóthachain na hinfeistíochta.

D'áirigh na cuntais bhliantúla do chomhair chreidmheasa don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2009 na nochtfaí sin i gcás gurb iomchuí é.

Leagtar amach in Alt 35 d'*Acht na gComhar Creidmheasa*, 1997 na teorainneacha iasachtaithe fadtéarmacha do chomhair chreidmheasa. Faoi láthair féadfaidh 20 faoin gcéad de phunann iasachta comhair chreidmheasa a bheith gan íoc do thréimhse níos mó ná cúig bliana, agus féadfaidh 10 faoin gcéad den phunann iasachtaithe a bheith gan íoc ar feadh tréimhse níos mó ná 10 mbliana. D'iarr Comhair Chreidmheasa go n-athrófaí teorainneacha Alt 35 d'fhonn cuidiú le baill a raibh deacrachtaí airgeadais acu agus a raibh gá a n-iasachtaí a athsceidealú. Mar chuid de ghrúpa arna bhunú ag an Aire Airgeadais d'oibríomar ar fhorbairt togra chun a chinntiú go mbeadh coinníollacha ag gabháil le haon athrú ar na teorainneacha sin chun a chinntiú go gcosnófaí staid airgeadais na gcomhar creidmheasa. Mar fhoráil le bheith áirithe sa *Bhille um Athchóiriú an Bhainc Ceannais*, 2010,

³ Rialachán 2009 fá Acht na gComhar Creidmheasa, 1997 (Alt 85).

chun teorainneacha iasachtaithe d'iasachtaí a mhéadú thar cúig bliana do gach comhar creidmheasa ó 20 faoin gcéad go 30 faoin gcéad faoi réir coinníollacha a ghearrfar ar chomhair chreidmheasa i ndáil le leachtacht, soláthar agus bainistiú agus tuairisciú ar iasachtaí athsceidealaithe.

Sa bhliain 2009, d'iarr an tAire Airgeadais go ndéanfadh an Rialtóir Airgeadais athbhreithniú straitéiseach ar earnáil na gcomhar creidmheasa in Éirinn. Is éard a bheidh i gceist leis an athbhreithniú seo ná mionscrúdú ar struchtúr, oibriú, rialáil agus reachtaíocht earnáil na gcomhar creidmheasa ag féachaint le moltaí a sholáthar ar a mbunófaí tuarascáil, lena n-áirítear tograí sonracha chun daingniú a dhéanamh ar iontaofacht stuamachta, a chuirfidh comhairle agus eolas ar fáil do mheasúnú ar threo straitéiseach na gcomhar creidmheasa amach anseo. Tá sé beartaithe go mbeidh an obair ar an athbhreithniú i gcrích faoi dheireadh chéad ráithe 2011.

9. Maoirseacht ar Mhargai

An príomhfhócas a bheith ag an obair i réimse na maoirseachta ar mhargai le linn 2009 ná toradh na géarchéime airgeadais leanúnaí. Sainithníodh go raibh gá le maoirseacht níos déine ar Chonarthaí Difríochna (CDanna) mar phríomhthacs. Forbraíodh cur chuige tréach chun déileáil leis seo:

- » Iarradh ar an Roinn Airgeadais reachtaíocht a rith a éileodh nochtheadh na seasamh CDanna margaidh. Áiríodh foráil chumasúcháin san Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2009. Reáchtáladh comhairliúchán poiblí agus cuireadh i gcrích dréacht-rialacháin le go ndéanfadh an Roinn Airgeadais breithniú orthu;
- » Laistigh de Choiste na Rialtóirí Eorpacha Urrús (CREU), mhol an Rialtóir Airgeadais go raibh gá le córas uile-Eorpach chun sonraí faoi CDanna a mhalartú. Fuarthas comhaontú i measc na rialtóirí eile agus rinne an Rialtóir Airgeadais comhordú ar ghrúpa oibre CREU atá ag pleanáil an chórais nua; agus
- » Tá obair idir lámha sa CREU chun córas a fhorbairt le sonraí cliant a mhalartú do gach trádáil margaidh. Tá fadhbanna praiticiúla ann, ámh, toisc iolracht na gcóras agus na ndlíthe.

Tá an cur chuige rialála i leith CDanna mar chuid den chonclúid níos leithne go bhfuil gá le trédhearcacht i bhfad níos suntasaí faoi céard a tharlaíonn i margaí urrús. Ní foláir an dlí maidir le mí-úsáid margaidh a athchothromú chun rialtóirí a chur i suíomh níos fearr sa réimse thar a bheith deacair seo. Chun an clár oibre níos leithne seo a bhrú ar aghaidh rinne an Rialtóir Airgeadais na nithe seo a leanas:

- » Togra a fhorbairt tar éis comhairliúchán poiblí do nochtheadh don mhargadh ar thabhairt mór-scairshealbha mar urrús;
- » Stocaireacht le Coimisiún an AE chun daingniú suntasach a dhéanamh ar an dlí faoi Mhí-úsáid Margaí an AE; agus
- » D'oibrigh i gcomhar le CREU chun dlí uile-AE a fhorbairt do nochtheadh díolacháin ghearra scaireanna, fad is a rinne maoirseacht ar an toirmeasc gearrthéarmach ar dhíolacháin ghearra scaireanna bainc.

Mórtionscadail

Tá roinn mórtionscadal fadtéarmach ann a bhfuil mar aidhm acu socrúithe tarmáilín a leachtú le Stocmhalartán na hÉireann, mar a dtacaíonn sé leis an Rialtóir Airgeadais i ngníomhaíochtaí iniúchta ar réamheolairí, monatóireacht ar an margadh do mhí-úsáid margaidh a d'fhéadfadh a bheith ag titim amach agus maoirseacht ar ghéilliúlacht cuideachtaí dá n-oibleagáidí eolas airgeadais a fhoilsiú.

Bhí leachtú na Treorach Réamheolaire faoi réir anailís agus athbhreithniú i 2009 chun sainithint a dhéanamh ar an struchtúr eagraíochtúil is iomchuí chun an fheidhm seo a ghníomhú. An toradh a bhí air seo ná foireann chomhtháite amháin a d'fhaomhfhadh an réamheolaire a chur i bhfeidhm laistigh den Bhanc Ceannais. Tá an struchtúr seo i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta AE. Go luath i 2010, bunaíodh Coiste Stiúrtha ar a raibh ionadaithe ón Rialtóir Airgeadais agus ó Stocmhalartán na hÉireann chun maoirseacht a dhéanamh ar aistriú an struchtúir nua; caithfear an próiseas seo a bheith i gcrích faoi dheireadh Nollaig 2011. Bhunaigh an Coiste seo roinnt fochoistí chun príomhghnéithe den tionscadal a chur chun cinn agus tá na fochoistí seo i páirteach sa phróiseas go gníomhach faoi láthair.

Is dúshlán mór é forbairt sonraíochta ardchaighdeán do phróiseas monatóireachta margaidh maille le córas bainteach T.F. An chéad chéim eile sa réimse seo ná cur le cumais ‘faisnéise gnó’. Is comhriachtanas é le na rialtóirí eile ar fud na hEorpa na cumais a chur chun cinn agus tá an eagraíocht i ndlúth-theagmháil lena comhghleacaithe Eorpacha faoin saincheist seo.

Rinneadh obair ullmhúcháin maidir le leachtú an Tarmiligin Trédhearcachta agus tá foireann á bunú i 2010 chun cur leis an ngníomhaíocht sa réimse seo. Tá sonraí faoi obair a rabhthas ina bun chun cáipéisí an Réamheolaire a fhaomhadh agus nochtadh Eolais Cuideachta san áireamh in Aguisín B.

Tá anailís ar idirbhearta agus iniúchadh breise ar chásanna amhrasacha ina gcodanna de phróiseas maoirseachta comhtháite amháin ar an margadh. Tá sonraí faoi obair níos sonraí a rinneadh ar chásanna ar leith le fáil in Aguisín B.

10. Forfheidhmiú agus Bearta Rialála

Achainí le haghaidh Riaracháin

Rinneamar dlúthmhonatóireacht ar Quinn Insurance Limited (QIL) i 2009, rud a léirigh ár gcúiseanna imní faoina sheasamh sócmhainneachta, a phunann sócmhainní agus a straitéis infheistíochta, a phraghsáil agus a bheartais cúlchistithe, agus a fhairsingiú gasta i margadh na RA. Cé gur cheap an chuideachta seo roinnt pleananna airgeadais chun a dheacrachtaí sócmhainneachta a réiteach, theip ar an gcuideachta iad a chur i bhfeidhm go rathúil.

Leanamar orainn ag lorg plean téarnaimh airgeadais a bhí inmhárthanacht, inchothaithe ó QIL isteach i 2010. Ní bhfuarthas é. Ar an 23 Márta 2010 chuir an chuideachta in iúl don Rialtóir Airgeadais den chéad uair go raibh ráthaíochtaí ann ó ocht gcinn dá bhfochuideachtaí i ndáil le hiasachtaí a tugadh don Quinn Group. An éifeacht a bhí ag na ráthaíochtaí sin ná sócmhainní QIL a laghdú faoi ar a laghad €448m agus ar an gcaoi sin ag scrios gach ceann dá shócmhainní a bhí ar fáil chun a cheanglais sócmhainneachta a chlúdach, rud a d’fhág an chuideachta gan dóthain sócmhainní le freastal ar a chúlchistí teicniúla (dliteanais do shealbhóirí polasaí). Ar iarratas ón Rialtóir Airgeadais d’ordaigh an Ard-Chúirt go gceapfaí comhriarthóirí sealadacha don

chuideachta ar an 30 Márta 2010. D’ordaigh an Ard-Chúirt go gceapfaí iadsan go buan an 15 Aibreán 2010 le toiliú bhord reatha QIL.

I mbeart ar leithligh, threoraigh an Rialtóir Airgeadais do QIL an 23 Márta 2010 scor de fhrithghealladh gnó sa RA d’fhonn aon lagú eile ar shócmhainneacht na cuideachta a chosc. Leasaíodh an treoir seo ina dhiaidh sin chun a cheadú don chuideachta frithghealladh a dhéanamh ar chlúdach príobháideach móitair sa RA tar éis do na riarthóirí tograí sonracha a chur faoi bhráid an Rialtóir Airgeadais lena n-áirítear anailís achtúireach. Tá an Rialtóir Airgeadais ag obair go dlúth i gcónaí leis na comhriarthóirí i ndáil le gnéithe de ghnó na cuideachta.

Rinne an Rialtóir Airgeadais achainí le go gceapfaí riarthóir sealadach do dhá cheann de ghnóthais árachais eile:

Accent Europe Insurance Company Limited agus ESG Reinsurance Ireland Limited. Tógadh an caingean seo mar go raibh na gnóthais sin á mbainistiú ar bhealach a chuir cearta agus leasa na sealbhóirí polasaí i mbaoil agus go raibh ag teip ar na gnóthais soláthar imleor a dhéanamh dá bhfiacha. Cheap an Ard-Chúirt Riarthóir Sealadach do gach gnólacht ar an 18 Nollaig 2009; dearbhaíodh an Riarthóir ina dhiaidh sin don dá chuideachta ar an 12 Eanáir 2010.

Smachtbhannaí

Tá na cumhachtaí chun smachtbhannaí do sháruithe forordaithe reachtaíocht ar rialacha rialála cuimsithe in *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann* 2004. Le linn 2009, chuathas i 10 socraíocht le haonáin/daoine aonair rialaithe/faoi na Gnáthaimh um Smachtbhannaí Riaracháin. Tháinig roinnt de na smachtbhannaí chun cinn tar éis cigireachtaí téamacha a dhéanamh i ndáil le ‘*Charges and Premium Rebates in the Insurance Intermediary Sector*’. Ar na saincheisteanna ba shuntasáí a tháinig chun cinn i gceann amháin nó níos mó de na cásanna sin bhain siad leo seo:

- » Éascú ar dhaoine neamhúdairithe gnó a réachtáil trí ghnólacht rialaithe; agus
- » Ghearr ceithre ghnólacht rótháille ar chustaiméirí i ndáil le préimheanna árachais agus aisiocaíochtaí préimheanna.

Áirítear i measc na smachtbhannaí a gearradh dícháiliú ó bheith mar dhuine bainteach le rialú seirbhísí rialaithe airgeadais, ocht bhfíneáil (dar luach comhiomlán €3,672,500) agus ocht gcinn de iomarduithe. Gearradh fíneálacha ó €2,750,000 do theip trádálaithe a seasaimh a luacháil go hiomchuí, go €7,500 do theip gnólachtaí cloí le roinnt forálacha den Chód Cosanta Tomhaltóirí (An Cód). Tá sonraí na smachtbhannaí indibhidiúla le fáil ar ár suíomh gréasáin. Mar shampla, rinneadh comhaontú socraíocht le Merrill Lynch International Bank Limited

(MLIB) i ndáil le dhá tharlú ar leithligh ina gcraobhoifig i Londain a bhaine le teip a dtrádálaithe a seasaimh a luacháil go hiomchuí agus teip bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar theorainneacha riosca margaidh i ndáil le gníomhaíochtaí na dtrádálaithe. Éilíodh ar MLIB pionós airgid de €2.75m a íoc. Bhí Comhaontú Socraíochta eile ann le Depfa ACS Bank (Depfa)

i ndáil le teip faomhadh a fháil óna Mhonatóir Clúdaigh Sócmhainní nó ón Rialtóir Airgeadais sula ndearna sé iontráil ina chlár d'urrúis ghnó arna gclúdach ag creidmheas poiblí, nó sula ndearna iad a leasú. Éilíodh ar Depfa go n-íocfaidís pionóis airgid de €250,000.

Tionscnamh tábhachtach amháin i 2009 ná úsáid na gcumhachtaí faoi dhlí urrús chun rabhaidh príobháideacha a eisiúint do sháruithe cuíosach beag. Ní foláir don ghnólacht an sárú a admháil. Déantar follasach é don ghnólacht, ó eisiúint na rabhadh foirmiúil príobháideach seo, go gcúiseoidh leanúint le fiú sáruithe beaga fíneálacha a bheith gearrtha orthu nó smachtbhannaí riaracháin eile.

Tá ár mbearta rialála eile sonraithe i dTábla 1.

Tábla 1: Bearta Rialála glactha i 2009

Cineál	Líon na mBearta	
	2008	2009
Comhaontuithe Socraíochta Smachtbhanna Riaracháin	9	10
Comhaontuithe Socraíochta Dlí Urrús	1	0
Eisiúint Fhoirmiúil Rabhaidh Dlí Urrús	0	1
Fógraí Rabhaidh arna nEisiúint maidir le Gníomhaíocht Neamhúdaraíthe	5	6
Eisiúint Iar-Chigireacht nó Toradh Rialála Eile le Dul i nGleic leis agus é a Cheartú	85	133
Athbhreithnithe Neamhspleácha ar Leabhar Iasachtaí na gComhar Creidmhesa	7	98
Údarú/Ceadúnas/Clárú Diúltaithe	2	6
Údarú Cúlghairmthe	–	6
Riarthóir ceaptha	–	2
Treoir/Ceanglas arna ghearradh i gcoinne na gComhar Creidmheasa atá ag sárú Alt 35(2) d' Acht na gComhar Creidmheasa ⁴	90	25
Ceapadh Iniúcháir Inmheánaigh/Cigire de Dhíth	6	8
Saincheisteanna Fógraíochta Iniúchta	177	224
Litreacha Rabhaidh faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí	19	0
Treoir/Ceanglas arna ghearradh faoi reachtaíocht eile	108	⁵ 331
Nochtadh Eolais d'Údaráis Forfheidhmiúcháin Eile	6	259

4 Tagraíonn seo do bhearta glactha i gcoinne na gcomhar creidmheasa atá ag sárú Alt 35(2) d'Acht na gComhar Creidmheasa ("An tAcht") i ndáil lena n-iasachtú fadtéarmach.

5 Gearradh 287 Treoir faoin Treoir um Thredhearcachta agus níor gearradh aon cheann faoi Treoir um na Réamheolairí. Ní féidir treoracha arna ngearradh faoin Treoir um an Réamheolairí a eisiúint ach ar feadh tréimhse 10 lá ag an am agus, mar sin, caithfear Treoir nua a eisiúint gach 10 lá. Mar shampla, má theipeann ar eisisitheoir a dtuarascáil bhliantúil airgeadais a eisiúint laistigh den amscála sonraithe sna Rialacháin, eiseoidh an Rialtóir Airgeadais Treoir chuig an Stocmhalartán ag éileamh go gcuirfí trádáil ar fionraí in urrúis an eisisitheora ar feadh tréimhse 10 lá ar feitheamh foilsíú na tuarascála bliantúla airgeadais. Más rud é gur cuireadh an t-eisisitheoir ar fionraí ar feadh tréimhse 30 lá bheadh seo bunaithe ar 3 Threoir eisithe ag an Rialtóir Airgeadais, Coigeartaithe do atheisiúint na dTreoracha a eisíodh roimhe sin, titeann líon na dTreoracha eisithe de bhun na Rialachán go 22 (27 tuairiscithe i 2008.)

Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais

Sa bhliain 2009, atreoraíodh trí chinneadh rialála le haghaidh achomhairc chuig an mBinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (an Binse Achomhairc). Bhain na cinntí seo le diúltú an Rialtóra Airgeadais na hiarrais seo a leanas a cheadú:

- » Diúltú údarú a cheadú d'idirghabhálacha morgáiste de chun an *Achta um Chreidmheas do Thomhaltóir*, 1995. Rinne an Binse Achomhairc an t-achomharc seo a scriosadh amach toisc gur theip ar an achomharcóir táille laghdaithe achomhairc a íoc;
- » Diúltú údarú a thabhairt do ghnólacht chun feidhmiú mar ghnólacht infheistíochta gnó de bhun an refusal to *Acht um Idirghabhálacha Infheistíochta*, 1995, agus mar idirghabhálaí morgáiste faoin *Acht um Chreidmheas do Thomhaltóir*, 1995. Scrios an Binse an t-achomharc seo a mach mar gur theip ar an achomharcóir leanúint den achomharc. D'ordaigh an Binse don Achomharcóir €20,000 a íoc, móide CBL, i dtreo ár gcostas dlí; agus
- » Diúltú athnuachan a dhéanamh ar cheadúnas iasachtóra airgeadais de bhun an *Achta um Chreidmheas do Thomhaltóir*, 1995. Chinn an Binse Achomhairc gur chóir an cheist a atreorú chuig an Rialtóir Airgeadais le moladh gur chóir dó breithniú nó athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na bhfíricí (arna ndéanamh ag an mBinse Achomhairc) i gcomhthéacs na fianaise eile (roinnt de a táirgeadh den chéad uair le linn an achomhairc). D'ordaigh an Binse Achomhairc go n-íocfadh an dá pháirtí a gcostais dlí féin. Ceadaíodh an ceadúnas iasachtaithe airgid ina dhiaidh sin.

Imscrúduithe

I mí Eanáir 2009 cuireadh tús le himscrúdú i ndáil le roinnt nithe a bhain leis an mBanc Angla-Éireannach. Bhain fócas an imscrúdaithe le leachtú roinnt de sheasaimh CD an Bhain Angla-Éireannaigh le Irish Life and Permanent agus iasachtaí le stiúrthóirí agus páirtithe gaolmhara eile.

Le linn an imscrúdaithe thugamar fógra do na Gardaí agus d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) faoi cheisteanna ar leith. I gcás gur iomchuí eile, géillfidh an Rialtóir Airgeadais do na Gardaí agus don OSFC d'fhonn cuidiú leis na gníomhaireachtaí sin imscrúdú a dhéanamh ar bhearta féideartha coiriúla roimh bheart forfheidhmiúcháin a thionscnamh as a stuaim féin. Toisc thromchúis agus íogaire na n-imeachtaí coiriúla agus láidreacht na smachtbhannaí ar fáil do na Gardaí agus don OSFC, seo an cur chuige is iomchuí le glacadh nuair atá féidearthacht réasúnta ann go mbeadh imeachtaí iltaobhacha ann.

Sa bhliain 2009, cé gur úsáideach acmhainní i raon saincheisteanna a bhain le Mí-úsáid Margaidh⁶, saincheisteanna bainteacha agus cásanna bainteacha, bhí fócas na hoibre imscrúdúcháin ar iniúchadh mór amháin ar leachtú seasaimh CD an Bhainc Angla-Éireannaigh. Tá obair shubstainteach nua curtha i gcrích againn anois ar an gcás seo agus tá na Gardaí ar thóir na ceiste.

Sciúradh Airgid a Chosc

Bunaíodh Aonad tiomnaithe Frith-sciúrtha Airgid – Frithmhaoiniúcháin Sceimhlitheoireachta AML-CTF sa bhliain 2009 chun cuidiú leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus leis an Roinn Airgeadais lena gcuid oibre an Tríú Treoir Frith-Sciúrtha Airgid (2005/60/CE) a thrasúomh agus chun cuíchóiriú a dhéanamh ar chumarsáid leis an nGarda Síochána agus leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ghlac an t-aonad páirt i gclár oibre agus bhí cruinnithe rialta aige leis an Tascfhórsa Beart Airgeadais, CEBS, CRUE, CEIOPS Tascfhórsa Frith-sciúrtha Airgid, Coiste an AE um Chosc ar Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus coistí intíre FSA. Forálfadh an reachtaíocht nua do chumhachtaí chun 'cead riaracháin' a thabhairt do theipeanna institiúidí airgeadais rialuithe imleora AML-CTF a bhunú.

⁶ Is éard atá sa chuid ná ár dtuarascáil chuig an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ag comhlíonadh Rialachán 54 de na Rialacháin (Treoir 2003/6/CE) maidir le Mí-úsáid Margaidh 2005.

11. Cosaint Tomhaltóirí agus Eolas a Sholáthar dóibh

Saincheisteanna Maoirseachta

Faoi nBille nua um an mBanc Ceannais, tá sé beartaithe go mbeadh an fhreagracht as cosaint tomhaltóirí ag fanacht faoi scáth na heagraíochta seo. Beidh cosaint tomhaltóirí, mar sin, ina phríomhthosaíocht ag na struchtúr nua rialála. Tá seo níos tábhachtaí fós ag am an-dúshlánach do thomhaltóirí i gcomhthéacs an choir chun donais san eacnamaíocht.

Bhí iniúchtaí téamacha ina n-uirlisí luachmhara chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht dár gceanglas faoi chosaint tomhaltóirí. Reáchtáladh roinnt iniúchtaí agus athbhreithnithe tábhachtach ar shaincheisteanna a bhain le tomhaltóirí le linn 2009.

- » I mí Feabhra 2010, d'fhoilsíomar torthaí ó iniúchadh ceithre pháirt a rinneamar ar institiúidí roghnaithe airgeadais, ar ghnólachtaí árachais saoil agus ar ghnólachtaí stocbhróicéireachta, reáchtáilte i 2009, i ndáil le hoiriúnacht na dtáirgí infheistíochta a díoladh le tomhaltóirí níos sine. Mar chuid den scrúdú seo, rinneadh cleachtadh siopadóireachta faoi rún chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitheann institiúidí creidmheasa le custaiméirí níos sine i ndáil leis an bpróiseas díolacháin do tháirgí infheistíochta. Sainaithníodh roinnt saincheisteanna ar chúis imní iad le linn na scrúdaithe agus cuireadh sin in iúl do na haonáin rialaithe;
- » Go luath le linn 2009, rinneadh roinnt iniúchtaí téamacha a dhírigh ar fhorálacha Marthana agus Coinneáil Cláir na gCeanglas Íosta Inniúlachta. I gcás fhormhór na n-institiúidí creidmheasa a ndearnadh iniúchadh orthu ní raibh siad in ann a léiriú go raibh siad géilliúil agus táthar ag dul i ngleic leis seo ar bhonn na n-institiúidí creidmheasa indibhidiúla i gceist. Bainfear úsáid as na torthaí on iniúchadh téamach seo d'athbhreithniú ar na Ceanglais a gcuirfear tús leis i 2010;

- » Le linn 2009, foilsíodh torthaí ó chleachtadh siopadóireacht faoi rún ar mhaltú cuntais bhainc, i 51 craobh de 7 mbanc. Rinneadh seo mar chuid de ról na heagraíochta i monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht le Cód Malartaithe Pearsanta Deonacha Chónaidhm Baincéireachta na hÉireann (CBÉ). Léiríonn na torthaí ón gcleachtadh seo nach raibh ach 59% de na craobhbhainc ar tugadh cuairt orthu sásúil. Éilíodh ar Chónaidhm Baincéireachta na hÉireann agus ar institiúidí indibhidiúla na torthaí a bhreithniú agus iad ag forbairt ar Chód Malartaithe Pearsanta Deonach;
- » In athbhreithniú a rinneadh ar Árachas Cosanta Pearsanta (ÁCP) fuarthas go ndearnadh éilimh a láimhseáil ar bhealach éifeachtach cóir de ghnáth. Cibé scéal é, leag na torthaí béim ar réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar phróisis díolacháin ÁCP. Go háirithe, is gá go ndéanfadh gnólachtaí béim a leagan do thomhaltóirí ag an bpointe díolacháin ar gur féidir leis na polasaithe seo eisiáimh a bheith iontu ó éilimh;
- » Rinneamar roinnt iniúchtaí ar an láthair in institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí creidmheasa chun a chinntiú go raibh iasachtóirí morgáiste géilliúil d'fhorálacha sonracha an Chóid Cosanta Tomhaltóirí agus don Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 i réimse na riaráistí agus athshealbhaíthe. Foilsíodh na torthaí ó na hiniúchtaí i mí Aibreáin 2010. Déanfar tuilleadh iniúchtaí sa réimse seo i 2010, go háirithe i ndáil leis an gCód lompraíochta i leith Riaráistí Morgáiste. Cuireadh tús leis an mbailiú eolais, ar bhonn ráithiúil, ó 22 iasachtóir, ag cuimsiú riaráistí morgáiste cónaitheach agus athshealbhaíthe i mí na Nollag 2009. Cuirfidh an t-eolas seo sonraí margaidh chun dáta ar áil i ndáil le líon na n-iasachtóirí a bhfuil deacrachtaí acu a n-íocaíochtaí morgáiste a chomhlíonadh. Úsáideadh na sonraí a fuarthas cheana féin inár gclár oibre don bhliain seo chugainn, go háirithe i ndáil le hiniúchtaí sonracha a bhaineann leis an gCód lompraíochta do Riaráistí Morgáiste; agus
- » Le linn 2009 foilsíodh torthaí an Athbhreithnithe ar Cuntais Reatha Phearsanta agus eisíodh litir tionscail.

Tá breac-chuntas ar na hiniúchtaí spriocdhírthe téamacha tomhaltóirí a rinne le linn 2009 in Aguisín B.

Éilíonn an *tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí*, 1995, do dtabharfadh soláthraithe seirbhíse airgeadais (institiúidí creidmheasa agus gnóthaí idiraithe airgid) fógra don Rialtóir Airgeadais faoi aon togra chun muirir nua nó mhéadaithe a thabhairt isteach do sheirbhísí áirithe airgeadais. I 2009, eisíodh litreacha treorach de chun 17 bhfógra ó ghnólachtaí dá leithéid.

Bhain na haighneachtaí a fuarthas ó na soláthraithe seirbhíse airgeadais sin le nithe cosúil le muirear pearsanta, muirir i ndáil le táirgí nua seolta agus sraitheanna iomlána muirear d'institiúidí creidmheasa. As na 17 bhfógra, faomhadh 10 gcinn ina n-iomláine, diúltaíodh 6 gcinn go páirteach agus diúltaíodh ceann amháin. Bhíodhas i mbun oibre lena chinntiú go ndearna na h-institiúidí déileáil le hearráidí sa mhuirear ar bhealach cruinn tráthúil cóir.

Ceanglais Nua Rialála

Le linn 2009, tugadh isteach trí cinn de thionscnaimh cosanta tomhaltóirí. Chuir siad seo feabhs ar an gcreatlach cosanta tomhaltóra in Éirinn – creatlach a bhí láidir cheana féin:

- » An Cód Cosanta Tomhaltóirí d'Iasachtóirí Ceadúnaithe Airgid;
- » An Cód Iompraíochta do Riaráistí Morgáiste; agus
- » An Cód Iompraíochta d'Iasachtú Gnó do Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéid.

I mí Feabhra 2009 tugadh isteach Cód reachtúil iompraíochta um Riaráistí Morgáiste (An Cód) go gach iasachtóir morgáiste. Áiríonn príomhfhógraí an Chóid cumar go ndéanfaí cumarsáid phras shoiléir leis an iasachtaí a luaithe is a bheadh riaráistí ann, bheith dearfach agus comhbhách agus fíorchásanna riaráistí á láimhseáil, agus bearta roghnacha aisiocaíochtaí a bhreithniú leis an iasachtaí. Ceapadh an Cód seo sa chaoi is a chinnteofaí go nglacfadh iasachtóirí morgáiste bearta chun cuidiú le teaghlaigh a bhí i riaráistí agus tá feidhm aige i leith gach iasachtóra morgáiste, lena n-áirítear bainc, cumainn foirgníochta agus gnólachtaí creidmheasa miondíola.

Sa Chód seo tá ceanglas gur ghá don iasachtóir fanacht sé mhí ó thagann riaráistí chun cinn ar dtús sular féidir leis dul chuig na cúirteanna ag iarraidh go dtionscnófaí caingean dlí chun príomháitreabh an iasachtaí a athshealbhú. Le héifeacht ó 17 Feabhra 2010,

leasaíodh an Cód chun go n-éileofaí ar iasachtóirí anois fanacht dhá mhí dhéag ó thráth na gcéad riaráistí go dtí gur féidir leo caingean dlí a thionscnamh sna cúirteanna chun príomháitreabh na iasachtaí a athshealbhú. Tá sé beartaithe leis an bhforáil seo cuidiú le tomhaltóirí trí am breise a thabhairt dóibh déileáil le haon chás riaráistí morgáiste. Ní féidir le hiasachtóir athshealbhú a lorg go dtí go bhfuil triail bainte as gach sceideal roghnach aisiocaíochta. Cibé scéal é, i gcás go bhfuil an t-iasachtaí ag iarraidh neamhaird a dhéanamh den iasachtóir d'aon ghnó, nó i gcás go ndlisteanódh cúinsí réasúnta eile é, ceadáíonn alt 6(a) den Chód don iasachtóir athshealbhú a lorg in éagmais na teagmhála seo ón iasachtaí.

Tháinig an Cód Iompraíochta d'Iasachtú Gnó do Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ("an Cód FBM") i bhfeidhm an 13 Márta 2009. Bhíodhas ag súil go nglacfadh aonáin rialaithe céimeanna láithreach chun na hathruithe cuí a chur i bhfeidhm sa chóras, i ngnáthaimh agus in oiliúint foirne. Éilíodh go ndéanfaí athruithe ar ghnáthaimh agus ar oiliúint a chur i bhfeidhm laistigh de thrí mhí ó dháta éifeachta an Chóid agus éilíodh go mbeadh athruithe déanta sa chóras laistigh de shé bhí ón dáta éifeachta. Seo a leanas cuspóirí Chód FBM:

- » Éascú a dhéanamh ar rochtain ar chreidmheas do thograí inchothaithe agus táirgeacha gnó;
- » Cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa chaoi a gcaitear le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); agus
- » A chinntiú, i gcás go bhfuiltear ag déileáil le riaráistí, go mbeadh sé mar aidhm ag an aonán rialaithe cuidiú le hiasachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, nó déileáil ar bhealach eile leis an scéal go hordúil, iomchuí.

I mí Mheán Fómhair na bliana 2009 scríobh an Rialtóir Airgeadais chuig aonáin rialaithe chun béim a leagan ar an ngá a bhí le go gcoinneofaí taifead de gach iarratas agus a chinntiú, i gcás gur diúltaíodh creidmheas, gur míníodh go soiléir don iarratasóir cén fáth ar diúltaíodh é. Cuireadh i gcuimhne dóibh freisin go raibh gá a chinntiú nár ghearr siad ceanglais nach raibh réasúnta ó thaobh taobhachta de chun áiseanna creidmheasa a sholáthar.

I mí Iúil 2009, eisíodh páipéar comhairliúcháin ar thabhairt isteach oibleagáidí faoi thaifid teileafóins do ghnólachtaí MiFID. Mar chuid

d'Athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh, chinn an Coiste um Rialtóirí Urrús Eorpach (CRUE) breithniú a dhéanamh ar thabhairt isteach rialachán nua aontaithe faoi thaifead teileafóin agus faoi chumarsáid leictreonach. Sa chomhthéacs seo, cinneadh breithniú thabhairt isteach aon oibleagáidí faoi Rialachán 40(6) de na Rialacháin MiFID a chur ar fionraí go dtí go mbeadh a sheasamh soiléirithe ag CRUE faoin gceist seo.

Cuireadh i gcrích an Cód Iompraíochta Tomhaltóirí d'Iasachtóirí Ceadúnaithe Airgid tar éis comhairliúchán poiblí agus tá feidhm aige i leith gach Iasachtóra Airgid in Éirinn. Tháinig Cód Prionsabail Ghinearálta na nIasachtóirí Airgid i bhfeidhm an 1 Eanáir 2009 agus tháinig na forálacha eile (.i. Caibidlí 2 agus 3) i bhfeidhm an 30 Meán Fómhair 2009.

Lean an obair ar athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha a bhí ag gabháil le hiasachtaí ó iasachtóirí airgid. Ba é ba chuspóir leis an athbhreithniú sin ná measúnú a dhéanamh ar chothroime na gcomhaontuithe sin, ag baint úsáide as Rialachán na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroime i gConarthaí le Tomhaltóirí), 1995. Cuirfear an t-athbhreithniú i gcrích le linn 2010. Déantar an próiseas bliantúil údaráithe d'iasachtóirí airgid, faoin *Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí*, 1995. Le linn 2009, rinneadh athnuachan ar 52 ceadúnas iasachtóra airgid nó eisíodh iad mar chuid den obair seo.

Eolas do Thomhaltóirí

I mí an Mheithimh 2009 d'fhógair an tAire Airgeadais leasú mór ar struchtúir institiúideacha do rialáil seirbhísí airgeadais in Éirinn. Mar chuid de seo, chuir an tAire in iúl go ndéanfaí an ról eolais agus oideachais do thomhaltóirí a athshannadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. Tharla aistriú an ról sin ar bhonn tarmilgthe i 2010 sular tugadh isteach an reachtaíocht.

Rinneadh athbhreithniú i rith na bliana ar an suíomh gréasáin www.itsyourmoney.ie. D'áirigh seo ath-phacáistiú ar an eolas faoi thopaicí stíle maireachtála/noda faoi chinntí a dhéanamh seachas iad a rangú de réir táirge ar leith – mar a bhí cheana. Rinneadh athdhearadh ar an leathanach baile agus tá an t-eolas anois ar fáil faoi shé cinn de phríomhrannóga:

- » Imeachtaí móra saoil;
- » Cuir i gcomparáidí agus ríomh;

- » Pleanáil don todhchaí;
- » Athbhreithniú ar do chuid airgid;
- » Má bhíonn deacrachtaí agat; agus
- » Ceannach agus iasachtaí.

Thug breis is 728,000 duine cuairt ar an suíomh gréasáin, sin méadú de thuairim is 7% i gcomparáid le hiomlán na bliana roimh ré de 679,000. Tharla an líon ba mhó de chuairteoirí ar an suíomh gréasáin sa chéad pháirt den bhliain, toisc a raibh ar siúl sna margaí ag an uair. Eisíodh an ríomh-nuachtlitir chuig tuairim is 16,000 duine cláraithe gach mí agus d'áirigh seo topaicí a bhain le deacrachtaí a raibh ar thomhaltóirí aghaidh a thabhairt orthu mar thoradh ar chor chun donais na heacnamaíochta. Bhuaigh an suíomh gréasáin. www.itsyourmoney.ie An gradam 'an suíomh is fearr neamhthráchtála' sna gradaim Digital Media Awards sa bhliain 2009.

Le linn na bliana reáchtáladh roinnt feachtas eolais go príomha ag baint le fiachas agus athruithe ar rátaí úis. Cuimsíodh topaicí eile cosúil le hiomarcaíocht, riaráistí morgáiste agus ullmhú do nithe nach rabhtas ag súil leo.

Déileáladh le breis is 32,000 teagmháil dhíreach ó thomhaltóirí, ag lorg eolas faoi airgeadas pearsanta, i rith na bliana. Seo laghdú ó 43,000 teagmháil dhíreach le linn 2008, ach bhí an líon sin neamhchoitianta ard an bhliain sin toisc na géarchéime baincéireachta sa dara leath den bhliain. San iomlán cuireadh i láthair 32 seimineár eolais in ionaid ar fud na tíre.

Foilsíodh an chéad mhórstaidéar riamh ar chumas airgeadais tomhaltóirí in Éirinn. Léiríonn an staidéar to bhfuil daoine go maith ag bainistiú a gcuid airgid, tríd is tríd, i réimsí a bhaineann le planáil don todhchaí, táirgí airgeadais a roghnú agus fanacht ar an eolas. Rinneadh an taighde seo chun bonnlíne a thomhas a bhféadfaí taighde amach anseo sa réimse céanna a chur i gcomparáid leis. Beidh torthaí an taighde seo ina bhonn eolais do chur chuige na hÉireann i leith oiliúint tomhaltóirí faoi chúrsaí airgeadais agus beartas cosanta. Beidh na torthaí úsáideach freisin chun spriocdhírú agus forbairt acmhainní eolais chun cuidiú le tomhaltóirí bheith eolasach faoina gcuid airgid. Lean an obair ar aghaidh i rith na bliana leis an nGrúpa Stiúrtha um Oiliúint Airgeadais. Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa (Improving Financial Capability – a multi stakeholder approach) i mí Iúil 2009. Cuireadh tús le planáil tosaigh do chlár féideartha chun tacaíocht



Bonn Óir Bhliain na bPol €100, a bhuaigh gradam.

oideachais airgeadais a sholáthar tríd an láthair oibre, sa dara leath den bhliain.

Tar éis thabhairt isteach rathúil ar Chlár Idirbhliana ‘Get Smart with your Money’ i gcomhar leis an tSeirbhís Bhuiséadachta agus Chomhairle Airgid (SBCA), cuireadh oiliúint inseirbhíse ar fáil do mhúinteoirí sa bhliain 2009. Ar an gcaoi seo bhí 6,000 scoláire sa bhreis rannpháirteach sa chlár, a áiríonn lámhleabhar do mhúinteoirí, dialanna do scoláirí agus gnéithe breise.

Tá mandáid reachtúil ar na Rialtóir Airgeadais tuairisciú ar fhairsinge na hiomaíochta atá ann i measc soláthraithe seirbhísí airgeadais. Mar a tharla i mblianta roimhe seo ríomhadh seo ar bonn cóimheasa cúig ghnólacht agus innéacsanna Herfindahl- Hirschman (HH) chun dlús tionscail a thomhas (agus dá réir sin, méid na cumhachta margaidh a d’úsáid gnólachtaí níos mó i ndeighleoga de thionscail na baincéireachta agus an árachais). Tá siadsan leagtha amach in Aguisín B.

13. Córais íocaíochta agus Seirbhísí Airgeadra

Córais íocaíochta

TARGET2

Tá an Banc freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chórais íocaíochta agus socraíochta urrús chun a chinntiú go bhfuil siad slán, éifeachtach agus tíosach, agus dá réir sin, go bhfreastalóidh siad ar riachtanais ghnó agus bhaincéireachta an gheilleagair.

Is éard atá i TARGET2 ná córas amháin pan-Eorpach a úsáideann gach ceann de na córais náisiúnta íocaíochta lena chinntiú go bhfuil bonneagar mórdhíola aonchineálach ann, agus ar an gcaoi seo ag cur chun cinn na héifeachta agus comhtháiteachta i margaí airgeadais na hEorpa.

D’oibrigh córas TARGET2 go maith i 2009 agus, dhearbhaigh a shuíomh ceannasach san Eoraip le sciar den mhargadh cobhsaí de 89% d’iomlán luach na n-íocaíochtaí i gcórais mhóra íocaíochta euro. Laghdaigh líon iomlán na n-íocaíochtaí arna bpróiseáil trí chóras TARGET2,

ámh, faoi 6.5% i dtoirt agus faoi 19.3% ina luach, i gcomparáid le 2008, agus b'ionann an toirt laethúil agus 345,768 idirbheart, sin meánluach laethúil de €2,153 billiún.

Ar an 30 Meitheamh 2009, shroich TARGET2 buaic de 539,336 idirbheart, dar luach €3,427 billiún. Phróiseáil comhchuid Éireannach TARGET2 isteach is amach le 1.23 milliún íocaíocht i 2009, dar luach breis is €7749 billiún. Shroich infhaighteacht an chórais 99.998%. Seo an infhaighteacht is airde ó seoladh TARGET sa bhliain 1999.

T2S agus CCBM2

Le linn 2009 leanadh le forbairt an tionscadail Urrúis TARGET2. Is córas socraíochta pan-Eorpach é T2S d'urrúis agus tá sé beartaithe go rachaidh sé beo i 2014. Lean an Banc ag glacadh páirte i nGrúpa Comhairleach T2 agus tá sé le bheith ina chathaoireach ar ghrúpa Úsáideoirí Náisiúnta T2S.

Tá obair ag dul ar aghaidh ag leibhéal Chóras an Euro ar dhearadh agus chur i bhfeidhm an tionscadail Bainistiú Thaobhacht an Bhainc Ceannais (CCBM2). Cuideoidh CCBM2 le Córas an Euro bainistiú a dhéanamh ar thaobhach d'oibríochtaí intíre agus trasteorann araon ar bhonn cuíchóirithe.

SEPA

Seoladh SEPA (Single Euro Payments Area) go foirmiúil i mí Eanáir 2008, agus tugadh isteach Scéim Aistrithe Creidmheasa SEPA chomh maith le Creatlach Cártá SEPA. Seoladh Scéim Dochair Dhírigh SEPA i mí na Samhna 2009. Nuair a bheidh tionscadal SEPA i gcrích beidh tomhaltóirí ina ann íocaíochtaí neamhairgid thirim euro a dhéanamh le tairbhíthe atá lonnaithe aon áit i limistéar an euro ag baint úsáide as cuntas bainc amháin agus le sraith treoracha íocaíochta amháin.

Chomh maith le feabhas a chur ar éifeachtacht íocaíochtaí euro, tá SEPA ag tabhairt isteach rialacha agus caighdeáin theicniúla nua ghnó. Beidh éifeacht aige ar gach íocaíocht leictreonach mhiondíola, gach aistriú creidmheasa, gach dochar díreach agus gach íocaíocht le cárta mar go dtiocfaidh siad go léir ar deireadh thiar faoi chaighdeán SEPA. Tá cur i bhfeidhm SEPA in Éirinn mar fhreagracht ar an Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta (EÉSI) agus ar Thascfhórsa Feidhmithe SEPA (SITF), agus ina gcomhaltáí air seo tá foireann EÉSI, ionadaithe de bhallbhainc IPSO agus an

Banc ina cháil mar mhaoirseoir na gcóras íocaíochta.

Trasuíodh Treoir Choimisiún an AE um Sheirbhísí Íocaíochta (nó TSI), a fhorálann do chreatlach dlí chun tacú le SEPA, go dlí na hÉireann faoin spriocdháta a éilíodh, an 1 Samhain 2009 (shínigh an tAire Airgeadais an Ionstraim Ábhartha Reachtúil – I.R. Uimh 383 de 2009 – ar an 25 Meán Fómhair 2009).

Straitéis Náisiúnta Íocaíochtaí

Is éard atá mar aidhm ag an gClár Feidhmithe Íocaíochtaí Náisiúnta (CFIN) ná seo a leanas *“provide a payments environment which delivers efficiencies to all sectors of the economy, is inclusive of all sectors of society, and shares the benefits universally”*. I mí Iúil 2009 cuireadh i gcrích obair Ghrúpa Comhairle an CFIN, is é sin éascú a dhéanamh ar chur chun cinn nuachóiriú na gcóras íocaíochta agus ghlac an Banc páirt ann. Cuireadh tuarascáil iomlán faoi bhráid an Aire Airgeadais ansin. Fuarthas i dtuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh, d'ainneoin go raibh dul chun cinn suntasach déanta i bhforbairt an bhonneagair íocaíochtaí náisiúnta (m.sh. tá cártáí dochair, íocaíochtaí leictreonacha agus baincéireacht ar an idirlíon ar fáil níos forleithne in úsáid agus in úsáid níos mó), níl Éire ag feidhmiú go rómhaithe sna réimsí seo *vis-à-vis* tíortha inchomparáide. Chuir an Rialtas in iúl bo bhfuil sé beartaithe aige grúpa nua ardleibhéil a bhunú chun próiseas leasaithe íocaíochtaí náisiúnta a stiúradh.

Táirgeadh agus Eisiúint Airgeadra

Cuireadh a riachtanais iomlána nótaí bainc agus conn airgid ar fáil do Bhainc sa bhliain 2009.

Faoi shocruithe táirgeachta comhthiomsaithe an BCE, phriontáil an Banc 105 milliún nóta bainc i nótaí €20 sa bhliain 2009. Fuarthas nótaí bainc eile ó BC eile i limistéar an euro agus d'eisigh an Banc iad. Sholáthraigh an Banc, san iomlán, 412 milliún nóta bainc nua agus ath-eisithe i rith na bliana.

Sa bliain 2009, táirgeadh 186 milliún bonn airgid. Le linn na bliana, ámh, thit an t-éileamh ar bhoinn airgid go substainteach. San iomlán eisíodh 112 milliún bonn airgid – is é sin titim de 61% ón mbliain roimh ré. Seo toisc gur thit an t-éileamh ar na boinn airgid is lú luach agus seans go bhfuil laghdú ar an gcúileáil a bhíodh ar siúl ar na boinn sin de réir mar a lagaigh gníomhaíocht eacnamaíochta.

Eisiúint Nótaí Bainc agus Bonn Airgid i 2009

Tábla A: Eisiúint Nótaí Bainc

Ainmníocht	€5	€10	€20	€50	€100	€200	€500	Iomlán
Líon na Nótaí Bainc (milliúin)	54	49	114	193	2	0	0	412
Luach €milliún	271	488	2,270	9,669	173	5	30	12,906

Nóta: Féadfaidh nach ndéanadh figiúir suime de bharr go ndearnadh slánú orthu.

Tábla B: Eisiúint Bonn Airgid

Ainmníocht	1c	2c	5c	10c	20c	50c	€1	€2	Iomlán
Líon na mBonn Airgid (milliún)	58	22	14	5	5	1	2	4	112
Luach €milliún	1	0	1	1	1	1	2	8	14

Nóta: Féadfaidh nach ndéanadh figiúir suime de bharr go ndearnadh slánú orthu.

Leanadh le hullmhúcháin i 2009 le cur i bhfeidhm Chreatlach Athchúrsála Nótaí Bainc an BCE (CANB). Sainítear sa CANB rialacha aonchineálacha agus caighdeáin fosta d’athchúrsáil nótaí bainc euro, a gcaithfidh institiúidí creidmheasa agus láimhseálaithe gairmiúla eile airgid iad a leanúint agus bunaíonn sé beartas pan-euro d’athchúrsaíocht nótaí bainc euro. Cuireadh in iúl do pháirtithe leasmhara in Éirinn a n-oidleagáidí agus táthar ag ullmhú do chur i bhfeidhm iomlán ar an 1 Eanáir 2011.

Lean an Banc ar aghaidh ag táirgeadh roinnt bonn do bhailitheoirí agus boinn chomórtha – Sraith Bhliantúil Mionta, profa bonn €15 airgid chun comóradh a dhéanamh ar 125 bliain an CLG agus bonn €20 óir agus €10 airgid chun comóradh a dhéanamh ar 80 bliain ó seoladh Nótaí Bainc Ploughman agus sraith profa ina bhfuil na naoi gcinn de na boinn euro Éireannacha atá i gcúrsaí agus bonn comórtha 10 mbliana €2 AAE. Bhuaigh an Banc Ceannais an chéad áit sa chomórtas idirnáisiúnta do bhailitheoirí bonn “Vicenza Numismatica” dár mbonn óir bhliain na bPol €100 Eisíodh an bonn seo sa bhliain 2008 chun comóradh a dhéanamh ar Bhliain Idirnáisiúnta na bPol agus tá na taiscéalaithe Ernest Shackleton agus Tom Crean léirithe ar an mbonn.

Lean an Banc ar aghaidh ag glacadh le nótaí bainc agus boinn airgid Éireannacha a eisíodh sular tugadh isteach an euro. Ag deireadh 209, bhí €241 milliún de nótaí bainc Éireannacha fós amuigh agus €126 milliún de bhoinn airgid Éireannacha fós amuigh.

14. Bainistiú Sócmhainní

Punann Sócmhainní

Ag deireadh 2009, chuimsigh punann infheistíochta an Bhainc sócmhainní arna n-ainmniú in euro de €16.8 billiún agus gabháltas de dhollar na SA dar luach coibhéis de €0.5 billiún. Léiríonn an t-iomlán méadú de €1.24 billiún ar 2008 agus den méid sin baineann €0.5 billiún le rannpháirtíocht an Bhainc i gClár um Cheannach Bannaí Clúdaithe an BCE (CCBC) leis an iarmhéid ag teach ó dhíbhinní agus ioncam.

Rinneadh punann infheistíochta an Bhainc a bhainistiú de réir na bparaiméadar arna fhaomhadh ag an mBord. Rinne an Bord leasú ar roinnt de na paraiméadair sin chun go bhféadfaí infheistiú i CCBC agus chun freagairt don tionchar leanúnach ag an ngéarchéim dhomhanda airgeadais ar na margáí agus ar ionstraimí ina ndéanann an Banc infheistiú.

B’ionann tuilleamh iomlán phunanna infheistíochta an Bhainc agus €565.9 milliún sa bhliain 2009 i gcomparáid le €821.0 milliún sa bhliain 2008. Lean toradh ar bhannaí ag titim le linn 2009 cé go raibh seo níos moille ná mar a bhí sa bhliain 2008. Mar thoradh air seo b’ionann an tuilleamh ar phunanna infheistíochta agus 3.47 faoin gcéad, rud a bhí 2.3 pointe céatadáin níos ísle ná i 2008. Lean an laghdú ar mharthanacht i bpunann an euro-a thosaigh i dtreo dheireadh 208 – sa chéad leath de 2009 agus chríochnaigh faoi mhí Bealtaine.

Cúlchistí an ECB

Déanann gach banc náisiúnta ceannais bainistiú ar sciar de chúlchistí an Bhainc Ceannais Eorpaigh. I gcás na hÉireann is ionann an méid sin agus €865.5 milliún, atá i gcomhréir le scairsheilbh an Bhainc sa BE. Ag deireadh 2009, b'ionann glan-chúlchistí eachtracha an BCE agus €51.1 billiún.

Ar iarratas ó Bhanc Ceannais Mhálta, thosaigh an Banc ag bainistiú sciar Mhálta de chúlchistí an BCE i gcomhar lena sciar féin, le héifeacht ón 1 Eanáir 2008.

Bainistiú Riosca

Na príomhrioscaí a bhain le gníomhaíochtaí phunann infheistíochta an bhainc le linn 2009, mar a bhí i mblianta roimhe seo, ná riosca margaidh, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca oibríochtúil (riosca socraíochta san áireamh). Baineadh amach bainistiú na rioscaí seo trí anailís mharthanachta na punainne infheistíochta agus trí theorainneacha níos déine creidmheasa agus eisiúnóra a ghearradh. Baineadh úsáid as Luach Riosca-Choigeartaithe (LRC) mar uirlis fhorlíontach tomhais riosca don nochtadh don mhargadh agus riosca airgeadra. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh na dteorainneacha déileála infheistíochta le roinnt bearta éagsúil breise agus cuireadh tuarascálacha rialta faoi bhráid fhorais chinnteoireachta an Bhainc, an Choiste Iniúcháireachta, an Choiste Infheistíochta agus an Bhoird Bhainistíochta.

15. Bainistiú ar Phróisis agus ar Ghnáthaimh Inmheánacha

Acmhainní Daonna

Ag deireadh 2009, bhí 1,043.7 ball foirne buan fostaithe ag an mBanc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais ó líon iomlán faofa de 1,122. As an líon sin, bhí 420.5 sannta d'oibríochtaí an Bhainc Ceannais, 377.2 sannta do réimsí Rialála agus 239 do sheirbhísí comhroinnte. Bhí 7 eile sannta do Investor Compensation Company Limited (ICCL). Léirigh an t-iomlán glanmhéadú de 2.3 faoin gcéad ar leibhéil foirne 2008. Mhéadaigh an líon duine a d'imigh ar scor ó 23 sa bhliain 2008 go 45 i 2009. Earcaíodh 44 ball foirne breise ar chonarthaí

téarma sheasta le linn 2009. Tharla seo go príomha toisc earcaíochta ar fhoireann bhreise sa Rialtóir Airgeadais.

Thosaigh an chéad chéimithe a earcaíodh faoin gClár Forbartha Céimithe in Earrach na bliana 2009. Meallann an clár i gcónaí iarrthóirí ardchaighdeán agus tá sé beartaithe go méadóidh an líon céimithe a fhostófar go suntasach i 2010.

Mar chuid de chlár oiliúna agus forbartha an Bhainc, leanadh ar aghaidh ag soláthar clár inmheánach agus seachtrach araon don fhoireann ag clúdach gach réimse den eagraíocht. Reáchtáladh na chéad chúrsaí teicniúla atá áirithe sa Churaclam Rialála i Meán Fómhair 2009.

Teicneolaíocht Faisnéise

Chuireamar chun cinn roinnt tionscnamh i 2009 ag teacht le straitéis TF na heagraíochta: D'áirigh siad:

- » Príomhthionscadail atá dírithe ar tháirgeacht – rinneadh tuilleadh forbartha iontu seo ar Bhainistiú Inneachair Fiontair agus Creatlacha Faisnéise Gnó agus cuireadh tús le soláthar Cumarsáidí Aontaithe. Cuireann seo teicneolaíocht idir-oifigí agus deasc físchomhdhála ar fáil, comhtháthú facs leictreonach agus príomhbhonneagar do chomhtháthú gutha;
- » Cuireadh tús le hobair, i gcomhar le bainc cheannais eile, ar chur i bhfeidhm córais nua chun airgead a láimhseáil d'oibríochtaí Airgeadra;
- » Rinneadh obair shuntasach ar chóras tuairiscithe ar líne agus anois éascaíonn sé aischiú a dhéanann cuideachtaí Árachais Saoil agus Neamhshaoil a dhéanamh go ráithiúil agus go bliantúil araon. Déanann cuideachtaí atharachais aischiú bhliantúla a chur isteach;
- » Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm samhail nua chuntasaíochta i 2009;
- » Caitheadh am agus iarracht shuntasach le feabhas a chur ar chórais agus chun iad a leasú chun déileáil leis an ngéarchéim airgeadais. Na príomhthosaíochtaí ná córais d'Oibríochtaí Airgeadais lena n-áirítear Bainistiú Taobhacht, Próiseáil Díreach Tríd (PDT) agus uasghrádú ar Mheitric Riosca; agus

- » Cuireadh feabhas mór ar stuamacht bhonneagar leanúnachais ghnó an Bhainc agus leanfar ag cur feabhais air seo le linn 2010.

Bainistiú Faisnéise

Chuireamar tús leis an tionscadal um Bainistiú inneachair Fiontair (BIF) go déanach sa bhliain 2008, chun a chinntiú go mbeadh modh níos éifeachtaí, níos comhréirí agus níos sláine ann bainistiú a dhéanamh ar cháipéisí leictreonacha, maille le gnéithe faoi shreabhadh oibre agus comhoibriú. I 2009, reáchtáladh tionscadal píolótach chun réiteach BIF a sholáthar don feidhm Faomhadh an Réamheolaire agus Pasú, agus ina dhiaidh sin cuireadh tús le clár chun réitigh BIF a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach d'fheidhmeanna éagsúla. Seo tionscadal ilbhliantúil a chuirfear i bhfeidhm ar bhonn céimneach bunaithe ar thosaíochtaí eagraíochta. Faoi láthair, tá an clár ag forbairt Chórais Bainistíochta Taifead (BCT) do chur i bhfeidhm céimneach na bpríomhfheidhmeanna ar fud na heagraíochta.

Chuireamar tús freisin le tionscadal Faisnéise Gnó, agus an cuspóir atá leis sin ná úsáid a bhaint as uirlisí agus córais nua anailíse chun anailís níos fearr a dhéanamh ar shonraí, ag féachaint le feabhas a chur ar luach na sonraí sa chinnteoireacht. Arís, cuirfear seo i bhfeidhm ar bhonn céimneach.

Iníúchadh Inmheánach

Le linn na bliana rinne Iníúchadh Inmheánach roinnt athbhreithnithe ar fud na réimsí baincéireacht cheannais agus rialáil. I measc na dtpaici a áiríodh bhí córais íocaíochta mhiondíola, oibriú Chórais Ráthaíochta Bainc an Rialtais, bailiú staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais agus roinnt athbhreithnithe bainteach le TF. Cuireadh tuarascálacha rialta ar fáil don Choiste Iníúcháireachta agus don ardbhainistíocht faoi thoradh na n-athbhreithnithe lena n-áirítear dul chun cinn chur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh roimhe sin. Bhuail Ceann an Iníúchta Imheánaigh leis an nGobharnóir go rialta chun saincheisteanna a bhain le hiniúchadh a phlé.

Riosca Oibríochtúil agus Leanúnachas Gnó

Rinneadh bainistiú ar riosca oibríochtúil trí chur i bhfeidhm chreachtlach Bainistithe Riosca an Bhainc. Soláthraíonn an chreatlach seo do

shainaithint agus anailís na nochtaí féideartha agus rialuithe a bhunú agus a chur i ngníomh maille le pleananna gnímh chun na rioscaí sin a mhaolú. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar an nochta do riosca oibríochtúil ar fud na heagraíochta agus cuireadh athbhreithniú cuimsitheach bliantúil faoi bhráid an Bhoird. Dhírigh na gníomhaíochtaí Bainistithe Leanúnachais Ghnó i rith na bliana go príomha ar chur chun cinn pleananna chun cosaint i gcoinne paindéime, i bhfianaise ráige den víreas H1N1 virus, agus úsáideadh acmhainní suntasacha freisin chun feabhas a chur ar shocruithe teagmhasacha ar an láthair de chuid an Bhainc.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha ar Phleanáil do Riosca Córasach le linn 2009 chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt tionscnamh teagmhasacha ar fud an tionscail, agus an Bord ag feidhmiú mar chomh-Chathaoirleach le Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann. Dhírigh an grúpa go dtí seo ar phleanáil san earnáil airgeadais do tharlú paindéime.

Cúrsaí Díl

Le linn 2009, chuir ár seirbhísí dlí le forbairt reachtaíochta príomhúla a sholáthródh d'athstruchtúrú an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann agus chun leasuithe a dhéanamh ar an struchtúr reachta BCÚSAE. Cuireadh na chéad achtuithe i bhfeidhm an t-athrú seo, an Bille um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, a foilsíodh an 30 Márta 2010.

Rinneadh leasuithe dlí le contrapháirithe beartais airgeadais chun Treoirínte an BCE a chur i bhfeidhm agus bhí idirghabháil eadrainn agus an Roinn Fiontar chun trasuíomh a dhéanamh ar na Treoracha leasuithe Eorpacha faoi chríochnaitheacht socraíochta agus faoi thaobhacht airgeadais. Leanadh leis an obair ar shaincheisteanan a bhaine le taobhacht arna ghlacadh d'oibríochtaí creidmheasa Chórais an Euro: d'áirigh seo cur le hiniúchadh ar chomhthiomuithe morgáiste chun tacú leis na nótaí gealltanais tacaíthe ag morgáiste ó eiseitheoirí faofa agus éilimh chreidmheasa arna rialú ag dlí na hÉireann, agus measúnú ar ghéilliúlacht na n-urrús tacaíthe ag sócmhainní, nóta meántéarmacha agus bannaí clúdaithe le critéir incháilitheachta Chórais an Euro. Chuireamar chun cinn ceisteanna a bhain le hidirbhearta euro in Euroclear UK agus na hÉireann, saincheisteanna faoi rialachas

corparáideach, nithe ag eascairt as socruithe leis an CAI, saincheistanna soláthair, agus nithe a bhaineann le dlí na hÉireann a bhfuil ábharthacht acu do na tionscadail i gCóras na Euro Eurosystem TARGET2-Securities agus CCBM2.

Cuidíodh leis an eagraíocht freisin dréachtú a dhéanamh ar *Acht an Bhainc Angla-Éireannaigh*, 2009, an *tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní*, 2009, reachtaíocht a thabharfadh éifeacht don Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta 2007/64/CE (IR Uimh 383 de 2009), reachtaíocht a thabharfadh tuilleadh éifeachta don Treoir maidir le Baincéireacht Chomhtháite 2006/48/CE (IR Uimh 475 de 2009), agus Treoir 2006/49/CE maidir le Leordhóthanacht Caipitil do Ghnólaigh Beaga (IR Uimh. 515 de 2009).

Tar éis gur fhógair an tAire Airgeadais go raibh sé beartaithe aige scéim faoisimh sócmhainní a thabhairt isteach do bhainc in Éirinn i mí Aibreáin 2009, cuireadh cúnamh agus comhairle ar fáil don Rialtas i ndréachtú na reachtaíocht don Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), Ainmniú Sócmhainní Incháilithe agus Ainmniú Institiúidí Rannpháirteacha. Thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh reáchtáladar athbhreithniú neamhspleách ar Mhodheolaíocht Luachála do GNBS. Chuireamar tús leis an obair seo i 2009 agus leanfar den obair sin le linn 2010 de réir mar a aistrítear gach beart sócmhainní go GNBS.

Cumarsáid

Tháinig méadú suntasach ar an líon fiosrúchán ó na meáin chuig an eagraíocht, a bhí thuas tuairim is 33 faoin gcéad ar 2008. Léirigh seo an fócas níos mó ar an eagraíocht agus an spéis níos mó inti de réir mar a tharla an ghéarchéim airgeadais. Chomh maith leis sin, bhí méadú suntasach ar ghníomhaíocht ó thaobh na n-agallamh leis na meáin, na ráiteas a eisíodh agus 11 uair ar thángthas os comhair Choiste an Oireachtais, mar eagraíocht ag iarraidh a mhíniú na forbairtí faoin ngéarchéim airgeadais do spriocghrúpa níos leithne de pháirtithe leasmhara lena n-áirítear rannpháirtithe sa mhargadh agus an pobal i gcoitinne.

Straitéis agus Pleanáil

Cuireadh athbhreithniú neamhspleách faoi phróisis ghnó an Rialtóra Airgeadais, arna chur i gcrích ag Mazars, faoi bhráid Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann i mí Feabhra 2009. Bhain an tuarascáil le dáta roimh cinneadh an Rialtais athstruchtúró a dhéanamh ar chóras rialála na hÉireann agus impleachtaí na géarchéime airgeadais do dhéine na maoirseachta. D'ainneoin sin, aithníonn an Rialtóir Airgeadais go bhfuil ábharthacht fós ag baint leis an tuarascáil seo agus tá a phríomhmholtaí á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt straitéise nua eagraíochta don tréimhse 2010-2012. Forbraíodh an straitéis nua seo chun struchtúr nua na heagraíochta a léiriú maille le hathruithe beartais a bhfuil gá leo toisc na freagrachtaí nua a bheidh ar an mBanc Ceannais tar éis fhoilsiú an Bhille um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010.

Tugtar seo faoi shéala Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.

Patrick Honohan
Gobharnóir

Mary Sheehy
Rúnaí

25 Meitheamh 2010

Aguisín A: Ráitis agus Páipéir arna bhFoilsíú ag an mBanc i 2009

Príomhfhoilseacháin

Feasachán Ráithiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2008 – Iúil 2009

Ráitis Phreaschomhdhála

Governor's statement to mark the publication of the *Annual Report* of the Central Bank of Ireland – July

Os Comhair Choistí an Oireachtais (Ráiteas Tosaigh)

Chairman Jim Farrell to Joint Oireachtas Committee on Economic Regulatory Affairs – January

Governor John Hurley to Joint Oireachtas Committee on Finance and the Public Service – January

Chairman Jim Farrell to Joint Oireachtas Committee on Finance and the Public Service – January

Governor John Hurley to Joint Oireachtas Committee on Economic Regulatory Affairs – March

Chairman Jim Farrell to Joint Oireachtas Committee on Economic Regulatory Affairs – April

John Kelly, Head of Statistics to Joint Oireachtas Committee on Social and Family Affairs – April

Acting Chief Executive Mary O'Dea to Joint Oireachtas Committee on Social and Family Affairs – April

Tom O'Connell (ADG) to Joint Oireachtas Committee on Enterprise, Trade and Employment – July

Martina Kelly, FIFA to Joint Oireachtas Committee on European Scrutiny – July

George Treacy, Head of Legal to Joint Oireachtas Committee on Finance and the Public Service – July

Governor Patrick Honohan to Joint Oireachtas Committee on Economic Regulatory Affairs – December

Óráidí agus Cur i Láthair

Address by Registrar of Credit Unions, Brendan Logue at Credit Union Development Associations, AGM – January

Address by Governor John Hurley to ACI Ireland – June

Address by Deputy Registrar of Credit Unions, James O'Brien to Credit Union Managers Association, Autumn Lunch – September

Presentation by Governor Patrick Honohan at ESRI, Budget Perspective 2010 Conference – October

Address by Acting Chief Executive Mary O'Dea at the Law Reform Commission – November

Address by Governor Patrick Honohan at the Financial Services Ireland, Annual Dinner – December

Presentation by Governor Patrick Honohan at RBWC, OeNB and Austrian Ministry of Finance Conference – December

Ailt i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

Measuring Inflation Expectations in the Euro Area – Brian Golden and Allen Monks – No.1 2009

Quantifying the Impact of Oil Prices on Inflation – Colin Bermingham – No.1 2009

Investment in the Euro Area – Mary Ryan – No.3 2009

A Discussion on the Taylor Rule – David Doran and Ronan Hickey – No.3 2009

Wage Setting and Wage Flexibility in Ireland: Results from a Firm-level Survey – Mary Keeney, Martina Lawless and Alan Murphy – No.4 2009

Housing Finance Developments in Ireland – Nicola Doyle – No.4 2009

Páipéir Taighde Theicniúil

Financial Capability: New Evidence for Ireland – Nuala O'Donnell and Mary Keeney – February

Adjusting for Quality of Labour and Labour Services in Productivity Measurement – Mary Keeney – March

Regional Tax Differences and Multinational Profits in Europe – Alan Murphy – March

Consumer Financial Capability: A Comparison of the UK and Ireland – Nuala O'Donnell – June

Tax Complexity and Inward Investment –
Martina Lawless – July

A Model of Mortgage Credit – Diarmaid
Addison Smyth, Kieran McQuinn and Gerard
O'Reilly – August

A Critical Assessment of Existing Estimates of
Core Inflation – Colin Bermingham – August

Macroeconomic Forecasting and Structural
Change – Antonello D'Agostino, Luca Gambetti
and Domenico Giannone – October

Modelling Credit in the Irish Mortgage Market –
Diarmaid Addison Smyth, Kieran McQuinn and
Gerard O'Reilly – November

Quantifying Revenue Windfalls from the Irish
Housing Market – Diarmaid Addison Smyth and
Kieran McQuinn – November

Downward Nominal and Real Wage Rigidity:
Survey Evidence from European Firms – Jan
Babecky, Philip Du Caju, Theodora Kosma,
Martina Lawless, Julian Messina and Tairi Room
– November

The Margins of Labour Cost Adjustment:
Survey Evidence from European Firms – Jan
Babecky, Philip Du Caju, Theodora Kosma,
Martina Lawless, Julian Messina and Tairi Room
– November

The United States as a growth leader for the
Euro Area – A multi-sectoral approach – Kieran
McQuinn and Geraldine Slevin – November

Destinations of Irish Exports: A Gravity Model
Approach – Martina Lawless – November

Euro Area Investments: the Generation of GDP
Growth and the Marginal Product of Capital –
Mary Ryan – November

Money and Uncertainty in Democratised
Financial Markets – Frank Browne and Robert
Kelly – November

Foilseacháin Staitistiúla

Statistical Appendix in Quarterly Bulletins –
Quarterly

Investment Fund Statistics

Sectoral Developments in Private Sector
Credit – Quarterly

Euro area Bank Lending Survey – Irish Results
– Quarterly

Monthly Statistics

Private Motor Insurance Statistics

Foilseacháin in Irisí Acadúla a rinne Baill Foirne

Modelling credit in the Irish mortgage market –
Addison Smyth D. McQuinn K and G. O'Reilly
– Economic and Social Review, Vol 40(4),
pp.371-392, 2009

Quantifying revenue windfalls from the Irish housing
market – Addison Smyth D. and K. McQuinn –
Economic and Social Review, forthcoming

Supply response in an uncertain market:
Assessing future implications for activity levels
in the Irish housing sector – Addison Smyth D.
McQuinn K and G.O'Reilly – European Journal
of Housing Policy, Vol 9(3), pp.259-283, 2009

International order flows: Explaining equity and
exchange rate returns – Dunne, P., M. J. Moore
& H. Hau – *Journal of International Money and
Finance* (2009), doi:10.1016/j.jimonfin.2008.12.012

A price-setting model for sectoral analysis
of environmental tax reform – in M. Skou
Anderson and P. Ekins (Eds) – FitzGerald, J., M.
Keeney and S. Scott (2009) – *Carbon Energy
Taxation: Lessons from Europe* Oxford
University Press 2009

Adjusting for Quality of Labour and Labour
Services in Productivity Measurement –
M Keeney – *Economic and Social Review*,
forthcoming 2010

Deconstructing Gravity: Trade Costs and
Extensive and Intensive Margins – M Lawless –
Canadian Journal of Economics, 2010 forthcoming

Destinations of Irish Exports: A Gravity
Model Approach – M Lawless – *Journal
of the Statistical and Social Inquiry Society
of Ireland*, Vol. 39, 2010 forthcoming

Páipéir Chomhairliúcháin foilsithe ag an Rialtóir Airgeadais i 2009

Revocation of Dormant Collective
Investment Schemes – August

Revisions to notices issued by the
Financial Regulator – July

Telephone Records and Electronic
Communications under the MiFID
Regulations 2007 – July

CP37 Limited Consultation on Minimum
Competency Requirements for Private
Medical Insurance – April

CP36 Consultation Paper on Disclosure
of Grants of Security over Shares – April

Tá na foilseacháin go léir seo ar fáil ag
www.centralbank.ie or www.financialregulator.ie

Aguisín B: Tábla Forlíontacha

Líon Iomlán na Soláthraithe Seirbhís Rialaithe Airgeadais

	2008	2009
Institiúidí Creidmheasa (lena n-áirítear craobhacha d'Institiúidí Creidmheasa thar lear)	81	82
Cuideachtaí Árachais Saoil	70	68
Cuideachtaí Neamhárachais Saoil	160	156
Cuideachtaí Athárachais	121	120
Gnólachtaí Infheistíochtaí (MIFID)/Gnólachtaí Infheistíochtaí Gnó	156	168
Idirghabhálacha Gnó		
» Idirghabhálacha Ilghníomhaireachta	2,048	2,039
» Comhairleoirí Údaraithe	435	441
» Idirghabhálacha Árachais/Athárachais	4,019	4,134
Idirghabhálacha Morgáiste Údaraithe Ceadaithe/Athnuais	2,073	1,969
Comhscéimeanna Infheistíochta	5,025	4,625
Soláthraithe Seirbhísí Cistí	232	236
Comhair Chreidmheasa	419	414
Idiraitheoirí Airgid agus Bureaux de Change	25	31
Iasachtóirí Airgid ⁷	52	52
Stocmhalartán/Oibreoirí Margaidh	1	1
Bróicéirí Airgid	6	6
Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola	7	13
Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais	2	2
Institiúidí Íocaíochta	0	6
Iomlán	14,932	14,563

⁷ Faoi réir athnuachan bliantúil an cheadúnais.

Líon na nÚdaraithe Ceadaithe i 2008 agus 2009

	2008	2009
Institiúidí Creidmheasa	3	1
Cuideachtaí Árachais Saoil	5	2
Cuideachtaí Neamhárachais Saoil	3	1
Cuideachtaí Athárachais	8	7
Gnólachtaí Infheistíochta Gnó	11	0
Gnólachtaí Infheistíochta	0	12
Idirghabhálacha Gnó		
» Idirghabhálacha Ilghníomhaireachta	67	81
» Comhairleoirí Údaraithe	21	20
» Idirghabhálacha Árachais/Athárachais	1,990	847
Idirghabhálacha Morgáiste Údaraithe Ceadaithe/Athnuaite	274	113
Comhscéimeanna Infheistíochta	612	698
Soláthraithe Seirbhísí Cistí	14	7
Comhair Chreidmheasa	0	0
Idirastritheoirí Airgid agus Bureaux de Change	2	6
Iasachtóirí Airgid ⁸	52	52
Stocmhalartán/Oibreoirí Margaidh	0	0
Bróicéirí Airgid	1	1
Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola	7	6
Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais	2	0
Institiúidí Íocaíochta ⁹	0	6
Iomlán	3,072	1,860

An príomhchúis le titim i líon na ngnólachtaí údaraithe i 2008 i gcomparáid le 2009 ná líon laghdaithe na n-idirghabhálaithe árachais agus athárachais údaraithe. I 2008, shocraíomar gnáthamh mar a bhféadfadh gnóthais árachais a n-idirghabhálacha árachais a bheith ceangailte, en masse, faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Idirghabháil Árachais) 2005. Le linn 2008 cláraíodh tuairim is 500 gníomhaire ceangailte árachais sa phróiseas 'aon uaire'. Baineann an chuid eile den difríocht le (a) meath an gheilleagair a raibh níos lú iarratas mar thoradh air agus (b) bhí formhór na n-idirghabhálaithe, a bheadh tar éis clárú a lorg blianta roimhe seo, cláraithe cheana féin faoi 2009.

⁸ Faoi réir athnuachan an cheadúnais bhliantúil.

⁹ Thug Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Íocaíochta) 2009 isteach réim rialála do ghairmithe dlí ag soláthar seirbhísí íocaíochta agus á gcur i ngníomh ar an 1 Samhain e 2009.

Líon na nIniúchtaí ar an Suíomh agus na gCruinnithe Athbhreithniúcháin

	Iarbhír 2008	Iarbhír 2009
Láithreas ar an Láthair	Gan a bheith ar Taifead	838 Laethanta Daoine
Iomlán na nIniúchtaí	121	93
Iomlán na gCruinnithe Athbhreithniúcháin	332	324
Iomlán an nAthbhreithnithe Deireadh Bliana	101	183
Iniúchtaí le Téama Iasachtaí Stiúrthóirí	–	6
Iomlán	554	606

Institiúidí Creidmheasa Miondíola

Láithreas ar an Láthair	Gan a bheith ar Taifead	838 Laethanta Daoine
Iniúchtaí	15	–
Cruinnithe Athbhreithniúcháin	16	–
Iniúchtaí le Téama Iasachtaí Stiúrthóirí	–	6
Iomlán	31	6

Bainc Mhórdhíola

Iniúchtaí	10	22
Cruinnithe Athbhreithniúcháin	72	74
Iomlán	82	96

Árachas

Iniúchtaí	17	25
Cruinnithe Athbhreithniúcháin	131	124
Total	148	149

Soláthraithe Seirbhíse Airgeadais Eile

Iomlán na nIniúchtaí	35	39
Iomlán na gCruinnithe Athbhreithniúcháin	72	65
Iomlán	107	104

as an méid sin a bhí ina

Gnólachtaí Infheistíochta/Stocbhróicéireachta

Iniúchtaí	16	33
Cruinnithe Athbhreithniúcháin	46	39

Soláthraithe Seirbhísí Ciste

Iniúchtaí	8	6
Cruinnithe Athbhreithniúcháin	26	26

Idirghabhálacha Miondíola

Iniúchtaí	11	–
Cruinnithe Athbhreithniúcháin	–	–

Comhair Chreidmheasa

Iniúchtaí	44	7
Cruinnithe	41	61
Athbhreithniúcháin Deiridh Bliana	101	183
Iomlán	186	251

I ndáil le comhair chreidmheasa, d'athraigh an modh maoirseachta ar an láthair go luath i 2009, agus tháinig in ionad fhorhmór na n-iniúchtaí agus na gcrúinnithe athbhreithniú le láithreas ar an láthair.

Comhair Chreidmhesa chun Seirbhísí Breise a sholáthar agus lasachtú níos Fadtéarmaí

Faomha	2008	2009
Seirbhísí Breise – Morgáistí	22	21
Seirbhísí Breise – Saoil agus Pinsin	7	7
Seirbhísí Breise – PRSAs ¹⁰	46	47
Faomhadh lasachtaí níos Fadtéarmaí	28	35
Iomlán	103	110

Cuireann Táblaí 1 agus 2 seo a leanas achoimre ar fáil den obair i ndáil le ‘Tuarascálacha Monatóireachta Margaidh’ agus ‘Imscrúduithe faoin Dlí Urrús’.

Tábla 1: Tuarascálacha Monatóireachta Margaidh

	2008	2009
Tuarascálacha Idirbheart faighte ó Aonáin Ionannithe lasmuigh d’Éirinn	12,328,901	17,798,549
Tuarascálacha Idirbheart seolta chuig Údaráis Inniúla eile via TREM*	8,636,365	14,669,494
Tuarascálacha Idirbheart faighte ó Údaráis Inniúla Eile via TREM*	6,649,884	8,025,978

* Modh Malartaithe Tuarascálacha Idirbheart.

Tábla 2: Imscrúduithe faoin Dlí Urrús

	2008	2009
Fiosrúcháin arna dtionscnamh i ndáil le sárúithe féideartha	15	14
Tuarascálacha Amhrasacha Idirbheart arna gcur faoi bráid an Rialtóra Airgeadais ag daoine gairmiúla ag socrú idirbheart	1	1
Tuarascálacha Amhrasacha Idirbheart arna gcur faoi bráid an Rialtóra Airgeadais ag Údaráis Inniúla eile an AE	6	0
Tuarascálacha Amhrasacha Idirbheart arna gcur ag an Rialtóir Airgeadais chuig Údaráis Inniúla eile san AE	1	0
Cúnamh tugtha d’Údaráis Inniúla eile san AE	26	15
Fógraí faoi Chobhsaíocht curtha faoi bhráid an Rialtóra Airgeadais	1	0
Comhaontuithe Socraíochta Urrús Dlí (i gcrích)	1	0
Rabhaidh Foirmiúla Príobháideachta Urrús Dlí Eisithe	0	1

10 I gcás PRSA na gcomhar creidmheasa thug siad fógra don rialtóir go raibh sé beartaithe acu seirbhís a sholáthar. N gá aon fhaomhadh ina leith seo.

Tuarascáil don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta faoi Rialachán 108 de Rialacháin an Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005 ¹¹

Baineann formhór ár gcuid oibre laethúla sa réimse seo le comhaontú tarmhigin le Stocmhalartán na hÉireann chun céimeanna tosaigh an phróisis um Athbhreithniú an Réamheolaire a chur i gcrích agus cinntí deiridh cáipéisí an Réamheolaire a fhaomhadh. Féach na staitisticí i dTábla 3 thíos.

Tábla 3: Próise Faofa an Réamheolaire

	2008	2009
Líon na gCáipéisí Faofa	1,611	868
Líon na gCáipéisí/bhFógraí foilsithe	3,531	2,358
Teastais Pas Ullmhaithe	262	297
Fógraí faoi Phasú isteach próiseáilte	527	586
Líon na n-eisiúnóirí ar cuireadh a nUrrús ar Fionraí ó Thrádáil ar SMÉ ar iarratas ón Rialtóir Airgeadais	8	0

Baineann an difríocht idir an líon cáipéisí a faomhadh go dtí seo agus líon na gcáipéisí a foilsíodh ar ár suíomh gréasáin le (i) Téarmaí Deiridh, Tairiscint Deiridh Praghaís agus Méid na bhFógraí Urrús agus na dTuarascálacha Eolais Bliantúla (nach n-éilíonn faomhadh) a comhdaíodh linn agus a foilsíodh ar ár suíomh gréasáin i ndáil le réamheolairí a d'fhaomh Údarás Inniúil i mBallstát eile agus a ndéantar iad a phasú isteach in Éirinn agus nach n-éilíonn faomhadh an Rialtóir Airgeadais.

Baineann an titim sa líon leis an laghdú úsáide urrús ó Earrach na bliana 2007 i leith.

I mí Eanáir 2009, d'eisigh an Coimisiún Eorpach comhairliúchán ar athbhreithniú ar an Treoir um an Réamheolaire (An Treoir). An aidhm a bhí leis an athbhreithniú sin ná feabhas agus simpliú a dhéanamh ar iarratas na Treorach. Ghlac an Rialtóir Airgeadais páirt sa chomhairliúchán seo agus d'oibrigh go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta atá mar ionadaí na hÉireann ag cruinnithe ar leibhéal an AE i ndáil leis an athbhreithniú.

Tá CESR faoi láthair ag athbhreithniú iarrata praiticiúil na Treorach agus táimid ag glacadh páirte gníomhaí sa phróiseas seo. D'fhéadfadh forbairt tagarmharcanna a eascair as an bpróiseas seo maille le socrú dea-chleachtas don tionscal.

Foilsíodh Nóta Treorach ar Théarmaí Deiridh a shoiléirigh roinnt nithe praiticiúla faoi shaincheisteanna a bhain le comhdú na dTéarmaí Deiridh.

¹¹ Cuirtear an rannóg seo den Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Réamheolaire ar fáil don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus foilsítear i mar chomhlíonadh ár ndualgas tuairiscithe faoi Rialachán 108 de Rialacháin um an Réamheolaire (Treoir 2003/71/EC) 2005.

Tuarascáil don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta faoi Rialachán 77(1) de na Rialacháin maidir le Thrédhearcacht 2004/109/EC) 2007¹²

Baineann formhór na hoibre laethúla sa réimse seo le maoirseacht a dhéanamh ar an gcomhaontú tarmilgin le Stocmhalartán na hÉireann faoi mhonatóireacht a dhéanamh ar nochta eolais thréimhsiúil agus leanúnaigh ó eisiúnóirí agus faoi nochtheadh mór-scairsheilbh agus cearta vótála. Féach na staitisticí ábhartha i dTábla 4 thíos.

Tábla 4: Nochtheadh Faisnéise Cuideachta*

	2008	2009
Tuarascálacha Bliantúla Airgeadais foilsithe	62	186
Tuarascálacha Leathbhliantúla foilsithe	87	171
Ráitis eatramhacha bainistíochta foilsithe	153	139
Mór-scairsheilbh curtha isteach	688	373
Líon na nEisiúnóirí ar chuir an Rialtóir Airgeadais a nUrrúis ar Fionraí ó thrádáil ar SMÉ	25	42

* Táimid ainmnithe mar an t-údarás inniúil lárnach chun críocha na Rialachán, ach amháin chun críocha Airteagal 24(4)(h) den Treoir um Thrédhearcacht i ndáil le hÚdarás Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta Éireann a ceapadh mar an t-údarás inniúil.

Foilsíodh Nóta Teorach faoi oibleagáidí tuairiscithe airgeadais de chun na Teorach um Thrédhearcacht. Soiléirigh an Nóta Teorach roinnt nithe praiticiúla d'eisiúnóirí atá faoi réir oibleagáidí tuairiscithe airgeadais tréimhsiúla.

¹² Cuirtear an rannóg seo den Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Réamheolaire ar fáil don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus foilsítear í mar chomhlíonadh ár ndualgas tuairiscithe faoi Rialachán 77(1) de na Rialacháin um Thrédhearcacht (Treoir 2004/109/CE) 2007.

Iniúchtaí Spriocdhírthe Téamacha Dírithe ar Thomhaltóirí

	2008 Gníomhaíocht	2009 Gníomhaíocht
Líon na dTéamaí	8	13
Líon na nIniúchtaí	290	176
Líon na gCruinnithe Iniúcháireachta	72	88

Sonraí Ghníomhaíocht 2009 ar Iniúchtaí Dírithe ar Thomhaltóirí

Téamaí	Aonán Cineál	Líon Iniúchta/ Scrúdaithe
Taifid Teileafóin	Gnólachtaí MiFDI	3
Oiriúnacht na dTáirgí Infheistíochta do Thomhaltóirí níos Sine	Institiúidí Creidmheasa	9
Oiriúnacht na dTáirgí Infheistíochtaí do Chustaiméirí níos Sine	Gnólachtaí MiFDI	9
Oiriúnacht na dTáirgí Árachais do Thomhaltóirí níos Sine	Árachas Saoil	6
Inniúlacht Íosa	Institiúidí Creidmheasa	6
Táillí d'fhuascailt luath ar Mhorgáistí Ráta Sheasta	Institiúidí Creidmheasa	6
Láithreas ar an d'fhoirne gnóthais s	Idirhabháilaithe	18
Oiriúnacht – bróicéirí morgáiste le hatreoraithe chuig Fophriomha	Idirhabháilaithe Morgáiste	20
Cuntais Chliant Scarbhisigh	Idirhabháilaithe	20
Éilimh Árachais Cosanta Íocaíochta	Neamhárachas Saoil	6
Éilimh Árachais Baile	Neamhárachas Saoil	8
Athnuachan Árachais Mhótair	Neamhárachas Saoil	8
Riaráistí agus Athghabháil	Ilghnéitheach	5

Iomlán na dTéamaí: 13

Iomlán na nAonán áirithe sna téamaí		124
Iniúchtaí Eile ar an láthair	Ilghnéitheach	52
Iomlán na nIniúchtaí		176
Iomlán na gcruinnithe neamh-iniúchta lasmuigh den láthair	Ilghnéitheach	55
Iomlán na gcruinnithe iniúchta ar an láthair	Ilghnéitheach	33
Foirmíomlán		264

Tomhaltóirí: Saincheisteanna Fógraíochta Iniúchta

Foinse	Líon na saincheisteanna	
	2008	2009
Monatóireacht an Rialtóra Airgeadais	103	182
Gearáin	74	41
Iomlán	177	223

Tomhaltóirí: Toradh na Saincheisteanna Fógraíochta a ndearnadh iniúchadh orthu¹³

Fógra Leasaithe	Fógra tarraingthe siar	Gan aon ghá le Beart
179	12	21

¹³ Tá difríocht idir líon iomlán na saincheisteanna a ndearnadh iniúchadh orthu agus líon iomlán na thorthaí na saincheisteanna mar go ndearnadh níos mó ná gearán amháin, i roinnt cásanna faoin saincheist chéanna agus i gcásanna eile sainaitníodh na saincheisteanna tí mhonatóireacht inmheánach chomh maith le gearáin sheachtracha.

Aguisín C: Tomhas Iomaíochta

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, ríomhamar cóimheasa dlúis cúig ghnólacht agus innéacsanna Herfindahl-Hirschman chun dlús tionscail a thomhas (agus mar sin, an méid cumhachta margaidh a d'úsáid gnólachtaí móra i ndeighleoga den tionscal árachais agus baincéireachta)¹⁴.

An suntas a bhain leis na cóimheasa dlúis agus le hinnéacsanna HH ná go raibh cóimheas íseal nó innéacs íseal ina tháscaire ar roinnt mhaith rannpháirtithe margaidh agus mar sin go raibh deis theoranta ann cumhacht mhargaidh a úsáid.

Déanann an cóimheas dlúis cúig ghnólacht tomhas ar chéatadán sciar iomlán an mhargaidh arna gcoinneáil ag na cúig ghnólacht is mó. Féadfaidh cóimheasa dlúis bheith i dlús íseal, meánmhéide nó ard.

- » De ghnáth is é a thuigtear le dlús íseal de chóimheas 0 le 50 faoin gcéad ná tionscal iomaíoch a bhfuil a lán rannpháirtithe seachtracha aige, mar thoradh ar dheiseanna teoranta cumhacht mhargaidh a chur i ngníomh.
- » De ghnáth amharctar ar dhlús meánmhéide – cóimheas de 50 le 80 faoin gcéad mar thionscal a bhfuil leibhéil mheasartha iomaíochais ann.
- » De ghnáth is é a thuigtear le dlús ard – tionscal le cóimheas 80 le 100 faoin gcéad ná tionscal ard-dlúis, nach bhfuil iomaíoch inar féidir leis bheith níos éasca arduithe praghsanna a choinneáil.

Déantar innéacsanna Herfindahl-Hirschman (HH) a ríomh trí chearnú a dhéanamh ar sciar an mhargaidh de gan rannpháirtí sa mhargadh agus ansin na torthaí a shuimiú. Dá airde is ea an figiúr HH, is ea is dlúthaithe atá an chumhacht mhargaidh. Tarlaíonn méaduithe san innéacs de réir mar a laghdaíonn líon na n-iomaitheoirí sa mhargadh agus/nó ina n-ardaíonn éagsúlacht idir toise na ngnólachtaí. I margaí ina bhfuil an HH 1000 agus 1800 pointe meastar iad a bheith cuíosach dlúthaithe agus i margaí ina bhfuil an HH tar 1800 pointe meastar iad a bheith an-dhlúthaithe.

Cóimheasa agus Innéacsanna Árachais

Market Segment	Cóimheas Dlúis Cúig Ghnólacht		Innéacsanna Herfindahl-Hirschmann	
	2007	2008	2007	2008
Árachas Mótair	82	81	1,563	1,488
Árachas Réadmhaoine	82	81	1,582	1,562
Dlíteanas Árachais	71	66	1,236	1,133
Árachas Saoil	82	83	2,143	2,168

Foinse: Bunaítear na ríomhanna ar fhiigiúr arna lua in Athbhreithniúcháin Staitistíula Árachais 2007-008. Ar dháta an fhoilseacháin seo, ní raibh sonraí le haghaidh 2009 ar fáil.

Léirigh deighleoga mótair agus réadmhaoine an mhargaidh treochtaí cosúla le déanaí le méaduithe sna cóimheasa le linn 2006 agus 2007 agus laghduithe le linn 2008. Léiríonn na táscairí níos ísle le linn 2008 laghduithe a d'fhéadfadh a bheith i sciar an mhargaidh ag gnólachtaí ceannasacha.

¹⁴ Tá sé tábhachtach a aithint i gcás na mbeart a d'úsáideamar go bhféadfaidís tearc-dhearbhú a dhéanamh ar fhiordhlús laistigh d'fho-earnálacha den mhargadh.

Sa deighleog den mhargadh a bhaineann le dlíteanas, thit an cóimheas dlúis agus innéacs HH araon le linn 2008 (faoi beagnach 5 faoin gcéad agus os cionn 100 pointe faoi seach), rud a d’fhéadfadh a léiriú gur thainig laghdú ar dhlús chumhacht mhargaidh agus sciar mhargaidh na ngnólachtaí ceannasacha. Tá an deighleog seo den mhargadh fós cuíosach dlúthaithe.

Tá na deighleog mhargaidh a bhaineann le hárachas saoil tar éis a bheith comhréireach beagnach amach is amach ag léiriú na gcóimheas seo gach bliain, rud a d’fhéadfadh a léiriú go bhfuil dlús níos mó agus gan a bheith chomh hiomaíoch sa deighleog seo den mhargadh.

Cóimheasa agus Innéacsanna Baincéireachta

Cóimheasa Dlúis Cúig Ghnólach i bpríomhdheighleoga den Tionscal Baincéireachta

Deighleog den Mhargadh	Cóimheas Dlúis Cúig Ghnólacht		Innéacsanna Herfindahl-Hirschmann	
	2008	2009	2008	2009
Cártaí Creidmheasa	89	89	2,144	2,154
Iasachtaí Téarma/Rothlaithe	87	88	1,907	2,027
Morgáistí Teaghlaigh ¹⁵	68	70	1,200	1,223
Cuntais Reatha	90	94	2,508	2,516

I dtéarmaí foriomlána, ba í 2009 an chéad bhliain ar mhéadaigh cóimheas dlúis cúig ghnólacht agus innéacs HH ar fud na bpríomhdheighleog den margadh, rud a léiríonn leibhéil mhéadaithe i ndlús agus i gcumhacht mhargadh laistigh den tionscal.

Léirigh deighleog morgáiste teaghlaigh den mhargadh méaduithe beaga ina dhlús ón mbliain roimh ré. Sa deighleog seo den mhargadh ná dlús measartha fós ann.

Tharla méaduithe sna deighleoga de chuntais reatha agus iasachtaí téarma/rothlacha i gcóimheas dlúis cúig ghnólacht agus innéacs HH araon agus é ag méadú faoi 120 point le linn 2009. Tá an dá dheighleog margaidh seo fós ard. Tá deighleog margaidh cártaí creidmheasa fós an-dlúthaithe.

15 Morgáistí teaghlaigh coigeartaithe d'urrúis.

Caibidil 2:

Rialachas



Sa Chaibidil seo leagtar amach na nósanna imeachta agus próisis a bhfuil feidhm acu i leith BCÚSAÉ i 2009, agus léirítear ann freisin na hathruithe a rinneadh go dtí seo lena chinntiú go mbeadh an eagraíocht ag feidhmiú ag barr a cumais, tar éis don Aire Airgeadais forálacha an Bhille um Athchóiriú an Bhainc Ceannais a fhógairt.

Cúlra Reachtúil

Bunaíodh an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (an Banc) ar tugadh Banc Ceannais na hÉireann air roimhe sin, faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003 (an tAcht). Bunaíodh leis an Acht freisin Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (An Rialtóir Airgeadais) mar chomhchuid den eagraíocht a bhfuil freagrachtaí reachtúla air as an earnáil airgeadais a rialú agus as cosaint tomhaltóirí.

Struchtúr i gcomhair an Bhainc Ceannais agus Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

Responsibility for the management of the Bank is Tá an fhreagracht as bainistíocht an Bhainc dílsithe sa Bhord, a chuimsíonn an Gobharnóir, Ard-Stiúrthóir an Bhainc Ceannais, Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais, Cathaoirleach an Rialtóra Airgeadais, Príomhfheidhmeannach an

Rialtóra Airgeadais, Stiúrthóir Tomhaltóirí agus seachtar stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha arna gceapadh ag an Aire Airgeadais i gcomhairle leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is comhaltaí den Bhord iad Stiúrthóirí de bhrí oifige chomh fada is a bhíonn siad in oifig de bhua a gceapacháin chuig an mBord. Is é an tAire a cheapann Stiúrthóirí Neamhfheidhmeannacha ar feadh téarma socraithe in-athnuaite de chúig bliana faoi réir uastearma de 15 bliana. Ceaptar ceathrar de na Stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha de bhua a gcomhaltais leis an Údarás Rialála. Is é an tAire Airgeadais an t-aon scairshealbhóir atá ag an mBanc.

Struchtúr Nua Beartaithe

Le linn 2009, chuir an Rialtas in iúl go raibh sé beartaithe aige athstruchtúrú a dhéanamh ar an mBanc Ceannais agus go n-aisiompófaí é go haonán amháin arna rialú ag 'Coimisiún', a mbeadh an Gobharnóir ina chathaoirleach air. Faoi reachtaíocht atá le teacht, ceapfar Ard-Stiúrthóir an Bhainc, Ceann an Rialtóra Airgeadais agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais ina mbaill den Choimisiún de bhua oifige maille le híoslíon de sheisear agus nach mó ná ochtar ball neamhfheidhmeannach le bheith ceaptha ag an Aire.

An Gobharnóir

Is é an tUachtarán a cheapann an Gobharnóir ar chomhairle an Rialtais, ar feadh téarma seacht mbliana. Ceapadh an tOllamh Patrick Honohan ina Ghobharnóir ar an 26 Meán Fómhair 2009, nuair a d'imigh John Hurley ar scor. Is Cathaoirleach an Bhoird é an Gobharnóir agus is comhalta de bhrí oifige é freisin de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE). Is eisean amháin atá freagrach as na feidhmeanna a chur i bhfeidhm a fhorchuirtear ar an mBanc le Conarthaí an AE nó le Reacht an CEBC.

Comhaltaí an Bhoird agus an Údaráis

Seo a leanas Baill an Bhoird agus an Údaráis amhail ag 30 Aibreán 2010:

Bord

Ainm	Gairm	Dáta a C(h)éad Cheapacháin	Dáta a C(h)eapacháin Deiridh
Patrick Honohan*	Gobharnóir	26.09.09	
Jim Farrell**	Ard-Stiúrthóir, BCÚSAÉ	01.05.08	01.05.08*
Tony Grimes**	Cathaoirleach, Rialtóir Airgeadais	17.08.07	
Matthew Elderfield**	Príomhfheidhmeannach, Rialtóir Airgeadais	04.01.10	
Kevin Cardiff*	Ard-Rúnaí, An Roinn Airgeadais	01.02.10	
David Begg*	Ard-Rúdaí, Comhdháil na gCeardchumann	12.05.95	01.05.08
Gerard Danaher**	Abhcóide Sinsearach	15.10.98	01.05.08
John Dunne**	Iar-Chathaoirleach, IDA	01.05.03	01.05.09
Alan Gray**	Páirtí Bainistíochta, Indecon Intl.Economic Consultants	21.12.06	
Brian Hillery*	Cathaoirleach, Independent News and Media	01.05.08	
Dermot O'Brien*	Eacnamaí	01.05.08	
Deirdre Purcell**	Údar	01.05.03	01.05.08
Alan Ashe***	Iar-Stiúrthóir Bainistíochta, Standard Life Assurance Co.	01.05.03	
Dermot Quigley***	Iar-Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim	01.05.03	01.05.09

* Ceaptha ina chathaoirleach i mí Bealtaine 2008.

Tharla na hathruithe seo a leanas ar bhallaíocht an Bhoird agus an Údaráis le linn 2009:

- » D'imigh John Hurley ar scor mar Ghobharnóir ar an 25 Meán Fómhair 2009
- » D'imigh Patrick Neary ar scor mar Phríomhfheidhmeannach an Rialtóir Airgeadais ar an 12 Eanáir 2009
- » Ceapadh Mary O'Dea ina Príomhfheidhmeannach Cúnta ar an Rialtóir Airgeadais le héifeacht ón 31 Eanáir agus bhí sa phost seo go dtí gur ceapadh Matthew Elderfield ar an 4 Eanáir 2010. Lean sí ag comhlíonadh phost an Stiúrthóra Tomhaltóirí le linn na tréimhse seo.
- » D'imigh David Doyle ar scor mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais ar an 31 Eanáir 2010.

* Comhaltaí Bhord BCÚSAÉ amháin.

** Comhaltaí an Bhoird agus an Údaráis Rialála araon.

*** Comhaltaí an Údaráis Rialála amháin.

Rialachas Corparáideach a Chomhlíonadh

Nósanna Imeachta an Bhoird

Tionóltar cruinnithe an Bhoird gach mí ach amháin mí Lúnasa. De ghnáth baineann córam de sheachtar leis na cruinnithe go léir. Faomhann an Gobharnóir an clár oibre agus na páipéir, a scaiptear ar na Stiúrthóirí seachtain amháin roimh na cruinnithe. Is féidir leis an nGobharnóir tuilleadh cruinnithe Boird a ghairm ar ghearrfhógra ar a stuaim féin nó ar iarratas ó bheirt ar bith de na Stiúrthóirí. Coinníonn Rúnaí an Bhainc miontuairiscí de na cruinnithe Boird go léir.

Nósanna Imeachta an Údaráis

Tionóltar cruinnithe an Údaráis gach mí ach amháin mí Lúnasa. I 2009 reáchtáil an tÚdarás 17 gcrúinniú. Is gá tromlach de chomhaltaí chun córam a bheith ann. Beartaíonn an Cathaoirleach ar an gClár Oibre le haghaidh na gcrúinnithe i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an Rúnaí. Coinníonn an Rúnaí miontuairiscí chruinnithe an Údaráis. I mí Feabhra 2008, d'aontaigh an tÚdarás Rialacha do Scor Chomhaltaí an Údaráis trí Shealaíocht. Cuirtear lámhleabhar ar fáil do gach comhalta den Údarás chun cuidiú leis/léi a f(h)eidhmeanna a chomhlíonadh. Leasaíodh an lámhleabhar sin i 2008.

I bhfianaise an pholasaí arna fhógairt ag an Rialtas athstruchtúrú a dhéanamh ar BCÚSAÉ, chuir an Gobharnóir agus an Cathaoirleach socruithe i bhfeidhm le linn 2009 lena chinntiú go mbeadh an comhordú is fearr ann do chruinnithe agus plé an Bhoird agus an Údaráis, ach fós féin ag cinntiú gur comhlíonadh gach freagracht reachtúil de réir na reachtaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair.

Le linn 2009, nuair a bhíodhas ag teacht le chéile i gcomhar, díriodh d'fhormhór ar nithe a bhain le cobhsaíocht airgeadais. Ar na nithe eile a bhíonn ar chlár oibre an Bhoird de ghnáth tá:

- » Tuarascáil an Ghobharnóra;
- » Tuarascálacha ar fhorbairtí airgeadais agus airgeadaíochta;
- » Tuarascálacha ar shaincheisteanna éagsúla a bhaineann le geilleagar na hÉireann, le geilleagar na hEorpa agus leis an ngeilleagar idirnáisiúnta;

- » Bainistíocht sócmhainní infheistithe an Bhainc;
- » Conarthaí substaintiúla airgeadais le bronnadh ag an mBanc chun earraí agus
- » Seirbhísí a sholáthar;
- » Bainistíocht ghinearálta, saincheisteanna pleanála agus buiséadacha; agus; Ráitis airgeadais ráithiúla agus bliantúla.

Ar na nithe a bhíonn ar chlár oibre an Údaráis de ghnáth tá:

- » Saincheisteanna rialála a bhaineann le soláthraithe seirbhísí airgeadais;
- » Saincheisteanna faoi pholasaí rialála, saincheisteanna intíre agus idirnáisiúnta araon;
- » Údarú ar aonáin nua.

Na Cumhachtaí a Tharmlichtear ar an nGobharnóir

Is comhaltaí feidhmeannaigh den Bhord iad an Gobharnóir, an tArd-Rúnaí agus Príomhfheidhmeannach an Rialtóra Airgeadais. Mar a fhoráiltear dó in Acht an Bhainc Cheannais 1942, go ginearálta is cleachtas an Bhoird é cumhachtaí a tharmligeann ar an nGobharnóir chun gach feidhm, cumhacht agus dualgas de chuid an Bhainc a chleachtadh agus a chur i bhfeidhm seachas na cumhachtaí a bheadh dodhéanta nó míchuí a tharmligeann. Áirítear leo forálacha a bhaineann le post an Ghobharnóra nó a shonraítear mar chuid d'fhreagrachtaí an bhoird nó a éilíonn ar an mBord tuairim a chur le chéile.

Fochoistí an Bhoird agus an Údaráis

Bhunaigh an bord na trí fhochoiste seo a leanas ar an 30 Meitheamh 1994:

- » An Coiste Iniúcháireachta;
- » An Coiste Luach Saothair agus Buiséid; agus;
- » An Coiste Infheistíochtaí.

Chomh maith leis sin bhunaigh an tÚdarás dhá fhochoiste i mí Bealtaine 2003:

- » An Coiste Iniúcháireachta agus Bainistíochta Riosca
- » An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

Le linn 2009, chónasc fochoistí an Údaráis a bplé leis an bplé a bhí ag na gcoistí comhchosúla ag Bord BCÚSAÉ.

I ngach cás chuimsigh ballraíocht Stiúrthóirí agus comhaltaí an Údaráis – a bhfuil an Cathaoirleacht ina measc. Glacann Rúnaí an Bhainc, nó ainmní, miontuairiscí gach cruinnithe de chuid na bhfochoistí agus, a luaithe is atá siad faofa, scaiptear na miontuairiscí ar bhail an Bhoird agus an Údaráis.

Comhaltaí na gcomh-fhochoistí, amhail ag 30 Aibreán 2010:

An Coiste Iniúcháireachta/An Coiste Iniúcháireachta agus Bainistíochta Riosca

David Begg (Cath.), Alan Gray, Deirdre Purcell, Gerard Danaher, Alan Ashe.

An Coiste Luacha Saothair agus Buiséid¹⁶

John Dunne (Cath.), Brian Hillery, Dermot O'Brien, Dermot Quigley, Alan Ashe, Deirdre Purcell, Tony Grimes, Matthew Elderfield.

An Coiste Infheistíochtaí

Gerard Danaher (Cath.), Tony Grimes, Jim Farrell.

I gcinntí an Bhoird agus an Údaráis sonraítear téarmaí tagartha, agus na dualgaí atá ag gach fochoiste mar seo a leanas:

- » Is príomhfhreagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta iad monatóireacht a dhéanamh ar shláine Ráitis Airgeadais Ráitis Airgeadais an Bhainc, rialú inmheánach agus córas bainistíochta riosca a athbhreithniú; monatóireacht a dhéanamh ar an éifeachtach fhoireann Iniúchta Inmheánaigh, agus teagmháil a dhéanamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus leis an Iniúcháir seachtrach.

- » Is ról an Choiste Luach Saothair agus Buiséid é athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair an Ghobharnóra agus feidhmeannaigh shinsearacha an BCÚSAÉ agus athbhreithniú a dhéanamh ar thograí buiséadacha na heagraíochta agus táirgeacht.

- » Is é ról an Choiste Iniúcháireachta ná athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe infheistíochta agus cleachtais an Bhaic.

Tagann na fochoistí le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad¹⁷ agus scaiptear miontuairiscí na gcruinnithe sin ar gach comhalta den Bhoird agus den Údarás. Ceapadh na struchtúir chruinnithe seo chun a chinntiú go ndéanfaí dualgaí na Stiúrthóirí, i ndáil le rialuithe airgeadais, a bhainistiú i gcreat comhréireach iomlán.

Struchtúir Inmheánacha Rialachais

Bunaíodh struchtúir coiste leasaithe ardbhainistíochta chun tacú leis an struchtúr nua eagraíochta don Bhanc. Tá an Gobharnóir ina chathaoirleach ar dhá choiste ardleibhéil – Coiste an Ghobharnóra a dhéanann le hullmhúcháin an Bhoird agus le polasaí suntasach inmheánach agus saincheistanna gnásúla; agus an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais; a dhéanann monatóireacht ar chobhsaíocht in earnáil airgeadais na hÉireann.

Is éard atá sa Choiste Ardbhainistíochta¹⁸ ná fóram ardleibhéil chun comhordú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na bpolasaithe bainistíochta agus na cinntí a ghlacann an Banc. Áirítear ina measc pleanáil, buiséadú, agus leithdháileadh acmhainní, teicneolaíocht faisnéise, bonneagar fisiceach agus seirbhísí corparáideacha. Cuimsíonn an struchtúr nua freisin Coiste Oibríochtaí an Bhainc Ceannais¹⁹ agus Coiste Maoirseachta/Riosca²⁰ a dhéanann monatóireacht agus a tuairiscíonn ar mhórhionscadail agus ar oibríochtaí ó lá go lá de na príomhfheidhmeanna gnó a bhfuil an tArd-Stiúrthóir agus Ceann na Rialála Airgeadais astu.

¹⁶ Tá an tArd-Stiúrthóir agus an Príomhfheidhmeannach ina gcomhaltaí den Choiste seo nuair a thagann sé le chéile chun nithe buiséid amháin a phlé.

¹⁷ Le linn 2009, tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Luacha Saothair agus an Coiste Buiséid le chéile ceithre huair agus tháinig an Coiste Infheistíochtaí le chéile dhá uair.

¹⁸ Ard-Stiúrthóir ina Chathaoirleach air agus freastalaíonn Ceann Rialála Airgeadais agus gach Stiúrthóir Cúnta air. Reáchtáiltear cruinnithe gach mí de réir mar is gá.

¹⁹ Ard-Stiúrthóir ina Chathaoirleach air agus freastalaíonn gach Ard-Stiúrthóir Cúnta de chuid an Bhainc Ceannais agus gach Ceann Feidhme air agus reáchtáiltear iad dhá uair sa mhí.

²⁰ Ceann na Rialála Airgeadais ina Chathaoirleach air agus freastalaíonn gach Ard-Stiúrthóir Cúnta agus gach Ceann Feidhme air. Reáchtáiltear na cruinnithe seo gach seachtain.

Déanann coistí eile sa Bhanc maoirseacht agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí trasfheidhme ar leith agus tuairiscíonn don Bhord nó dá fhochoistí de réir mar is iomchuí. Áirítear ina measc an Coiste Oibríochtaí Riosca, an Coiste Pleanála Leanúnachais Gnó, An Coiste Slándála, an Coiste Cumarsáide agus an Coiste Foilseachán. Tá Coistí Breise á mbunú faoi láthair de réir mar a dhéantar tuilleadh forbartha ar an struchtúr nua eagraíochta.

Cuntasacht

Mar a cheanglaítear le hAlt 61 d'*Acht an Bhainc Cheannais, 1942*, ullmhaíonn an Banc tuarascáil ar a chuid oibríochtaí le linn na bliana agus cuirtear é sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de sé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Cuirtear cóipeanna den tuarascáil sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Ceanglaítear le hAlt 6H d'*Acht an Bhainc Cheannais, 1942* ar an mBanc Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur isteach chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain lena mbaineann. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráiteas na gCuntas, deimhníonn sé iad agus tuairiscíonn sé orthu agus cuireann sé/sí a thuarascáil/tuarascáil agus an Ráiteas Cuntas faoi bhráid an Aire. Cuirtear cóipeanna de na cáipéisí sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas freisin. Déanann iniúcháirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh freisin ar chuntais an Bhainc mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an CEBC/BCE.

Laistigh de théarmaí *Acht an Bhainc Cheannais, 1998*, buaileann an Gobharnóir leis an Aire ó am go ham chun é a choinneáil ar an eolas faoi conas atá an Banc ag comhlíonadh a chuid dualgas reachtúil. Tugann an tAcht seo cumhacht don Aire iarraidh ar an nGobharnóir, ar an mBord nó ar an Rialtóir Airgeadais dul i gcomhairle leis maidir lena gcuid feidhmeanna faoi seach, agus freisin iarraidh ar an nGobharnóir dul i gcomhairle leis an Aire maidir leis an gcuispóir faoi chobhsaíocht praghsanna, freagracht arna díorthú ó chomhaltas an Bhainc de Chórais Eorpaigh Bhanc Cheannais. Ceanglaítear ar an nGobharnóir agus ar an mBord cloí leis sin, chomh fada is go bhfuil an t-iaratas i gcomhréir le Conradh na Róimhe, le Reacht CEBC nó le haon dlí de chuid an Stáit.

Faoi réir cheanglas Chonradh Maastricht agus na bhforálacha rúndachta a fhorchuirtear le dlí, tagann an Gobharnóir os comhair Chomhchoistí an Oireachtais nuair a iarrtar air. Cuireadh an cleachtas sin i bhfeidhm ar bhonn reachtúil in Achtanna an Bhainc Cheannais, 1997 agus 1998.

Iniúchadh Inmheánach

Is feidhm neamhspleách agus breithmheasa oibiachtúil í an Fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí, atá riachtanach chun deimhniú iniúcháireachta a chur ar fáil gur leor an córas bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh chun na rioscaí sin atá os comhair an Bhoird a bhainistiú agus a rialú. Cuidíonn sé freisin leis an mBanc ina chuid iarrachtaí éifeachtúlacht agus éifeachtacht a bhaint amach.

Tugann Ceannasaí na hIniúcháireachta Inmheánaí tuarascálacha díreach don Ghobharnóir agus do Chathaoirleach an Rialtóir Airgeadais agus bíonn rochtain neamhsrionta aige ar an gCoiste Iniúcháireachta agus ar chomhaltáí an Bhoird Chomhbhainistíochta. Cuireann an fhoireann Iniúcháireachta Inmheánaí tuarascálacha scríofa gach ceithre mhí faoi bhráid an Ghobharnóra, faoi bhráid Chathaoirleach an Rialtóir Airgeadais, faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus faoi bhráid an Bhoird Chomhbhainistíochta ina ndéantar measúnú ar bhaint amach na gcuspóirí. Cuireann an fhoireann Iniúcháireachta Inmheánaí tuarascálacha chuig Coiste Iniúcháireachta Inmheánaí an BCE maidir le torthaí iniúchta an CEBC agus cúrsaí iniúchta eile.

Cód Cleachtais do Stiúrthóirí agus don Fhoireann

Ba chóir go gcomhlíonfadh na stiúrthóirí agus an fhoireann na rialacha seo a leanas:

- » Cuirtear cosc leis an dlí ar an nGobharnóir scaireanna a shealbhú, nó a bheith ina Stiúrthóir ar aon bhanc nó ar aon fhoras creidmheasa, foras airgeadais nó gnóthas árachais;

- » Tá Cód Iompair do Chomhaltaí an Bhoird ina leagtar amach na caighdeáin iompair agus ionracais a mbítear ag súil leo ó gach comhalta agus é/í ag cur a chuid/cuid feidhmeanna i bhfeidhm mar chomhalta de Bhord an Bhainc;
- » Tá Cód Cleachtais do chomhaltaí an Bhoird a leas a nochtadh (nuashonrú deireanach 2002);
- » Tá comhaltas ar Bhord an Bhainc forordaithe ag na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí, 1997 mar stiúrthóireacht ainmnithe chun críocha an *Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus an *Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001*. I gcomhréir leis sin, cuireann comhaltaí an Bhoird ráitis leasa bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin um Oifigí Poiblí agus faoi bhráid Rúnaí an Bhainc. Freisin forordaítear leis na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí poist fheidhmeannaigh sa Bhanc atá ag leibhéal Gairmiúil 1 nó os a chionn mar phoist ainmnithe; agus
- » Tá gach comhalta Boird agus foireann an Bhainc faoi réir fhorálacha an *Achta um Éilliú a Chosc, 1906* agus *1916*. Tá cód iompair scríofa ag an mBanc don fhoireann.

Rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais i Rialachas sa Bhanc Ceannas Eorpach (BCE)

Freastalaíonn an Gobharnóir ar chruinnithe na gComhairlí Rialaithe agus na gComhairlí Ginearálta araon den BCE. Cuimsíonn córas an Euro an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta sna Ballstáit i limistéar an euro. Cuimsíonn Córas Eorpach na mBanc Ceannais an BCE agus bainc cheannais náisiúnta Bhallstáit an AE.

Comhairlí Rialaithe agus Ginearálta

Tá an Chomhairle Rialaithe comhdhéanta de sheisear comhalta as Bord Feidhmiúcháin an BCE agus gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta as na tíortha i limistéar an euro. Is príomhchomhlacht cinnteoireachta é an BCE. Tá sí freagrach as na treoirlínte a ghlacadh agus as cinntí riachtanais a dhéanamh chun a áirithiú go ndéantar na tascanna arna tiomnú ag Córas an Euro (a chuimsíonn an BCE agus na bainc cheannais náisiúnta) agus as polasaí airgeadaíochta a ceapadh do limistéar an Euro.

Cuimsíonn an Chomhairle Ghinearálta an tUachtarán agus Leas-Uachtarán an BCE agus gobharnóirí na mBanc Ceannais Náisiúnta ón 27 Ballstát go léir den AE. Áirítear ina obair cuidiú le feidhmeanna comhairleacha agus comhordaithe an BCE agus le tascanna a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta na mBallstát nach bhfuil i limistéar an Euro.

D'fhoillíodh rialachas corparáideach a fheabhsú, chruthaigh an Chomhairle Rialaithe Coiste Iniúchóireachta an BCE i 2007. Bhí an Gobharnóir Hurley ina chathaoirleach ar an gcoiste seo go dtí gur imigh ar scor i mí Mheán Fómhair 2009.

Rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais i Rialachas an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta

Is é *Bord Gobharnóirí* an CAI an comhlacht cinnteoireachta is airde san eagraíocht, ina bhfuil Gobharnóir amháin agus Gobharnóir Malartach amháin do gach tír atá ina ball de. I gcás na hÉireann, is Gobharnóir é an tAire Airgeadais agus is Gobharnóir Malartach den CAI é Gobharnóir an Bhainc Ceannais. Tá an bhainistíocht laethúil agus feidhmiú an CAI curtha de chúram ag an mBord Gobharnóirí ar an mBord Feidhmeannaigh agus bainistíocht shinsearach an CAI. Tá Stiúrthóir Feidhmiúcháin malartach, a cheaptar ar feadh téarma oifige de trí bhliain ar bhonn rothlach idir an Banc agus an Roinn Airgeadais.

Cuid 2

Oibríochtaí Airgeadais



Polasaithe Cuntasaíochta

Is polasaí de chuid an Bhainc é cleachtas cuntasaíochta coitianta (CCC) a leanúint an oiread agus is féidir nuair atá a ráitis airgeadais á gcur le chéile. Is gá imeacht ó CCC i gcúinsí áirithe áfach, mar gheall ar na cineálacha oibríochtaí a bhíonn ar siúl ag an mbanc mar bhanc ceannais agus mar bhall de chóras an Euro. Aithnítear go soiléir na cúinsí a imítear ó CCC sa ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta an Bhainc, a chuirtear ar fáil mar chuid de Ráiteas na gCuntas.

Iníúchadh agus Tuairisciú Caighdeán

Faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003, ceanglaítear ar an mBanc a Ráiteas Cuntais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste laistigh de sé mhí roimh dheireadh na bliana. Ní mór don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar a n-uain, iníúchadh a dhéanamh ar an Ráiteas Cuntais agus tuairisc a thabhairt don Aire Airgeadais a bhfuil air nó uirthi na nithe ann a leagadh amach os comhair dhá thithe an Oireachtais.

Faoi Airteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Ceannais (CEBC), ní mór do iníúcháir seachtrach neamhspleách atá molta ag Comhairle Rialaithe an BCE agus atá faofa ag an gComhairle Eorpach iníúchadh a dhéanamh ar Chuntais an Bhainc. Ceapadh *Deloitte & Touche* mar iníúcháir seachtrach neamhspleách an Bhainc do 2009.

Mar bhall de chóras an Euro, cloígh an Banc le riachtanais tuairiscithe rialta fairsing an BCE i rith 2009, lena n-áirítear sonraí staitistiúla agus airgeadais.

Roinnt an Ioncaim Airgeadaíochta

Is cuid d'ioncam iomlán chóras an Euro é an ioncam a thuilleann an Banc ó mhaoin a thugann tacaíocht do nótaí bainc atá i gcúrsaíocht agus d'ioncam ó oibriúcháin airgeadaíochta ghlena ar son foirmeacha chóras an Euro. Faoi Airteagal 32 de Reacht an BCCE, tá an ioncam seo, ar a dtugtar "ioncam

airgeadaíochta", le comhthiomsú ag na Bainc Ceannais Náisiúnta (BCNanna) agus athdháilfear é de réir gach scair den chaipiteal ar le gach BCN atá san BCE, atá bunaithe ar dhaonraí náisiúnta agus ar Olltáirgeacht Intíre. B'ionann scair eochairchaipitil an Bhainc de ghlanioncam airgeadaíochta Chóras an Euro le haghaidh 2009 agus €180.8 milliún.

Torthaí Airgeadais le haghaidh 2009

B'ionann brabús na bliana go 31 Nollaig 2009 agus €933.8 milliún i gcomparáid le suim chomhfhreagrach de €364.2 milliún i 2008.

I dtimpeallacht ina raibh ráta íseal úis, laghdaigh ioncam úis agus speansas úis an Bhainc go suntasach i 2009. Laghdaigh ioncam úis faoi €477.7 milliún go €2.2 billiún agus laghdaigh speansas úis faoi €831.8 milliún go €1.3 billiún. Mar thoradh air seo, i 2009 laghdaigh ioncam an Bhainc faoi €354.1 milliún go dtí €969.5 milliún.

Tharla an laghdú seo in ioncam úis go príomha toisc an méid níos lú úis a thuill oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Bhainc mar chuid de Chóras an Euro¹. Tharla an laghdú seo d'ainneoin go raibh meánleibhéal ard tacaíochta leachtachta á sholáthar ag an mBanc d'institiúidí creidmheasa chun dul i ngleic leis na brúnna ardaithe leanúnacha airgeadais sna margaí airgeadais. Bhí laghdú ann freisin san ioncam a thuill punann infheistíochta an Bhainc agus d'ísligh torthaí bannaí le linn 2009². Fritháiríodh go pointe áirithe an laghdú san ús a tuilleadh ó oibríochtaí bheartas airgeadaíochta agus ón bpunann infheistíochta leis an ús a tuilleadh ar áiseanna speisialta leachtachta lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta Chóras an Euro.

Laghdaigh an t-ús a íocadh ar Thaisc Rialtais, ar Thaisc Institiúidí Creidmheasa agus ar eisiúint nótaí bainc euro an Bhainc a bhí os cionn sciar eochairchaipiteal iomlán an Bhainc i gcúrsaíocht chóras iomlán an Euro faoi €375.1 milliún, €370.0 milliún agus €359.8 milliún faoi seach. D'ainneoin leibhéal íseal rátaí oifigiúla BCE a gearradh ar airgead a tugadh d'institiúidí creidmheasa le linn 2009, bhí difreálach leanúnach fabhrach ann os cionn rátaí margaidh thar oíche toisc an bharrachais leachtachta a chuir Córas an Euro ar fáil. Dá réir sin, bhí rátaí margadh-bhainteach arna íoc ar

¹ Thit an eochair-ráta íosta BCE ón meán de 4.04 faoin gcéad sa bhliain 2008 go 1.28 faoin gcéad sa bhliain 2009.

² Mar shampla, thit torthaí bannaí Gearmánach faoi 43 bonnphointe le linn 2009.

thaiscí éilimh Rialtais arna gcoinneáil ag an mBanc níos ísle ná na rátaí arna ngearrach ar iasachtú airgeadaíochta. Fritháiríodh na laghduithe seo go pointe áirithe trí mhéadú san ús íochta ar larmhéideanna níos airde In-Chóras an de €273.1 milliún go €749.3 milliún.

An glantoradh a bhí ar oibríochtaí airgeadais agus laghduithe ná gnóthachan de €101.3 milliún i 2009 i gcomparáid le gnóthachan de €84.5 milliún don bhliain roimh ré. Cuimsíonn figiúr 2009 gnóthachain chaipitil réadaithe de €103.5 milliún a bhí mar thoradh ar chinneadh meánmharthanacht phunann infheistíochtaí an Bhainc a ghiorrú.

An glantoradh a bhí ar chomhthiomsú ioncam airgeadaíochta Chóras an Euro ná muirear de €88.4 milliún i 2009, i gcomparáid le €242.9 milliún i 2008. Cuimsíonn an muirear seo dhá ghné:

- (i) Glantoradh ar chomhthiomsú an ionaim airgeadaíochta de €110.7 milliún (2008: €169.6 milliún) a léiríonn an sciar comhréireach mór d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta níos fadtéarmaí an chórais agus taiscí thar oíche a cuireadh i gcrích le sciar an Bhainc i gcoibhneas lenár n-eochairchaipiteal i gCóras an Euro³.
- (ii) Laghdú ar sciar an Bhainc den soláthar i gcoinne rioscaí contrapháirtí in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta Chóras an Euro, arb ionann é agus €22.0 milliún⁴. I 2008, nuair a bunaíodh an fhoráil, bhí muirear ar an gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais arb ionann é agus €73.1 milliún agus seo sciar an Bhainc de sholáthar iomlán do Chóras an Euro ag an uair.

B'ionann sciar an Bhainc de bhrabúis indáilte BCE agus €35.9 milliún (2008: €16.9 milliún) i 2009. Mhéadaigh ioncam eile faoi €25.8 milliún i 2009 den chuid is mór toisc an toraidh achtúirigh ar shócmhainní an chiste pinsin (€10.1 milliún)⁵, aistriú chuig ioncam de phionóis airgeadaíochta arna ngearradh ag an Rialtóir Airgeadais (€7.4 milliún) agus méadú ar ioncam ó thobhaigh arna ngearradh ag an Rialtóir Airgeadais ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais (€6.1 milliún).

B'ionann costais oibríochta iomlána, arna gcur de mhuirear i gcoinne brabúis, agus €119.2 milliún (2008: €119.9 milliún) agus cuimsíonn siad pá, neamhphá, amhábhair nótaí bainc agus dímhneas. Laghdaigh costais foirne, pá san áireamh, faoi €1.7 milliún (2.1 faoin gcéad), agus laghdaigh speansais oibríochta eile agus amhábhair nótaí bainc faoi €0.1 milliún. Mhéadaigh costais dímhneas faoi €1.2 milliún i 2009 go príomha toisc gur áitíodh an t-áitreabh nua ag 9 Faiche an Choláiste agus Duga Spencer. Tá anailís shonrach de chostais oibríochtaí an Bhainc le fáil i Nóta 8 de Ráiteas na gCuntas.

Tar éis aistrithe chuig cúlchistí agus coigeartuithe a bhain le haithint glanhnóthachan achtúireach ar scéim phinsin an Bhainc, mar a éilítear faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, b'ionann Barrachas Ioncaim an Bhainc agus €745.5 milliún (2008: €290.1 milliún), atá iníochta leis an Státchiste.

Forbairtí ar an gClár Comhardaithe

B'ionann sócmhainní/dlíteanais iomlána amhail ag 31 Nollaig 2009 agus €124.9 billiún, rud atá €8.8 billiún níos airde ná an figiúr comhfhreagrach de €116.1 billiún do 31 Nollaig 2008. Sna chéad sé mhí den bhliain, bhí fairsingiú suntasach ann ar mhéid an chláir chomhardaithe chuig €166.8 billiún (+43.6 faoin gcéad), agus ina dhiaidh sin ísliú suntasach i ráithe a trí chuig €119.6 billiún (-28.3 faoin gcéad) agus méadú beag i ráithe a ceathair chuig €124.9 billiún (+4.4 faoin gcéad). An chúis leis an ngluaiseacht seo, d'fhormhór, ná luaineacht san éileamh ó institiúidí creidmheas do réamhíocaíochtaí bheartas airgeadaíochta le linn 2009.

Bhí laghdú de €4.9 billiún ann in éilimh ar áitritheoirí i limistéar an euro in airgeadra eachtrach, a léiríonn laghdú i soláthar oibríochtaí gearrthéarmacha soláthair leachtachta dhollar SE. Amhail ag 31 Nollaig 2009 bhí laghdú tagtha ar iasachtú chuig institiúidí creidmheasa trí na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (PA) – laghdú de €36.0 billiún, i

3 B'ionann an glaniomlán d'ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe ag an mBanc agus €291.4 milliún agus b'ionann an méid a athdháileadh, atá coibhéiseach le scair eochairchaipitil ghlanioncam airgeadaíochta an Bhainc de Chóras an Euro agus €180.8 milliún.

4 I 2009 rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar oiriúnacht an tsoláthair agus chinn laghdú ar mhéid comhlán ó €5.7 billiún amhail ag 31 Nollaig 2008 go €4.0 billiún amhail ag 31 Nollaig 2009.

5 Tá seo cuimsithe i gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais an Bhainc i 2009 mar thoradh ar bhunú scéim phinsin mhaoinithe an Bhainc ar an 1 Deireadh Fómhair 2008. Tá seo ag teacht leis an gcleachtas cuntasíochta caighdeánach.

gcomparáid le deireadh 2008, agus bhí méadú comhfhreagrach ann in iasachtú tríd Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAF) de €35.5 billiún. Léiríonn seo athrú ar phróifíl an iasachtaithe bheartas airgeadaíochta i 2009 mar gur bhain contrapháirtithe an Bhainc fónamh as an deis iasachtaí a fháil trí OAFanna ag ráta aischistithe seasta (an ráta PA seachtain amháin a bhí i réim). D'fhairsingigh sócmhainní eile faoi €12 bhilliún, go príomha ag léiriú sholáthar na n-áiseanna speisialta leachtachta a réamhiocadh lamsuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta Chóras an Euro.

Ag deireadh na bliana, b'ionann sciar comhréireach an Bhainc de na nótaí euro iomlána i gcúrsaíocht agus t €11.8 billiún, rud a léiríonn méadú de €2.9 billiún ar an mbliain roimh ré. Léiríonn seo méadú suntasach in eochairchaipiteal an Bhainc i gCóras an Euro (Beartas Cuntasaíochta (k) (iii)), a ndearnadh leasú air ag tús 2009, agus bunaíodh an t-athbhreithniú ar OTI na mballstát iomchuí don tréimhse 2001 do 2005 agus daonra iomlán do 2006. Laghdaigh dliteanais d'institiúidí creidmheasa i limistéar an euro (bainc thráchtála) faoi €4.5 billiún agus mhéadaigh dliteanais d'áitritheoirí eile i limistéar an euro arna n-ainmniú in euro, taiscí Rialtais go bunúsach, beagán faoi €0.4 billiún chuig €26.3 billiún. Bhí dliteanais In-Chóras an Euro, arb ionann iad agus €67.2 billiún amhail ag 31 Nollaig 2009, agus €8.5 billiún níos airde ná ag deireadh 2008. Áiríonn seo méadú de €9.2 billiún i ndlíteanais an Bhainc i leith bhainc ceannais náisiúnta eile de chuid Chóras an Euro i ndáil le haistrithe trasteorann tríd an gcóras íocaíochta TARGET2⁶.

Fuascailt Nótaí Bainc na hÉireann

Scoir nótaí bainc na hÉireann le bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Amhail ag 31 Nollaig 2002, bhí nótaí bainc dar luach €299.7 milliún fós gan íoc, agus ag an tráth sin aistríodh na fáltais chuig an Státhchiste Iúide soláthar de €60 milliún ionas go bhféadfaí freastal ar dhualgaís i ndáil le nótaí bainc Éireannacha nach raibh fuascailte. Le linn 2009, fuasclaíodh suim de €3.2 milliún (2008: €3.3 milliún) rud a d'fhág €240.6 milliún i nótaí bainc na hÉireann fós amuigh agus amuigh agus iarmhéid ar an bhforáil chuntais de €0.9 milliún ag deireadh mhí na Nollag 2009.

Fáltais Bonn

Le linn 2009, b'ionann an luach glan i mboinn euro a fuasclaíodh agus €23.0 milliún (2008: glaneisiúint de €43.9 milliún) rud a léiríonn titim shubstainteach san éileamh ón bpobal. Chun fritháireamh a dhéanamh air seo agus ar na speansais táirgthe bonn a tabhaíodh, aistríodh €30 milliún a fuarthas ón Státhchiste⁷. Bíonn an Banc fós ag fuascailt bhoinn na hÉireann a eisíodh sular tugadh isteach an euro i mí Eanáir 2002. Sa bhliain 2009, Irish b'ionann an méid iomlán ó fhuascailt bhoinn Éireannacha agus €0.5 milliún (2008: €0.5 milliún). Tá sonraí iomlána cuimsithe i Nóta 32 de Ráiteas na gCútnas.

Íoca Pras Cuntas, 2009

Tá an dualgas ar an mBanc cloí le forálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall le hIdirbhearta Tráchtála), a fhorálann go mbeidh ús pionóis le híoc mura n-íoctar íocaíochtaí d'idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, ach amháin má sonraítear a mhalairt sa chonradh nó sa chomhaontú. Ní cuirtear na rialacháin i bhfeidhm nuair atá an pionós úis níos lú ná €5. Is é an ráta úis atá infheidhme d'íocaíochtaí malla ná ráta príomhráta athmhaoinithe an BCE agus 7 bpointe céatadánach, agus beidh feidhm ag an ráta cuí ar 1 Eanáir agus 1 Iúil gach bliain don tréimhse sé mhí tar éis na dátaí sin. I 2009, bhí ús iníoctha ag ráta de interest idir 8 agus 9.5 faoin gcéad in aghaidh na bliana.

Seo a leanas achoimre d'íocaíochtaí úis le soláthraithe le linn 2009 de réir fhorálacha na Rialachán dá dtagraítear thuas.

Líon iomlán na n-íocaíochtaí déanacha	78
Luach iomlán n-íocaíochtaí déanacha (A)	€684,146
Líon iomlán na n-íocaíochtaí iomlána (B)	€52,822,146
A mar % de B	1.30%
Suim iomlán an úis íoctha ar íocaíochtaí déanacha	€3,760

6 Córas um Aistriú Uathoibríoch Tras-Eorpach d'Ollsocráíocht Fíor-ama.

7 I 2008 rinneadh aistriú de €30 milliún chuig an Státhchiste.

Ráiteas na gCuntas

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009



Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Déileáiltear leis na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais na Stiúrthóirí in Ailt 5, 5A agus 6 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942, (mar a cuireadh isteach le hAilt 4, 5 agus 6 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003) agus in Alt 22A d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (mar a cuireadh isteach le hAlt 18 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003). Anuas air sin, de réir Alt 6 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (mar a cuireadh isteach le hAlt 7 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003), tá an Banc freagrach as taifid chuntasaíochta chearta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo freisin ullmhúchán Ráiteas na gCuntas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí de dheireadh na bliana airgeadais mar aon le ceapachán iniúchóirí seachtracha mar atá éilithe ag Airteagal 27 de Reacht An Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Tá freagracht iomlán ar an mBord as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach sa mBanc, a bhfuil sé mar aidhm aige sócmhainní an Bhainc a chosaint mar aon le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúr eagrúcháin cuí bunaithe ag an mBord chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh. Maidir leis seo, buaileann Coiste Iniúchta an Bhoird leis na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus le baill de Bhainistíocht an Bhainc ar bhonn tréimhsiúil chun plé a dhéanamh ar shaincheistean rialaithe, ar thuairisciú airgeadais agus ar nithe eile nach iad. Tá rochtain iomlán ag na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha ar an gCoiste Iniúchta.

Tá an Bord sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach na prionsabail agus caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go forleathan, agus atá curtha in oiriúint do chineál na gníomhaíochta a bhíonn ar bun ag bainc cheannais agus do na forálacha reachtúla atá i bhfeidhm sa bhaile mar aon le forálacha an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais a bhfuil feidhm acu i leith an Bhainc, agus tá an Bord sásta go bhfuil siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin atá réasúnta, stuama.

Patrick Honohan, Gobharnóir

David Begg, Stiúrthóir

25 Meitheamh 2010

Ráiteas faoi Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Aithním thar ceann an Bhoird an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go gcoinníonn an Banc córais éifeachtacha rialaithe airgeadais inmheánaigh agus go ndéanann sé athbhreithniú ar a n-éifeachtacht ar bhonn leanúnach. Ghlac an Bord go foirmiúil le cód iompair a éilíonn ar gach Stiúrthóir a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialuithe inmheánacha ag an mBanc, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibriúcháin, bainistíocht riosca mar aon le rialuithe chun calaois a chosc.

Tugann na córais rialaithe atá ann dearbhú atá réasúnta gan a bheith absalóideach go bhfuil na sócmhainní á gcosaint ó úsáid nó diúscairt neamhúdaraíthe, go bhfuil taifid chearta airgeadais á gcoinneáil agus go bhfuil an t-eolas airgeadais atá curtha ar fáil agus foilsithe iontaofa. Is é atá mar aidhm ag na córais seo go bunúsach ná rioscaí airgeadais a bhainistiú in áit iad a dhíothú.

I measc na gcórais rialaithe, áirítear na cinn seo a leanas:

- » Struchtúr eagrúcháin atá sainmhínithe go soiléir agus a bhfuil uasteorainneacha údaraíthe sonraithe aige mar aon le riachtanais tuairiscithe don bhainistíocht shinsearach agus don Bhord;
- » Téarmaí tagartha cuí don Bhord agus do choistí bainistíochta atá freagrach as príomhréimsí polasaí;
- » Córas faisnéis bhainistíocht cuimsitheach airgeadais agus buiséadaithe ina bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh:
 - » Faomhadh an Bhoird don phlean bliantúil agus do bhuiséid caiteachais mionsonraithe
 - » Tuairisciú don Bhord ar bhonn ráithiúil i ndáil le feidhmiúcháin airgeadais agus buiséid
 - » Tuairisciú rialta don Bhord i ndáil le caiteachas caipitil;
- » Polasaithe agus nósanna imeachta mionsonraithe i ndáil le rialuithe airgeadais.

Déantar an riosca oibriúcháin a bhainistiú trí chur i bhfeidhm creatlaí don eagraíocht iomlán, a chuireann bonn modheolaíoch coiteann ar fáil do sholáthar, do chothabháil agus do rialú na bainistíochta ar riosca oibriúcháin agus ar rialuithe inmheánacha do gach próiseas a bhíonn ar bun san eagraíocht. Tá freagracht ar Choiste Riosca Oibriúcháin, a bhfuil baill na bainistíochta sinsearaí air, as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca oibriúcháin. Tugann Coiste Iniúchta an Bhainne athbhreithniú iomlán ar riosca oibriúcháin ar aird don Bhord ar bhonn bliantúil.

Tá sonraí maidir leis na rialuithe riosca atá i bhfeidhm i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar shócmhainní infheistíochta le fáil sa Chaibidil faoi Phríomhghníomhaíochtaí faoin teideal Bainistíocht Sócmhainní agus i Nóta 35 i Ráiteas na gCuntas.

Déanann an Rannóg Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar na rialuithe atá i bhfeidhm go neamhspleách agus go córasach agus tuairiscíonn sé do Choiste Iniúchta an Bhoird ar bhonn rialta. Tugann an Coiste Iniúchta faomhadh don Phlean Iniúchta Inmheánaigh agus don chlár oibre. Anuas air sin, buaileann an Coiste Iniúchta leis an dá iniúchóir sheachtracha, leis an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas agus Deloitte & Touche agus faigheann sé tuarascálacha uathu. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchta don Bhord maidir le gach saincheist shuntasach a phléigh an Coiste agus cuirtear miontuairiscí an Choiste Iniúchta ar fáil don Bhord le haghaidh a mbreithnithe ag cruinnithe an Bhoird ina dhiaidh sin.

Tá mé in ann deimhniú go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialuithe airgeadais inmheánacha i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009.

Patrick Honohan, Gobharnóir

25 Meitheamh 2010

Beartais Chuntasaíochta

(a) An Chaoi a gCuirtear na Cuntais i Láthair

Tagraíonn an téarma 'Banc', sa chás go n-úsáidtear é i Ráiteas na gCuntas, don Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (BCÚSAÉ).

Le linn dó a bheith ag ullmhú na gcuntas, tá beartas cuntasaíochta ag an mBanc, mar bhall rannpháirteach den CEBC¹, atá, dar le Comhairle Rialaithe an BCE, cuí do chineál na gníomhaíochta a bhíonn ar bun ag bainc cheannais agus do na forálacha reachtúla ².

Is é an euro an t-aonad cuntasaíochta.

Ag féachaint do ról agus do ghníomhaíochtaí bainc ceannais, tá an Banc den bharúil nach soláthródhráiteas faoi shreabhadh airgid aon eolas breise nó úsáideach d'úsáideoirí na gcuntas. Mar sin, níl a leithéid de ráiteas san áireamh mar chuid de na cuntais seo.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 6H d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (mar a cuireadh isteach le hAlt 7 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003).

(b) Aithint Ioncaim

Glacadh leis an gcoincheap fabhráithe chun cuntasaíocht a dhéanamh ar ioncam.

(c) Sócmhainní Seasta

(i) Tomhas

Luaitear sócmhainní seasta ag an gcostas a bhí orthu agus ní dhéantar athluacháil orthu.

(ii) Dímheas

Déantar dímheas ar gach sócmhainn seasta ar bhonn méid chothroim thar tréimhse a saoil úsáidigh a bhfuiltear ag súil leis mar seo a leanas:

Áitribh ruilse (gan costais suímh a bheith san áireamh)	–	50 bliain
Gléasra agus Innealra	–	5 go 15 bliana
Eile	–	5 bliana

(d) Aoisliúntas

De réir scéim aoisliúntas an Bhainc, faigheann baill foirne buana an Bhainc na tairbhí aoisliúntais céanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. D'íoc an Banc na tairbhí seo as ioncam reatha suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008 de réir mar atá siad dlíthe. Bunaíodh scéim phinsin maoinithe an 1 Deireadh Fómhair 2008 de réir Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Aistríodh €400 milliún, méid a bhí comhaontaithe ag achtúirí BCÚSAÉ Willis, ó acmhainní an Bhainc go dtí an ciste chun sócmhainní ciste pinsean a cheannach. pension fund assets. Íocfar gach tairbhe sa todhchaí as an gciste seo. Nochtann an Banc an costas a bhaineann le tairbhí a sholáthar de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 17 – 'Sochair Scoir'.

¹ Sa cháipéis seo, tagraíonn an téarma An Córas Eorpach Bainc Cheannais (CEBC) don fhiche seacht Banc Ceannais Náisiúnta (NCBanna) de chuid i an Aontais Eorpaigh an 31 Nollaig 2009 mar aon leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma 'Córas an Euro' don chúig déag banc ceannais náisiúnta de chuid na mBallstát atá ag glacadh páirte san Aontas Airgeadaíochta, mar aon leis an BCE, ar an dáta céanna.

² Is iad na príomhforálacha reachtúla: an Conradh ar an Aontas Eorpach, 1992, Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-1998, Rialacháin Bhanc na hÉireann (Barrachas Ioncaim), 1943, an tAcht Monaíochta, 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990, an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998 agus Acht am Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003.

Déantar tomhas ar dhliteanais scéime trí úsáid a bhaint as an modh aonaid réamh-mheasta, ina gcuirtear san áireamh méaduithe i dtuillimh réamh-mheasta, trí úsáid a bhaint as boinn tuisceana achtúireachta a thugann an meastachán is fearr ar an sreabhadh airgid tirim a thiocfaidh chun cinn de réir na ndlíteanais scéime. Déantar lascaíú ar an sreabhadh airgid tirim seo ag rátaí úis atá infheidhmíthe do bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán san aonad airgid céanna agus den téarma céanna leis na dliteanais. Muirearaítear an costas seirbhíse reatha mar aon le haon chostas seirbhíse don fhoireann ghinearálta a bhí ann san am a caitheadh don Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus don Chúlchiste Airgeadra i ndáil le baill foirne an Mionta. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireachta sa chuntas leithghabhála.

Nuair atá luach dliteanais scéime á mheas, glactar le boinn tuisceana maidir le boilsciú praghsanna, arduithe i bpinsin, fás tuillimh agus fostaithe. Tá na boinn tuisceana is bonn le dliteanais 2009 mar aon leis an gcostas pinsin leagtha amach i Nóta 34.

(e) Soláthar agus Eisiúint Mona

Aistríodh fáiltais agus speansais i ndáil le soláthar agus eisiúint mona go díreach go dtí an Cúlchiste Airgeadra de réir fhorálacha an *Achta Monaíochta*, 1950, na *Achtanna um Airgead Reatha Deachúil*, 1969-1990 agus an *Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*, 1998. Muirearaítear costas táirgeachta mona don Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Cuirtear fáiltais ó eisiúint mona chun sochar an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina fhaightear iad (Nóta 32). Déanann Alt 14A den *Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*, 1998 (mar a cuireadh isteach le hAlt 137 den *Acht Airgeadais*, 2002), a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráil go gcuirfí na glanfháltais ó eisiúint mona, ón 1 Eanáir 2002, díreach ar aghaidh ag an Státchiste, ar ordú ón Aire. Sa bhliain 2009, fuarthas aistriú de €30 milliún ón Státchiste i ndáil le glanhuascailt mhór mona a tharla le linn na bliana (Nóta 32(v)).

(f) Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Déantar comhshó ar idirbhearta cuntasáíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí coibhéisí euro ag na rátaí malartáin atá i réim ag an dáta socraithe mura mbeidh deireadh na bliana ag teacht idir an dáta trádála agus an dáta socruithe, agus sa chás sin aithneofar iad ag an dáta trádála (Beartas Cuntasáíochta)(k)(i)).

(g) Ioncam Amúchta

Caitear le préimheanna agus/nó lascaí a thagann chun cinn ar urrúis mar ghlan-ioncam úis agus déantar amúchadh orthu ar bhonn méid chothroim thar an tréimhse chomh fada lena n-aibíocht agus déantar cuntasáíocht orthu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

(h) Polasaí Luachtála

Déantar luacháil ar shócmhainní agus ar dhliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, ar chonarthaí infheistíochta agus airgeadra eachtrach atá le n-íoc fós agus ar scaireanna sa mBanc do Shocraíochtaí Idirnáisiúnta ag na rátaí malartáin atá ag lár an mhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 31). Déantar an luacháil ráta eachtraigh ar shócmhainní agus ar dhliteanais ar bhonn na n-aonad airgeadais indibhidiúla.

Déantar luacháil ar ór ag praghas an mhargaidh atá ann ag am dúnta agus ar urrúis ag na praghsanna atá i lár an mhargaidh ag am dúnta ag deireadh na bliana. Déantar luacháil ar urrúis ar bhunús na n-urrús indibhidiúil.

Coinnítear urrúis mhargaidh dá rangáítear urrúis a choinnítear go mbainfear amach aibíocht, ag luach amúchta agus tá faoi réir athruithe.

(i) Aitheantas Gnóthachan agus Caiteachas

Déantar cuntasáíocht ar ghnóthachain agus ar chaillteanais réadaithe a thagann chun cinn as díolachán airgeadra eachtraigh, ór agus urrús tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais. Ríomhtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe (FX agus euro) ar airgeadra eachtrach trí thagairt a dhéanamh don mheáncostas.

Déantar cuntasáíocht ar ghnóthachain neamhréadaithe a aithnítear ag deireadh gach bliain airgeadais de réir beartas luachála an Bhainc (Beartas Cuntasáíochta (h)) tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear ina dhiaidh sin iad go dtí na Cuntais Athluachála.

Déantar cuntasáíocht ar chaillteanais neamhréadaithe tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála sa mhéid is atá siad níos airde ná gnóthachain athluachála a bhí ann roimhe seo. Ní féidir caillteanais neamhréadaithe a ndearnadh cuntasáíocht orthu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ar an gcaoi seo a fhreaschur sna blianta ina dhiaidh sin in aghaidh gnóthachain neamhréadaithe sa todhchaí.

Mar go bhfuil gach gnóthachan agus caillteanas aitheanta tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, ní bhreithnítear é a bheith riachtanach Ráiteas ar leith ar na Gnóthachain agus Caillteanais lomlána atá Aitheanta a áireamh.

(j) Comhaontuithe Athcheannaigh

De réir Comhaontaithe Díolacháin agus Athcheannaigh, díolann an Banc urrúis óna phunann ar airgead tirim agus, ag an am céanna, aontaíonn sé iad a cheannach arís go comhuaineach ar phraghas atá aontaithe agus ar dháta atá socruithe. Tugtar aitheantas do na comhaontuithe athcheannaigh seo ar thaobh na ndliteanas ar Chlár Comhardaithe an Bhainc agus tá siad ina n-údar freisin do chostas úis sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 2). Fanann an Banc ina úinéir tairbhiúil an t-am ar fad ar na hurrúis a fhanann ar a Chlár Comhardaithe.

De réir Comhaontaithe Athcheannaigh Droim ar Ais, ceannaíonn an Banc urrús ar airgead tirim agus aontaíonn sé go comhuaineach iad a dhíol ar ais don chéile conartha ag praghas atá aontaithe agus ar dháta atá socruithe. Déantar taifead de na comhaontuithe díolacháin seo ar thaobh sócmhainní an Chláir Comhardaithe (Nótaí 13 agus 15), ach ní áirítear iad sna sealúchais urrús atá ag an mBanc. Ní fhaigheann an Banc úinéireacht thairbhiúil de na bunurrúis ag aon am i rith téarma an chomhaontuithe. Tá na comhaontuithe seo ina n-údar d'ioncam úis sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 1).

Is féidir beartaíocht na gcomhaontuithe athcheannaigh a dhéanamh in euro agus in aonaid airgid eile.

(k) Treoirínte Cuntasáíochta do Chóras an Euro

Mar bhall den CEBC/Córas an Euro, ghlac an Banc le Treoirínte Cuntasáíochta an BCE. Seo a leanas achoimre ar phríomhghnéithe na dTreoirínte.

(i) Cuntasáíocht ar Dháta na Trádála³

Déantar taifead go hiondúil ar idirbhearta i sócmhainní agus i ndliteanais ar an dáta socraíochta (de ghnáth dáta na trádála móide dhá lá gnó), mura dtarlódh sé go mbeidh deireadh bliana idir an dáta trádála agus an dáta socraíochta. Sa chás sin, ní mór iad a aithint ag an dáta trádála, .i. cuirtear gach gnóthachain agus caillteanas a éiríonn as na hidirbhearta seo in áirithe sa bhliain reatha. In 2009, níor cuireadh aon idirbheart ábhartha i gcrích thar deireadh na bliana.

(ii) Iarmhéideanna Intra-CEBC

Coinníonn gach banc ceannais náisiúnta de chuid Chóras an Euro cuntais lena chéile chun críche íocaíochtaí déthaobhacha a dhéanamh lena chéile, lena n-áirítear íocaíochtaí trasteorann tríd an gcóras TARGET2⁴ (Nóta 28). Déantar gach iarmhéid déthaobhach a shuimiú ag deireadh am scoir gnó trí úsáid a bhaint as próiseas suimithe iltaobhach agus cuirtear oibleagáid fiacha singil ar gach banc ceannais náisiúnta don BCE nó vice versa, de réir mar is cuí. Ag deireadh 2009, bhí cúig thír nach bhfuil rannpháirteach (an Danmhairg, Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Eastóin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bharr sin, bhí siad páirteach sa phróiseas iltaobhach suimithe.

³ Arna sainmhíniú i dTreoirínte Cuntasáíochta an Bhainc Cheannais Eorpaigh 5 Nollaig 2002 faoin gcreatlach dlíthiúil do thuairiscíú cuntasáíochta agus airgeadais san CEBC (BCE/2002/10), mar a leasaíodh é. Cúlghaireadh an Treoirínte seo le héifeacht ó 1 Eanáir 2007 agus tháinig Treoirínte BCE/2006/16 in áit.

⁴ Córas um Mearaistriú Tras-Eorpach Uathoibríthe le haghaidh Ollsocráíocht Fíor-ama.

Áirítear iarmhéideanna intra-Córas an Euro a thagann chun cinn de bharr leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh de Chóras an Euro mar dliteanas faoi (ghlan) dliteanas Intra-Córas an Euro: “Dlíteanas a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Chóras an Euro”. (Féach Beartas Cuntasaíochta (k)(iv) agus Nóta 27).

(iii) Eochair Caipitil an CEBC

Is é an céatadán de scairchaipiteal gach banc ceannais atá san BCE an eochair caipitil. Tá an eochair caipiteal ina miosúr ar mhéid náisiúnta coibhneasta na mballtíortha agus cumasc 50:50 atá ann de OTI agus den daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na bainc cheannais náisiúnta amháin atá ina rannpháirtithe i gcaipiteal an BCE. Braitheann rannpháirtíocht ar scaireanna atá socraithe de réir Airteagal 29.3 de Reacht CEBC agus ní foláir seo a choigeartú gach cúig bliana. Amhail 1 Eanáir 2009 rinneadh coigeartú dá leithéid agus d'athraigh sciar den Bhanc i gcaipiteal rannpháirtíochta an BCE ó 0.8885 faoin gcéad go dtí 1.1107 faoin gcéad. Mar thoradh air seo mhéadaigh leas rannpháirtíochta an Bhainc san BCE ó €51.2 milliún go dtí €64.0 milliún (Nóta 17). De bhreis air sin, mhéadaigh éilimh an Bhainc arna ainmniú in euro ó aistriú cúlchistí eachtracha chuig an BCE faoi €128.0 milliún, ó €511.8 milliún sa bhliain 2008 go dtí €639.8 milliún sa bhliain 2009 (Nóta 18).

Eochair eile, ‘eochairchaipiteal Chóras an Euro’ a fhaightear ó eochairchaipiteal an CEBC ná an eochairchaipiteal a bhfuil cur síos air thuas, agus úsáidtear é mar bhonn do leithdháileadh sraithe de mhíreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus sciar d'ioncam/caillteanas an BCE i measc BC Chóras an Euro. Tá eochairchaipiteal Chóras an Euro ina eochairchaipiteal arna lua mar chéatadán d'eochairchaipitil chomhlána atá ag BC Chóras an Euro.

Chomh maith leis sin, ar 1 Eanáir 2009, ghlac banc ceannais na Slóvaice ballraíocht le córas an Euro agus d'íoc a scairchaipiteal leis an BCE ina iomláine. Mar thoradh air sin, d'ardaigh sciar an Bhainc i gcóras iomlán Euro na mbac ceannais atá íoctha ina n-iomláine leis an BCE faoi 1.2748 faoin gcéad go dtí 1.5915 faoin gcéad.

(iv) Nótaí bainc i gcúrsaíocht

Eisíonn an BCE agus na 16 bhanc ceannais náisiúnta atá páirteach agus a chuimsíonn Córas an Euro nótaí bainc euro^{5 6}. Déantar leithdháileadh ar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht ar an lá oibre deireanach de gach mí ag teacht leis an eochair leithdháilte do nótaí bainc atá ag gach banc ceannais náisiúnta⁷.

Leithdháileadh scair 8 faoin gcéad de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht don BCE cé go bhfuil an 92 faoin gcéad atá fágtha leithdháilte do na bainc ceannais náisiúnta i gCóras an Euro i gcomhréir lena scaireanna íoctha de chaipiteal an BCE faoi seach. Sa bhliain a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh uirthi anseo, bhí scair 1.5915 faoin gcéad ag an mBanc i gcaipiteal láníoctha an BCE (Beartas Cuntasaíochta (k)(iii)) agus mar sin bhí scair 1.464 faoin gcéad aige de na nótaí bainc euro a bhí i gcúrsaíocht de réir an eochair leithdháilte do nótaí bainc. Nochtar an scair de nótaí bainc atá leithdháilte do gach banc ceannais náisiúnta faoin mír dliteanas ar an gclár comhardaithe “Nótaí bainc sa chúrsaíocht” (Nóta 22).

Tá an difríocht idir luach na nótaí bainc euro atá leithdháilte do gach banc ceannais náisiúnta de réir na heochrach leithdháilte do nótaí bainc agus na nótaí bainc euro a chuireann sé sa chúrsaíocht ina húdar d'iarmhéideanna sochracha intra-Córas an Euro. Nochtar na héilimh nó na dliteanas seo, a thabhaíonn ús⁸, sa Chlár Comhardaithe faoi “Intra-Córas an Euro: (glan) Dlíteanas” (Beartas Cuntasaíochta (k)(ii) agus Nóta 27). Glantar an costas úis (Nóta 2) ar na hiarmhéideanna seo trí chuntais an BCE agus nochtar iad faoi “Ghlan-ioncam úis” sa Chuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála.

5 Cinneadh an Bhainc Cheannais Eorpaigh an 6 Nollaig 2001 faoi eisiúint nótaí bainc euro (BCE/2001/15), OJ L 337, 20.12.2001, 20.12.2001, lgh. 52-54.

6 Ní raibh Banc Ceannais na Slóvaice páirteach i gcóras an Euro ach ó 2009 i leith.

7 Tagraíonn an eochair leithdháilte do nótaí bainc do na céatadán atá ann mar thoradh ar scair an BCE den eisiúint iomlán de nótaí bainc euro a chur san áireamh agus eochair caipitil an CEBC a chur i bhfeidhm ansin do scair na mbanc ceannais náisiúnta dá leithéid d'iomlán.

8 Cinneadh an Bhainc Cheannais Eorpaigh an 6 Nollaig 2001 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta Bainc Ceannais Náisiúnta na mBallstát rannpháirteach ón mbliain airgeadais 2002 (BCE/2001/16), OJ L 337, 20.12.2001, lgh.55-61.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle Rialaithe an BCE go leithdháilfear ioncam *seigniorage* an BCE a éiríonn as an scair 8 faoin gcéad de nótaí bainc euro atá leithdháilte ar leithligh don BCE ag na bainc ceannais náisiúnta i bhfoirm dáileadh eatramhach brabús⁹. Dáiltear go hiomlán é mura mbeidh glan-bhrabús an BCE don bhliain níos lú ná an t-ioncam atá tuillte aige ar nótaí bainc euro atá sa chúrsaíocht agus faoi réir ag aon chinneadh a dhéanfaidh an Chomhairle Rialaithe aistrithe a dhéanamh do sholáthar do rioscaí sa ráta malartán eachtrach, sa ráta úis agus i bpraghas an óir nó costais a thabhoídh an BCE i ndáil le heisiúint agus le láimhseáil nótaí bainc euro a chur in aghaidh an ioncaim sin. (Nóta 5).

(v) Glantóradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

Socraítear méid ioncaim airgeadaíochta gach banc ceannais náisiúnta i gCóras an Euro tríd an ioncam bliantúil iarbhir a thagann ó na sócmhainní inchomharthaithe atá ar teachtadh in aghaidh a bhonn dliteanais.

Is iad na míreanna seo a leanas atá sa bhonn dliteanais: nótaí bainc sa chúrsaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; dliteanais intra-Córas an Euro atá mar thoradh ar idirbhearta TARGET; dliteanais intra-Córas an Euro a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh de Chóras an Euro. Beidh aon ús a íoctar ar dhliteanais atá san áireamh sa bhonn dliteanais le baint ón ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Seo a leanas na míreanna atá ina sócmhainní inchomharthaithe: iasachtaí d'institiúidí creidmheasa i limistéar an euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; éilimh intra-Córas an Euro atá coibhéiseach leis an aistriú de chúlsócmhainní eachtracha go dtí an BCE; éilimh intra-Córas an Euro atá mar thoradh ar idirbhearta TARGET; éilimh intra-Córas an Euro a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh de Chóras an Euro; méid teoranta de shealúchais óir gach banc ceannais náisiúnta i gcomhréir le heochair caipitil gach banc ceannais náisiúnta. Meastar nach ngineann ór aon ioncam. Sa chás go bhfuil luach sócmhainní inchomharthaithe banc ceannais náisiúnta níos mó nó níos lú ná luach a bhonn dliteanais, déanfar fritháireamh ar an difríocht tríd an meán-ráta toraidh ar shócmhainní inchomharthaithe gach banc ceannais náisiúnta le chéile a chur chun feidhme ar luach na difríochta.

Leithdháiltear an t-ioncam airgeadaíochta atá comhthiomsaithe ag Córas an Euro idir na bainc ceannais náisiúnta de réir na heochrach caipitil suibscríofa. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta atá comhthiomsaithe ag an mBanc agus an méid atá leithdháilte arís don Bhanc an glantóradh a éiríonn as comhthiomsú an ioncaim airgeadaíochta atá taifeadta sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 6).

Sa chás go dtabhaíonn an BCE caillteanas, is féidir an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh cúlchiste ginearálta an BCE, agus, más gá, trí chinneadh na Comhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais ábhartha i gcomhréir le agus suas go dtí an méid atá leithdháilte ag na bainc cheannais náisiúnta.

(vi) Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Déanann an *Conradh ar an Aontas Eorpach*, 1992 agus Alt 5A d'*Acht an Bhainc Ceannais*, 1942, (mar a cuireadh isteach le hAlt 4 d'*Acht an Bhainc Ceannais*, 1998) agus ar tháinig Alt 5B(o) d'*Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann*, 2003 ina áit foráil go bhfuil cumhacht ag an mBanc "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú go dtí an Banc Ceannais Eorpach sa chás go n-éilítear é faoi Reachtaíocht an CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc méid a bhí coibhéiseach le €424.8 milliún go dtí an BCE i mí Eanáir 1999, ag an am ar thosaigh an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis an

⁹ Cinneadh BCE/2005/11 an 17 Samhain 2005 maidir le dáileadh ioncam an Bhainc Cheannais Eorpach ar nótaí bainc euro sa chúrsaíocht do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát rannpháirteach, OJ L 311, 26.11.2005, lch41. Chúlghairm an Cinneadh seo Cinneadh BCE/2002/9.

BCE don mhéid sin. Mar thoradh ar athruithe san eochair caipitil ina dhiaidh sin, aistríodh €87.9 milliún breise an 1 Eanáir 2004, €0.3 milliún an 1 Bealtaine 2004 mar aon le laghdú de €1.2 milliún an 1 Eanáir 2007 agus méadú de f €128.0 milliún an 1 Eanáir 2009. Sa bhliain 2009, mar thoradh ar athrú na heochrach caipitil, toisc theacht isteach na Slóvaice i gcóras an Euro agus toisc an choigeartaithe chúigbhliantúil, tháinig ardú suntasach ar leibhéal na gcúlchistí. Déantar an t-éileamh a d'eascair as seo don BCE a aischiú ag an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí aischiúithe arna choigeartú chun toradh de nialas a léiriú ar an ngné óir (Nótaí 1 agus 18, agus Beartas Cuntasaíochta (k)(iii)).

(vii) Míreanna lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Aithnítear agus déileáiltear le brabúis agus caillteanais a éiríonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe ar bhealach atá cosúil le hionstraimí atá ar an gclár comhardaithe. Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach déantar cuntasaíocht orthu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear uaidh sin iad go dtí na Cuntais Athluachála. Tógtar caillteanais (luachála) neamhréadaithe go dtí an cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála nuair atá siad níos airde ná gnóthachain athluachála a tharla roimhe seo a cláraíodh sa Chuntas Athluachála. Déantar taifead ar ghnóthachain/caillteanais dáta trádála neamhréadaithe ar réamhchonarthaí malartáin eachtraigh faoi “sócmhainní/dliteanais eile” ag teacht le treoirlínte an CEBC i ndiaidh cuntasaíochta a bheith déanta orthu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a cuireadh síos air thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí malartáin eachtraigh agus cuimsíonn na teicnící seo na hionstraimí airgeadais is suntasaí atá lasmuigh den chlár comhardaithe atá aitheanta ag an CEBC le haghaidh a n-úsáide féideartha, .i. réamhchonarthaí malartáin eachtraigh, babhtálacha malartáin eachtraigh, todhchaíochtaí ráta úis, babhtálacha ráta úis mar aon le comhaontuithe réamhrátaí.

(viii) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Tar éis chinntí na Comhairle Rialaithe an 7 Bealtaine agus an 4 Meitheamh 2009 chuir an BCE agus BC Chóras an Euro tús le clár chun bannaí clúdaithe ainmnithe in euro arna n-eisiúint i limistéar an euro, a cheannach, chun críocha beartais airgeadaíochta. Déantar na hurrúis seo a luacháil ag a gcostas amúchta agus tá siad faoi réir bearnúcháin (Nóta16).

(I) Athrangúcháin

I gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais 2008 taifeadadh foráil do riosca contrapháirtí d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta faoi “Glantordh ar oibríochtaí airgeadais, laghduithe agus soláthair riosca” (Nóta 3). Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar nochtadh bliantúil comhchuibhithe trí Bhainc Cheannais Náisiúnta Chóras an Euro agus an BCE, beartaíodh ar iad a athrangú sa mhír faoi “Glantordh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta” sa chuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais (Nóta 6). Ní raibh aon tionchar ag an athrangú seo ar an méid glan brabúis arna thaifeadadh i gcuntais bhliantúla 2008.

Rinneadh coigeartú ar na méideanna inchomparáide mar seo a leanas:

Cur Síos	Nóta	Foilsithe i 2008 €000	Coigeartú mar thoradh ar Athrangú €000	Méid Athshonraithe €000
Glanghnóthachain/(caillteanais) réadaithe ag eascairt ó oibríochtaí airgeadais	3	85,051	–	85,051
Laghduithe ar shócmhainní agus staideanna airgeadais	3	(577)	–	(577)
Aistriú (chuig)/ó sholáthar do mhalairt eachtrach, do phraghas agus do rioscaí oibríochta eile	3	(73,124)	73,124	–
Glantordh ar oibríochtaí airgeadais, laghduithe agus soláthair do rioscaí	3	11,350	73,124	84,474
Glantordh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta	6	(169,768)	(73,124)	(242,892)

Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

		2009	2008
	Nóta	€000	€000
<i>Ioncam Úis</i>	1	2,247,081	2,724,752
<i>Speansas Úis</i>	2	(1,277,620)	(2,109,440)
Glanioncam Úis		969,461	615,312
<i>Glan-ghnóthachain/(caillteanais) ag éirí as oibríochtaí airgeadais operations</i>	3	103,956	85,051
<i>Laghduithe sócmhainní agus staideanna airgeadais</i>	3	(2,668)	(577)
Glantoradh ar oibríochtaí airgeadais agus laghduithe		101,288	84,474
<i>Ioncam ó tháillí agus coimisiúin</i>	4	1,665	3,016
<i>Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteacha</i>	5	38,137	19,209
<i>Glantoradh ar chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta</i>	6	(88,367)	(242,892)
<i>Ioncam eile</i>	7, 41	31,344	4,965
GLANIONCAM IOMLÁN		1,053,528	484,084
<i>Speansais foirne</i>	8	(80,146)	(81,837)
<i>Speansais oibríochta eile</i>	8	(29,189)	(28,747)
<i>Dímheas</i>	8	(7,741)	(6,576)
<i>Amhábhair do nótaí bainc</i>	8	(2,647)	(2,712)
BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH RÉ GNÓTHACHAIN NEAMH RÉADAITHE AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS		933,805	364,212
<i>Glanghluaiseacht na ngnóthachain neamhréadaithe</i>	31	(36,704)	153,660
<i>Aistrithe go dtí na Cuntais Athluachála</i>	31	36,704	(153,660)
<i>Ranníocaíocht Tosaigh leis an gCiste Pinsin</i>	34	–	(400,000)
<i>Laghdú ar Dhliteanas Pinsin</i>	34	–	400,000
<i>Gnóthachan Achtúireach ar an Scéim Phinsin</i>	34	27,988	76,405
<i>Aistriú chuig Cúlchiste Ginearálta</i>	32	(216,297)	(150,563)
BARRACHAS IONCAIM DLITE DON STÁTCHISTE	9	745,496	290,054

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 ina gcuid de na cuntais seo.
Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

Patrick Honohan, Gobharnóir
 Mary Sheehy, Ard-Stiúrthóir Cúnta

25 Meitheamh 2010

Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2009

SÓCMHAINNÍ		2009	2008
	Nóta	€000	€000
Ór agus ór infhála	10	147,975	120,014
Éilimh in airgeadra eachtrach ar dhaoine nach bhfuil cónaí orthu i limistéar an euro	11	1,346,354	587,327
Éilimh in airgeadra eachtrach ar dhaoine atá ina gcónaí i limistéar an euro	12	118,521	5,062,698
Éilimh in euro ar dhaoine nach bhfuil cónaí orthu i limistéar an euro	13	1,234,309	1,274,271
Iasachtaí d'institiúidí creidmheasa i limistéar an euro a bhaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta in euro	14	92,858,000	93,412,329
Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa i limistéar an euro	15	636,159	113,547
Urrúis daoine atá ina gcónaí i limistéar an euro in euro	16	14,922,485	14,222,053
Éilimh in-Chóras an Euro		796,338	585,421
Leas rannpháirteachais san BCE	17	120,644	56,730
Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	18	639,836	511,834
Éilimh eile laistigh den BCE	5	35,858	16,857
Míreanna atá á socrú faoi láthair	19	2,583	3,872
Sócmhainní eile	20	12,796,124	728,566
Sócmhainní pinsean	34	37,607	21,730
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA		124,896,455	116,131,828

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 ina gcuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

Patrick Honohan, Gobharnóir

Mary Sheehy, Ard-Stiúrthóir Cúnta

25 Meitheamh 2010

Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2009

DLITEANAIS		2009	2008
	Nóta	€000	€000
Nótaí bainc sa chúrsaíocht	22	11,805,857	8,947,351
Dlíteanais d'institiúidí creidmheasa i limistéar an euro a bhaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta in euro	23	14,907,841	19,447,188
Dlíteanais do dhaoine eile ina gcónaí i limistéar an euro in euro	24	26,259,852	25,817,192
Dlíteanais do dhaoine nach bhfuil ina gcónaí i limistéar an euro in euro	25	7,225	6,932
Macasamhail cearta speisialta tarraingthe ar leithdháileadh iad ag an IMF	26	844,125	96,413
(Glan) Dlíteanais in-Chóras an Euro		67,233,511	58,739,356
<i>Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Chóras an Euro</i>	27	13,714,604	14,375,692
<i>(Glan)Dlíteanais eile laistigh de Chóras an Euro</i>	28	53,518,907	44,363,664
Dlíteanais Eile	29	2,045,968	1,442,330
Soláthair	30	52,015	77,182
Cuntais athluachála	31	205,193	241,897
Caipiteal agus cúlchistí	32	1,534,868	1,315,987
Dlíteanais iomlána		124,896,455	116,131,828

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 ina gcuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

Patrick Honohan, Gobharnóir

Mary Sheehy, Ard-Stiúrthóir Cúnta

25 Meitheamh 2010

Nótaí agus gabháil leis na Cuntais

Nóta 1: Ioncam Úis

	2009	2008
	€000	€000
Ioncam taisce	967	12,466
Cúpóin ar urrúis	507,849	546,345
Cúpóin ar Urrúis arna gcoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	5,498	–
Comhaontuithe Athcheannaigh droim ar ais (ii)	3,681	22,903
(Préimheanna)/Lascaí ar Urrúis (iii)	9,047	5,787
Oibríochtaí Bheartas Airgeadaíochta (iv)	1,470,313	2,113,599
Ioncam ó aistriú Sócmhainní Cúlchistí Eachtrach go dtí an BCE (v)	7,051	17,852
Eile (vi)	242,675	5,800
Iomlán	2,247,081	2,724,752

- (i) Beartas Cuntasaíochta (k) (viii) agus Nóta 16.
- (ii) Beartas Cuntasaíochta (g).
- (iii) Baineann sé seo le hiasachtaí atá tugtha ag an mBanc d'institiúidí creidmheasa mar chuid d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta Chóras an Euro (Nóta 14).
- (iv) Baineann sé seo le cúiteamh a dhéanamh ar Shócmhainní Cúlchistí Eachtrach a aistríodh go dtí an BCE. Beartas Cuntasaíochta (k)(vi) agus Nóta 18.
- (v) Áiríonn seo suim de €240.5 milliún i ndáil le hús a tuilleadh ar shaoráidí leachtachta speisialta lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta chóras na Euro (Nóta 20).

Nóta 2: Speansas Úis

	2009	2008
	€000	€000
Taiscí Rialtais	204,062	579,127
Taiscí Institiúidí Creidmheasa	164,422	534,400
(Glan) Iarmhéid. In-Chóras an Euro (i)	749,329	476,239
Cúiteamh ar Dhliteanas maidir le Nótaí Bainc Euro sa chúrsaíocht Nótaí bainc sa chúrsaíocht (ii)	159,807	519,582
Comhaontuithe Athcheannaigh (iii)	–	92
Iomlán	1,277,620	2,109,440

- (i) Ríomhann an BCE an speansas/(ioncam) úis ar na hiarmhéideanna seo, a ndéantar cúiteamh orthu ag rátaí athmhaoinithe gearrthéarmacha Chóras an Euro, ag deireadh gach lae. Beartas Cuntasaíochta (k)(ii).
- (ii) Beartais Chuntasaíochta (k)(ii) agus (k)(iv).
- (iii) Ní raibh aon Chomhaontú Díola agus Athcheannaigh gan íoc an 31 Nollaig 2009. Beartas Cuntasaíochta (j).

Nóta 3: Glantoradh ar Oibríochtaí Airgeadais agus Laghduithe

Glan-Ghnóthachain/(Caillteanais) ag éirí as Oibríochtaí Airgeadais	2009	2008
	€000	€000
Glanghnóthachain/(Caillteanais) Praghais ar Urrúis	103,519	83,337
Glanghnóthachain/(Caillteanais) Réadaithe ar Ráta Malairte	437	1,714
Iomlán	103,956	85,051

Laghduithe ar Shócmhainní agus Staideanna Airgeadais

	2009	2008
	€000	€000
Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis	(2,237)	(270)
Caillteanais Neamhréadaithe Ráta Malairte	(431)	(307)
Iomlán	(2,668)	(577)

Nóta 4: Ioncam ó Tháillí agus Coimisiúin

	2009	2008
	€000	€000
Táillí agus Muirir Seirbhíse	332	793
Iasachtú Urrús	430	1,680
Eile	903	543
Iomlán	1,665	3,016

Nóta 5: Ioncam ó Scaireanna Cothromais agus Leasanna Rannpháirteacha

	2009	2008
	€000	€000
Sciar de Bhrabúis an BCE (i)	35,858	16,857
Díbhinn BSI (ii)	2,492	2,352
Eile	(213)	–
Iomlán	38,137	19,209

(i) Is éard atá sa mhír seo ná sciar an Bhainc de bhrabús an BCE don bhliain 2009. Beartas Cuntasaíochta (k) (iii).

(ii) Is éard atá sa mhír seo ná díbhinní a fuarthas ar scaireanna arna gcoinneáil sa Bhanc le hAghaidh Socruithe Idirnáisiúnta (Nóta 20(i)).

Nóta 6: Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

Is éard atá sa mhír seo ná:

- (i) an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta atá comhthiomsaithe ag an mBanc €291.4 milliún (2008; €520.5 milliún) agus an méid a leithdháileadh ag an mBanc arís €180.8 milliún (2008; €350.9 milliún) i ndiaidh dáilte ioncam airgeadaíochta iomlán Chóras an Euro i measc na mBanc Ceannais Náisiúnta de réir na scaireanna eochair caipitil (€0.3 milliún) ar ghlantoradh na bliana roimh ré. Beartas Cuntasaíochta (k)(v).
- (ii) Laghdú ar sciar an Bhainc sa soláthar do rioscaí contrapháirtí in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta chóras an Euro, arb ionann é agus €22.0 milliún. Sa bhliain 2008, nuair a bunaíodh an soláthar, bhí muirear ar an gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais de €73.1 milliún, arb ionann é agus sciar an Bhainc i soláthar iomlán do Chóras an Euro. De réir phrionsabail chuntasaíochta chóras an Euro agus ag áireamh phrionsabail na stuamachta i gcoitinne, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar oiriúnacht an tsoláthair agus chinn é a laghdú ó €5,736 milliún ag 31 Nollaig 2008 go €4,011 milliún ag 31 Nollaig 2009. Léirítear na coigeartuithe, faoi seach, i gcuntais Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais na mbanc ceannais náisiúnta.

Nóta 7: Ionam Eile

	2009	2008
	€000	€000
Glanmhaoiniú Tionscail an Rialtóra Airgeadais (Nóta 41(i))	34,048	27,944
Ioncam Ilghnéitheach an Rialtóra Airgeadais (Nóta 41(vi))	715	–
Pionóis Airgeadaíochta na Rialtóra Airgeadais (Nóta 41(iv))	7,389	–
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin (Nóta 34(ii))	(22,278)	(23,767)
Toradh Réamh-mheastar ar Shócmhainní an Chiste Phinsin (Nóta 34 (v))	10,089	–
Eile	1,381	788
Iomlán	31,344	4,965

Nóta 8: Speansais

€000	Ceannoifig*		Oibreacha Priontála		Iomlán na Ceannoifige agus Oibreacha Priontála		Mionta (i)		Iomlán	
	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008
Tuarastail/Liúnais (ii)	55,332	53,278	10,798	11,818	66,130	65,096	622	853	66,752	65,949
ÁSPC	3,781	3,577	747	729	4,528	4,306	43	50	4,571	4,356
Pinsin (Nóta 34(i))	9,488	10,864	–	1,571	9,488	12,435	87	102	9,575	12,537
Speansais Foirne	68,601	67,719	11,545	14,118	80,146	81,837	752	1,005	80,898	82,842
Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne	2,380	2,763	387	415	2,767	3,178	7	13	2,774	3,191
Cothabháil Áitreabh (iii)	2,660	1,324	3,211	1,432	5,871	2,756	1	5	5,872	2,761
Fuinneamh	704	799	423	778	1,127	1,577	–	–	1,127	1,577
Cíos & Rátaí	3,463	2,470	480	457	3,943	2,927	–	–	3,943	2,927
Trealamh, Stáiseanóireacht & Riachtanais	1,271	1,269	97	186	1,368	1,455	1	4	1,369	1,459
Postas agus Teileachum	509	531	105	146	614	677	2	2	616	679
Seirbhísí Infheistíochta & Muirir Bhainc	2,231	1,744	20	31	2,251	1,775	–	–	2,251	1,775
Taisteal Gnó	1,246	1,723	144	191	1,390	1,914	8	24	1,398	1,938
Foilseacháin & Caidreamh Meain	796	2,963	7	9	803	2,972	13	1	816	2,973
Táillí Gairmiúla (iv)	5,910	7,129	151	88	6,061	7,217	12	10	6,073	7,227
Cothabháil Oibreacha Meaisíní	–	–	939	750	939	750	283	259	1,222	1,009
Costais Chóras OFA	1,131	903	–	–	1,131	903	–	–	1,131	903
Ilghnéitheach (v)	894	606	30	40	924	646	–	–	924	646
Speansais Oibríochta Eile	23,195	24,224	5,994	4,523	29,189	28,747	327	318	29,516	29,065
Dímheas	4,121	3,555	3,620	3,021	7,741	6,576	70	123	7,811	6,699
Amhábhair	–	–	2,647	2,712	2,647	2,712	4,608	14,504	7,255	17,216
Speansais Iomlána	95,917	95,498	23,806	24,374	119,723	119,872	5,757	15,950	125,480	135,822

* Áirítear i measc speansais na Ceannoifige gach speansas (lena n-áirítear an Rialtóir Airgeadais) ach amháin iad siúd a bhaineann leis na hOibreacha Priontála agus an Mionta. Tá sonraí faoi ioncam agus caiteachas an Rialtóir Airgeadais in 2009 le feiceáil i Nóta 41.

- (i) Muirearaítear speansais a thabhaítear ag an Mionta i ndáil le soláthar agus eisiúint mona go díreach go dtí an Cúlchiste Airgeadra de réir fhorálacha an *Achta Monaíochta*, 1950, na *Achtanna um Airgead Reatha Deachúil*, 1969-1990 agus an *Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*, 1998 agus ní go dtí an cuntas Brabúis agus Caillteanais. Beartas Cuntasaíochta (e).

Nóta 8: Speansais (ar lean)

(ii) Luach Saothair na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Neamhfeidhmiúcháin i 2009.

Ainm	Tréimhse	Tuarastal	Luach Saothair Eile
John Hurley			
Gobharnóir	1 Ean. - 25 M.F.	€273,023	€5,960 ¹⁰
Patrick Honohan			
Gobharnóir	26 M.F. - 31 Noll.	€79,748	€759 ¹⁰
Jim Farrell			
Cathaoirleach, Rialtóir Airgeadais	1 Ean. - 31 Noll.	€ 71,867	–
Tony Grimes			
Ard-Stiúrthóir, Banc Ceannais	1 Ean. - 31 Noll.	€285,341	€2,893 ¹⁰
Patrick Neary			
Príomhfeidhmeannach, Rialtóir	1 Ean. - 31 Ean.	€84,501	€151,500
Mary O'Dea			
Príomhfeidhmeannach Cúnta & Stiúrthóir Tomhaltóirí, Rialtóir Airgeadais	1 Ean. - 31 Ean.	€255,057	–
Táillí iomlána íoctha le stiúrthóirí an Bhoird agus le comhaltaí an Údarás	1 Ean. - 31 Ean.	€277,666	–

D'imigh John Hurley ar scor an 25 Meán Fómhair le teidlíochtaí iomlána pinsin don 40 bliain inríofa seirbhíse le teidlíochtaí iomlána pinsin faoi Scéim Aoisliúntais BCÚSAÉ.

Ceapadh Patrick Honohan ar an 26 Meán Fómhair 2009.

D'imigh Patrick Neary ar scor an 31 Eanáir 2009. Fuair sé tuarastal de €84,501 a d'áirigh cúiteach de (€47,550) i ndáil lena infhaighteacht don Údarás don tréimhse 3 mhí agus íocaíocht do shaoire bhliantúil fhabhráithe nár tógadh (€13,178)¹¹. Mar iar-Phríomhfeidhmeannach, a raibh 2 bhliain fágtha ar a chonradh, agus a d'éascaigh sé athrú suntasach eagraíochta go dtí dáta a scoir, fuair sé íocaíocht bhreise seirbhíse náisiúnta agus íocaíocht láithreach phinsin gan coigeartú achtúireach, i gcomhréir le rialacha Scéime Aoisliúntais BCÚSAÉ. Chomh maith leis sin, fuair sé íocaíocht de €151,500, atá coibhéiseach le luach saothar do shé mhí in áit an méid ama fágtha ar a chonradh. Bunaíodh a chnapshuim scoir agus a phinsean ar thuarastal deiridh inríofa de €285,341 agus 40 bliain de sheirbhís inríofa.

Ceapadh Mary O'Dea ina Príomhfeidhmeannach Feidhmeach ar an Rialtóir Airgeadais ar an 12 Eanáir 2009. Áiríonn an tuarastal léirithe sa tábla a luach saothair mar Stiúrthóir Tomhaltóirí agus liúntas le bheith ag feidhmiú ina Príomhfeidhmeannach ón 12 Eanáir – 31 Nollaig.

Fuair Jim Farrell tuarastal de €71,867 i ndáil lena phost mar Chathaoirleach móide dualgais eile sa tréimhse tar éis don Uasal Neary éirí as agus tar éis cheapachán Matthew Elderfield ina Cheann ar an Rialtóir Airgeadais go luath sa bhliain 2010.

Íocadh táille de €32,667 le Gerard Danaher, John Dunne, Jim Farrell, Alan Gray agus Deirdre Purcell atá ina gcomhaltaí ar an mBord agus ar an Údarás. Íocadh táille de €16,333 ar Alan Ashe, David Begg, Tony Grimes, Brian Hillery, Dermot O'Brien, Mary O'Dea agus Dermot Quigley. Níor íocadh aon táille leis an nGobharnóir ná leis an Ard-Rúnaí den Roinn Airgeadais.

¹⁰ Áiríonn liúntas toscairí ach ní áirítear táillí stiúrthóirí agus léirítear iad seo ar leithligh thuas.

¹¹ Íocadh suim de €19,000 móide BCL i ndáil le speansais dlí.

Nóta 8: Speansais (ar lean)

- (iii) D'áirigh speansais do chothabháil áitreabh i 2009 íocaíocht de (€2.0 milliún) i ndáil le seirbhísí a chuir na Fórsaí Cosanta ar fáil, maille le costais chothabhála i ndáil le háitribh nua an bhainc i nDuga Spencer.
- (iv) B'ionann táillí iniúcháirí íoctha i 2009 i ndáil leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Deloitte & Touche agus €265,005 (2008: €267,750), agus as an méid sin ba le haghaidh seirbhísí neamh-iniúcháireachta €27,945 (2008: €30,250) a íocadh le Deloitte & Touche.
- (v) Áirithe anseo tá speansais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais a íocann an Banc, de réir fhorálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942, arna leasú.
- (vi) Íocadh suim de €3.2milliún leis an Roinn Airgeadais i ndáil leis an tobhach pinsin.

Nóta 9: Barrachas Ioncaim

Bhí barrachas ioncaim de €745.5 milliún iníoctha don Státchiste i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2009 (2008: €290.1 milliún).

Rinneadh íocaíocht ar chuntas de €40.6 milliún (2008: €40.6 milliún) den Bharrachas Ioncaim i rith 2009, rud a d'fhág go raibh iarmhéid de €704.9 milliún (2008: €249.5 million) (Nóta 29 (i)). Tá na socruithe seo ag teacht le hAlt 6G d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (mar a cuireadh isteach le halt 7 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003). Déanann an tAlt seo foráil go bhféadfadh an Banc ag tráth ar bith a leithéid de shuimeanna a íoc isteach go dtí an Státchiste de bharr Barrachas Ioncaim is a d'fhéadfadh a bheith comhaontaithe ag an Aire Airgeadais agus ag an mBanc.

De réir Alt 6J d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (mar a cuireadh isteach le halt 7 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003), tá an Banc díolmhaithe ó Cháin Corparáideach, ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil.

Nóta 10: Ór agus Ór Infhála

Seachas an stoc bonn atá á choinneáil ag an mBanc, taiscí le bainc eachtracha atá sna sealúchais óir. Is de bharr an athraithe i luach an óir ar an margadh i rith na bliana atá athrú iarmhéid 2009 ann.

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Dhaoine nach bhfuil ina gCónaí i Limistéar an Euro

	2009	2008
	€000	€000
Méideanna infhála ón CAI (i)	988,891	187,843
Iarmhéideanna le bainc agus le hinfheistíochtaí urrús, iasachtaí seachtracha agus le sócmhainní seachtracha eile (iv)	357,463	399,484
Iomlán	1,346,354	587,327

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Dhaoine nach bhfuil ina gCónaí i Limistéar an Euro (ar lean)

(i) Méideanna infhála ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

	2009	2008
	€000	€000
Cuóta	912,683	926,306
Lúide Sealúchais euro an CAI	(742,644)	(808,884)
Suíomh Cúlchiste san CAI (ii)	170,039	117,422
Gabháltais SDR (iii)	818,852	70,421
Iomlán	988,891	187,843

(ii) Suíomh cúlchiste san CAI:

Is ionann an sócmhainn seo agus an difríocht idir Cuóta na hÉireann san CAI agus séalúchais euro an CAI. Is ionann cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta, agus íocadh fiche cúig faoin gcéad de in airgeadra eachtracha agus an méid a bhí fágtha in euro. Tá athrú tagtha ar shéalúchais euro an CAI ó am go chéile. Ba ionann iad ag an tús le seachtó cúig faoin gcéad den Chuóta, agus athraíodh iad de bharr treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí do bhallstáit.

(iii) Cearta Speisialta Tarraingthe (SDRanna):

Sócmhainn chúlchiste idirnáisiúnta atá san SDR, ar chruthaigh an CAI í agus ar leithdháileadh ar bhallstáit í sna 1970í agus 1980í d'fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Déantar sainmhíniú ar an SDR i dtéarmaí ciseán airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe na rátaí malartáin de cheithre airgeadra (dollar Mheiriceá, sterling, yen agus euro). Faoi Airteagail an Chomhaontuithe, féadfaidh an CAI SDRanna a leithdháileadh ar bhaill i gcomhréir lena gcuótaí CAI. Fuair Éire €676.7 milliún (SDR 621.5 million) i mí Lúnasa 2009 mar chuid den leithdháileadh ginearálta SDR a rinne an CAI agus €72.2 milliún (SDR 66.6 milliún) mar chuid de leithdháileadh speisialta SDR chun críocha cothromais i mí Mheán Fómhair 2009 (féach Nóta 26).

(iv) Iarmhéideanna le Baint agus Infheistíochtaí Urrúis, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha Eile

	2009	2008
	€000	€000
Iarmhéideanna le Baint	3,543	620
Infheistíochtaí Urrúis – MTM (v)	353,919	398,864
Iomlán	357,462	399,484

Próifíl Aibíochta	2009	2008
	€000	€000
0-3 mhí	78,714	106,556
3 mhí – 1 bliain	206,357	258,372
1-5 bliana	72,391	34,556
Iomlán	357,462	399,484

(v) Tagraíonn MTM (Marcáil-ón-Margadh) do shealúchais urrúis indíolta a bhfuil luacháil déanta orthu ag praghsanna dúnta lár an mhargaidh ag deireadh na bliana.

Nóta 12: Éilimh ar Chónaitheoirí Limistéar in Airgead Coigríche

	2009	2008
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc (i)	94,447	4,989,088
Infheistíochtaí Urrúis – MTM (ii)	24,074	73,610
Iomlán	118,521	5,062,698

Próifíl Aibíochta

	2009	2008
	€000	€000
0- 3 mhí (i)	94,447	5,002,900
3 mhí – 1 bhliain	24,074	59,798
Iomlán	118,521	5,062,698

- (i) Is é atá sa mhír seo den chuid is mó ná éileamh ag éirí as aisoibríochtaí le contrapháirtithe Eorachórais arb ionann agus neamhní ag deireadh na bliana (2008: €4,977 milliún), a bhaineann leis an gclár soláthair leachtachta dollar SA gearrthéarmach (Áis Téarma Ceantála dollar SA). Faoin gclár seo, chuir an Cúlchiste Feidearálach dollair SA don BCE trí mheán shocrú sealadach cómhálartach airgeadra (líne babhtála) leis an aidhm maoiniú dollar SA gearrthéarmach a thairiscint do chontrapháirtithe Chóras an Euro. Chuaigh an BCE i mbun bhearta babhtála ag an am céanna le NCbanna a ghlac leis an euro, a d'úsáid na cistí a tháinig as d'fhonn oibríochtaí soláthar-leachtachta a dhéanamh le contrapháirtithe Chóras an Euro.
- (ii) Tagraíonn MTM (Marcáil-ón-Margadh) d'urrúis indíolta atáthar á gcoinneáil agus á luacháil ag praghsanna dúnta lármhargadh ag deireadh na bliana.

Nóta 13: Éilimh ar Chónaitheoirí Limistéar Neamh-Euro i Euro

	2009	2008
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc	7,298	67,072
Infheistíochtaí Urrúis – MTM (i)	401,205	539,929
Infheistíochtaí Urrúis – HTM (i)	625,806	667,270
Comhaontuithe Ceannaigh Droim ar Ais	200,000	–
Iomlán	1,234,309	1,274,271

Próifíl Aibíochta

	2009	2008
	€000	€000
0-3 mhí	235,355	125,256
3 mhí - 1 bhliain	272,712	170,220
1-5 bliana	343,874	680,236
5-10 mbliana	382,368	298,559
Iomlán	1,234,309	1,274,271

Nóta 13: Éilimh ar Chónaitheoirí Limistéar Neamh-Euro i Euro (ar lean)

- (i) Tagraíonn MTM (Marcáil-ón-Margadh) d'urrúis indíolta coinnithe agus luacháilte ag praghasanna dúnta lár-mhargadh ag deireadh na bliana. Tagraíonn HTM (Coinnithe go dtí Aibíocht) d'urrúis coinnithe i bpunanna fadtéarmacha infheistíochta. Ní luacháiltear urrúis HTM ach coinnítear iad go dtí Aibíocht. Polasaí Cuntasaíochta (h).

Nóta 14: Iasachtú d'Institiúidí Creidmheasa Limistéar Euro a bhaineann le hOibríochtaí Polasaí Airgeadaíochta in Euro

	2009	2008
	€000	€000
Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (i)	8,425,000	44,431,000
Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (ii)	84,433,000	48,981,329
Iomlán	92,858,000	93,412,329

Is é atá sna comharduithe seo ná réamhíocaíochtaí d'institiúidí áitiúla creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí polasaí airgeadaíochta Chóras an Euro. Tá na réamhíocaíochtaí uile urraithe ag comhthaobhacht atá ceadaithe ag Córas an Euro. Bhí ardú suntasach i leibhéal na nOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha agus laghdú ar na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe le linn 2009 tar éis don BCE ráta seasta a fhógairt i mí Dheireadh Fómhair 2008, 100 faoin gcéad mar chionroinnt tairisceana (sa dá oibríocht) chun dul i ngleic leis na brúnna ardaithe leanúnacha sna margaí airgeadais. B'ionann iomlán na sócmhainní bheartas airgeadaíochta i gcóras an Euro agus €749.9 billiún, agus as an méid sinn bhí €92.9 billiún i seilbh an Bhainc.

- (i) Cuimsíonn na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe tairiscintí seachtainiula de ghnáth do chistí le haibíocht aon seachtaine agus ag rátaí atá gar do rátaí an mhargaidh. (Rátaí seasta ó Dheireadh Fómhair 2008).
- (ii) Cuimsíonn na hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha tairiscintí míosúla den chuid is mó le haibíocht thrí mhí agus ag rátaí atá gar do rátaí an mhargaidh. (Rátaí seasta ó Dheireadh Fómhair 2008). I 2008, rinneadh tairiscintí míosúla le haibíocht sé mhí, agus i 2009 reáchtáladh tairiscintí le haibíochtaí de dhá mhí dhéag freisin.

Nóta 15: Éilimh eile ar Institiúidí Creidmheasa Limistéar Euro in Euro

	2009	2008
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc	40	113,547
Comhaontuithe Ceannaigh Droim ar Ais	636,119	–
Iomlán	636,159	113,547

Tá aibíocht de níos lú ná bliain ag na míreanna seo.

Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí Limistéar Euro in Euro

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann: (i) “Urrúis arna gcoinneáil chun críocha bheartas airgeadaíochta”, a tugadh isteach d’fhonn an phunann bannaí clúdaithe arna ainmniú in euro a léiriú, agus ar cuireadh tús leis i mí Iúil 2009; agus (ii) “Urrúis eile”, a áiríonn urrúis indíolta agus neamh-indíolta nach bhfuil bainteach le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta chóras an Euro (a mbíodh iarmhéid iomlán na míre seo faoina bhun roimhe seo).

	2009	2008
	€000	€000
Urrúis arna gcoinneáil chun Críoch Bheartas Airgeadaíochta (i)	531,794	–
Urrúis Eile (ii)	14,390,691	14,222,053
Iomlán	14,922,485	14,222,053

(i) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Bheartas Airgeadaíochta

	2009	2008
	€000	€000
Infheistíochtaí Urrúis – HTM	531,794	–
Iomlán	531,794	–

Próifíl Aibíochta

	2009	2008
	€000	€000
1-5 bliana	397,528	–
5-10 mbliana	134,266	–
Iomlán	531,794	–

Áirítear sa mhír seo bannaí clúdaithe arna ainmniú in euro a ceannaíodh mar chuid den chár ag córas an Euro ‘Clár Ceannaigh Bannaí Clúdaithe’ a d’fhaomh Comhairle Rialuithe an BCE ar an 7 Bealtaine 2009. Coinnítear na bannaí seo go dtí go n-aibíonn siad agus déantar iad a luacháil ag costas amúchta. Beartas Cuntasaíochta (k) (viii) agus Nóta 1.

(ii) Urrúis Eile

	2009	2008
	€000	€000
Infheistíochtaí Urrúis – MTM	8,477,488	8,600,510
Infheistíochtaí Urrúis – HTM	5,913,203	5,621,543
Iomlán	14,390,691	14,222,053

Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí Limistéar Euro in Euro (ar lean)

Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas a d'eisigh eisitheoirí sonraithe limistéar euro agus fornáisiúnta. Tagraíonn MTM (Marcáil- ón- Margadh) d'urrúis indíolta coinnithe agus luacháilte ag praghsanna dúnta lár-mhargadh ag deireadh na bliana. Tagraíonn HTM (Coinnithe go dtí Aibíocht) d'urrúis coinnithe i bpunanna fadtéarmacha infheistíochta nach luacháiltear ach a choinnítear a fhad le haibíocht. Polasaí Cuntasaíochta (h).

Próifíl Aibíochta	2009	2008
	€000	€000
0-3 mhí	2,564,175	1,334,065
3 mhí - 1 bhliain	3,876,235	3,401,069
1-5 bliana	4,992,882	6,938,306
5-10 mbliana	2,957,399	2,548,613
Iomlán	14,390,691	14,222,053

Nóta 17: Leas Rannpháirteachais sa BCE

Is éard atá anseo ná ranníocaíocht an Bhainc i gcaipiteal an BCE. De bhun Airteagal 28 of de Reacht CEBC, is iad bainc cheannais náisiúnta CEBC amháin na rannpháirtithe i gcaipiteal an BCE. Braitheann rannpháirtíocht ar scaireanna atá socraithe de réir Airteagal 29.3 de Reacht CEBC agus déantar iad a choigeartú gach cúig bliana.

Ar an 1 Eanáir 2009, tharla athrú in eochairchaipiteal an BCE mar thoradh ar an tSlóvaic a theacht isteach i gcóras an Euro agus bhí gá coigeartú cúigbhliantúil dá bharr. Tá an eochair bunaithe ar scaireanna na mballstát éagsúil i meán an OTI don Aontas Eorpach (don tréimhse 2001 go 2005) agus an daonra iomlán do 2006. D'ardaigh scair an Bhainc i gcaipiteal rannpháirtíochta sa BCE ó 0.8885 faoin gcéad go 1.1107 faoin gcéad ar an dáta seo (Beartas Cuntasaíochta (k) (iii)). Mar thoradh air seo, d'ardaigh leas rannpháirtíochta an Bhainc sa BCE faoi €63.9 milliún go €120.6 milliún. D'áirigh seo méadú de €12.8 milliún i scair an Bhainc i gcaipiteal rannpháirtíochta sa B E agus méadú de €51.1 milliún i scair an Bhainc de ghlan sócmhainní carntha an BCE (dá dtagraítear freisin an glanchothromas). D'eascair aistriú de €63.9 milliún chuig an BCE as.

Nóta 18: Éilimh Coibhéiseach le hAistriú Chúlchistí Eachtracha

Is ionann iad seo agus éilimh an Bhainc atá ag éirí as aistriú shócmhainní chúlchistí eachtracha chuig an BCE de réir fhorálacha Reacht an CEBC. Tá na héilimh ainmnithe in euro ag luach a sheastar ag am a n-aistrithe. Íoctar iad ag an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, coigeartaithe d'fhonn fáiltas nialasach a léiriú ar chomhpháirt an óir. D'éiligh coigeartuithe ar eochairchaipiteal an BCE amhail 1 Eanáir 2009 go n-aistreofaí sócmhainní breise cúlchistí eachtracha chuig an ECB, dar luach €128.0 milliún, a chuimsigh méadú scair an Bhainc den eochairchaipiteal. Leis seo tugadh an t-éileamh i ndáil leis na sócmhainní seo go dtí €639.8 milliún. Beartas Cuntasaíochta (k)(vi) agus Nóta 1.

Nóta 19: Míreanna atá á Socrú

Is ionann míreanna atá á socrú agus éileamh ar institiúidí creidmheasa maidir le seiceanna atá á dtaisceadh sa Bhanc ag a chustaiméirí ar an lá deireanach gnó den bhliain agus a sheachadtar chuig na bainc ar an gcéad lá gnó den bhliain nua.

Nóta 20: Sócmhainní Eile

	2009	2008
	€000	€000
Scaireanna sa Bhanc do Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (i)	16,812	16,918
Stoic Ábhair do Tháirgeadh Nótaí Bainc	1,665	3,315
AIB cpt/ICAROM Iasacht Úsmhar (ii)	613,994	98,246
Ioncam Úis Fabhraithe	581,242	448,293
Réamhíocaíochtaí	719	882
Sócmhainní Seasta (Nóta 21)	71,632	72,663
Eile (iii)	11,510,060	88,249
Iomlán	12,796,124	728,566

- (i) Coinníonn an Banc 8,564 scair (2,564 íochta) sa Bhanc do Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €16.8 milliún a margadhluach (Nótaí 5 agus 33).
- (ii) Faoi shocraíochtaí, a thosaigh i 1993 do mhaoiniú riaradh ICAROM cpt (Insurance Corporation of Ireland cpt mar a bhíodh air), tá €11.1 milliún in aghaidh na bliana go dtí 2012 á bhailiú ó AIB cpt agus á aistriú chuig Riarthóir ICAROM spt. Seo a leanas an modh a úsáidtear chun na cistí seo a bhailiú (i) socrú taisce agus iasachta idir AIB cpt agus an Banc agus (ii) laghdú ar an ús íochta ar iarmhéideanna íosta na gcúlchistí arna gcoinneáil ag an mBanc. Léirítear an taisce comhionann faoi Dhliteanais Eile (Nóta 29).
- (iii) Áiríonn seo suim de €11.5 billiún i ndáil le háiseanna speisialta leachtachta lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta chóras an Euro (Nóta 1).

Nóta 21: Sócmhainní Seasta

€000	Áitribh		Gléasra agus Innealra		Trealamh Ríomhaireachta		Trealamh Eile		Trosacán, Feistithe agus Daingneáin		Sócmhainní Seasta Iomlána	
	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008
Ar a Chostas – 1 Eanáir	64,124	53,099	47,164	47,081	16,856	13,988	13,670	9,231	9,831	9,649	151,645	133,048
Éadálacha (+)	1,446	11,025	62	83	3,581	2,868	1,077	4,467	640	219	6,806	18,662
Diúscairtí	–	–	–	–	–	–	(32)	(28)	–	(37)	(32)	(65)
Ar a Chostas – 31 Nollaig	65,570	64,124	47,226	47,164	20,437	16,856	14,715	13,670	10,471	9,831	158,419	151,645
Dímheas Carntha ag 1 Eanáir	13,617	12,446	36,654	33,989	12,096	10,798	7,816	6,901	8,799	8,177	78,982	72,311
Dímheas don Bhliain (i)	1,505	1,171	2,543	2,665	1,690	1,298	1,545	929	528	634	7,811	6,697
Diúscairtí	–	–	–	–	–	–	(6)	(14)	–	(12)	(6)	(26)
Dímheas Carntha ag 31 Nollaig	15,122	13,617	39,197	36,654	13,786	12,096	9,355	7,816	9,327	8,799	86,787	78,982
Glanluach Leabhar ag 31 Nollaig	50,448	50,507	8,029	10,510	6,651	4,760	5,360	5,854	1,144	1,032	71,632	72,663

- (i) Den iomlán de €7.8 milliún gearradh muirear dímheasa (2008: €6.7 milliún), €0.07 milliún i ndáil le hinnealra Mionta agus cuireadh seo de mhuirear an Chúlchiste Airgeadra (2008: €0.12 milliún).

Nóta 22: Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

Cuimsíonn an mhír seo de scair an Bhainc de chuid nótaí bainc euro eisithe ag an Córas an Euro. Leithdháiltear luach iomlán nótaí bainc euro i gcúrsaíocht ar gach Banc Ceannais Náisiúnta ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir an scála leithdháileadh nóta bainc. Polasaí Cuntasaíochta (k)(iv).

Nóta 23: Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa Limistéar an Euro a bhaineann le hOibríochtaí Polasaí Airgeadaíochta in Euro

	2009	2008
	€000	€000
Cúlchistí Íosta (i)	8,248,220	8,535,113
Taiscí Thar Oíche (ii)	6,659,621	10,912,075
Iomlán	14,907,841	19,447,188

- (i) Tá ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meánlíon íosta taiscí cúlchiste a choinneáil lena NCBanna faoi seach. Is é an fáth atá leis na riachtanais cúlchiste seo ná ganntanas leachtachta struchtúrach a choinneáil. I 2009 íocadh ús ar thrí thaisce ag príomhráta úis sheasta d'oibríochtaí cistithe an BCE. Áiríonn figiúir 2009 cúlchistí i ndáil le Comhair Chreidmheasa den chéad uair faoi théarmaí an Achta Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí), 2009.
- (ii) Tá na tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapráirtithe chun taiscí a chur leis an mBanc ar bhonn thar oíche.

Nóta 24: Dlíteanas do Chónaitheoirí Eile Limistéar Euro in Euro

	2009	2008
	€000	€000
Taiscí Ginearálta Rialtais (i)	26,259,852	25,817,192
Iomlán	26,259,852	25,817,192

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na míreanna seo.

- (i) Áirítear i dTaiscí Ginearálta Rialtais suim de €70.2 milliún i dtaca le muirir ar institiúidí airgeadais cumhdaithe faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) arna gcoinneáil i gcuntas sainithe de chuid an Bhainc de réir Scéime mar chúlchiste le haghaidh aon íocaíochtaí atá le déanamh faoin Scéim. Íocfar aon suimeanna atá le bheith curtha chun sochair an chuntais ar dhul in éag don Scéim leis an Státchiste. Áirítear freisin taiscí de €0.5 milliún (2008: €0.5 milliún) san iomlán arna sealbhú ag an Sannaí Oifigiúil i bhFéimheacht faoi fhorálacha an *Achta Féimheachta*, 1988.

Nóta 25: Dlíteanas do Chónaitheoirí Limistéar Neamh-Euro in Euro

	2009	2008
	€000	€000
Bainc Cheannais	–	1
Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais	90	90
Gníomhaireachtaí an AE	7,135	6,841
Iomlán	7,225	6,932

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na míreanna seo.

Nóta 26: Contrapháirt de Chearta Speisialta Tarraingthe Leithdháilte ag an CAI

Is é seo dlíteanas an Bhainc don CAI maidir le leithdháileadh Chearta Speisialta Tarraingthe d'Éirinn. Is féidir go n-athródh sócmhainní Chearta Speisialta Tarraingthe an Bhainc sócmhainní de thoradh oibriúchán iasachtaithe an CAI nó malartuithe Chearta Speisialta Tarraingthe d'Airgead Coigríche leis an CAI é féin, comhaltaí CAI members agus coinneálaithe oifigiúla eile Chearta Speisialta Tarraingthe. Faoi Airteagail an Chomhaontaithe seo, féadfaidh an CAI SDRanna a leithdháileadh ar bhaill i gcomhréir lena gcuótaí CAI. Fuaire Éire €676.7 milliún (SDR 621.5 milliún) i mí Lúnasa 2009 mar chuid de leithdháileadh ginearálta SDR a rinne an CAI agus €72.2 milliún (SDR 66.6 milliún) mar chuid de leithdháileadh speisialta SDR chun críocha cothromais i mí Mheán Fómhair 2009 (Nóta 11).

Nóta 27: Dlíteanas a bhaineann le Leithdháileadh nótaí bainc Euro laistigh de Chóras an Euro

Cuimsíonn an mhír seo dlíteanas an Bhainc vis-à-vis Córas an Euro maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh de Chóras an Euro. Polasaithe Cuntasaíochta (k)(ii) agus (k)(iv) agus Nóta 22.

Nóta 28: Dlíteanas Eile laistigh de Chóras an Euro

Is ionann an mhír seo agus glandhlíteanas an Bhainc don BCE de thoradh íocaíochtaí euro trasteorann a bheartaigh gach NCB atá páirteach san CEBC thar an gcóras TARGET2. Polasaí Cuntasaíochta (k)(ii).

Nóta 29: Dlíteanais Eile

	2009	2008
	€000	€000
Taisce AIB cpt/ICAROM (Nóta 20)	613,994	98,246
Leithghabháil Brabúis & Caillteanais (i)	704,867	249,425
Cuntais Cosanta Taiscí (ii)	608,262	669,408
Fabhruithe Úis	105,212	408,860
Fabhruithe Eile	7,223	5,902
Eile	6,410	10,489
Iomlán	2,045,968	1,442,330

- (i) Is ionann é seo agus iarmhéid ioncam breise iníochta leis an Stáitchiste tar éis íocaíochtaí ar cuntas a rinneadh i rith na bliana (Nóta 9).
- (ii) Is iarmhéideanna iad seo a chuireann institiúidí creidmheasa leis an mBanc mar chuid de Scéim Cosanta Taisce na hÉireann (IDPS) faoi *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéimeanna Ráthaithe Taisce)*, 1995. Tá an IDPS á mhaoiniú ag institiúidí creidmheasa, atá údaraithe ag An Rialtóir Airgeadais.

Nóta 30: Forálacha

Coinníodh na forálacha seo a leanas ag 31 Nollaig 2009:

	2009	2008
	€000	€000
Riosca contrapháirtí oibríochtaí bheartas airgeadaíochta chóras an Euro (i)	51,133	73,124
Nótaí Bainc neamhfhuascailte phunt Éireannach (ii)	882	4,058
Iomlán	52,015	77,182

- (i) Sa bhliain 2008, bheartaigh Comhairle Rialaithe an BCE foráil a bhunú i gcoinne riosca contrapháirtí in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta. De réir Alt 32.4 den Reacht, maoiníodh an maolán seo i measc gach bhanc ceannais náisiúnta na mBallstát atá páirteach ann (NCBanna) i gcomhréir lena scála scaireanna suibscríofa caipitil sa BCE sa bhliain inar tharla na mainneachtanaí. De réir phrionsabail chuntasaíochta chóras an Euro agus i bhfianaise oiriúnacht phrionsabal ginearálta na stuamachta, rinne Comhairle Rialaithe an CBE athbhreithniú ar oiriúnacht na forála agus chinn laghdú ar an tsuim iomlán ó €5,736 milliún ag 31 Nollaig 2008 go €4,011 milliún ag 31 Nollaig 2009. Is ionann scair an Bhainc san fhoráil seo agus €51.1 milliún (2008; €73.1 milliún), coibhéiseach le 1.2748 faoin gcéad den fhoráil iomlán. De réir Airteagal 32.4 den Reacht, léirítear an coigeartú ar an bhforáil sa chuntas brabúis agus caillteanais bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát atá páirteach i gcomhréir lena scaireanna eochairchaipitil rannpháirtíochta a bhí i réim sa BCE i 2008. I gcás an Bhainc, b'ionann an tsuim choigeartaithe a d'eascair as agus €22.0 milliún i 2009 (Nóta 6).
- (ii) Stad nótaí bainc Éireannacha eisithe roimhe ag an mBanc a bheith dlíthairgthe le héifeacht ó 9 Feabhra 2002. Mar a bhí ar 31 Nollaig 2002, bhí nótaí dar luach €299.7 milliún gan íoc. Ag an bpointe seo cruthaíodh foráil de €60 milliún chun dualgaís a chomhlíonadh maidir le nótaí bainc punt Éireannacha neamhfhuascailte. Ag 31 Nollaig 2009, sheas an fhoráil ag €0.9 milliún (2008: €4.1 milliún) (Nóta 33).

Nóta 31: Cuntais Athluachála

	2009	2008	Athrú
	€000	€000	€000
Ór	100,414	72,453	27,961
Airgeadra Eachtrach	6,755	10,919	(4,164)
Urrúis agus Ionstraimí Eile	98,024	158,525	(60,501)
Iomlán	205,193	241,897	(36,704)

Is iad seo a leanas na rátaí airgeadra a úsáidtear vis-à-vis an euro do na luachálacha deireadh bliana:

	2009	2008
Airgeadra	Ráta	Ráta
Dollar SA	1.4406	1.3917
Yen na Seapáine	133.1600	126.1400
Sterling	0.8881	0.9525
Franc na hEilvéise	1.4836	1.4850
Krone na Danmhairge	7.4418	7.4506
Krona na Sualainne	10.2520	10.8700
Dollar Cheanada	1.5128	1.6998
SDR	0.9186	0.9051
Ba iad na praghsanna óir a úsáideadh ná:		
Euro an unsa mhín	766.3470	621.5420

Nóta 32: Caipiteal agus Cúlchistí

€000	Caipiteal (i)	Cúlchiste Ginearálta	Cúlchiste Airgeadra	Iomlán
Ag 31 Nollaig 2008	30	963,504	352,453	1,315,987
Brabús coinnithe don bhliain (ii)	–	216,297	–	216,297
Aistriú chuig Dliteanas Pinsin (iii)	–	–	(260)	(260)
Glanfháltais Eisiúint Monaí (iv)	–	–	(27,156)	(27,156)
Aistriú (chuig)/ón Státchiste (v)	–	–	30,000	30,000
Ag 31 Nollaig 2009	30	1,179,801	355,037	1,534,868

Nóta 32: Caipiteal agus Cúlchistí (ar lean)

- (i) Tá caipiteal údaraithe an Bhainc seasta faoi Alt 9(1) d'*Acht an Bhainc Cheannais*, 1942 ag €50,790. Is ionann agus €30,474 caipiteal eisithe agus íoctha atá go léir coinnithe ag an Aire Airgeadais. Tá an t-iarhmhéid iníoctha mar a d'aontaigh an Bord agus an tAire.
- (ii) Faoi Rialacháin Bhanc Ceannais na hÉireann (Barrachas Ioncaim), 1943, cheadaigh an Bord aistriú ón gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais chuig an gCúlchiste Ginearálta de €216.3 milliún agus aistriú ón Dlíteanas Pinsin chuig Cuntas an Chúlchiste Ghinearálta de €28.0 milliún maidir le gnóthachan achtúireach ar an ndlíteanas pinsin do 2009 (Nóta 34 (ii)).
- (iii) Baineann an t-aistriú de €259,900 chuig cuntas na ndlíteanas pinsin le hús ar dhlíteanas pinsin de €175,000 agus muirear de €84,900 maidir le ranníocaíochtaí an fhóistóra don fhoireann atá ag gabháil do tháirgeadh monaí. Tá an costas reatha seirbhíse de €87,000 d'fhoireann mar seo san áireamh i gcostais oibriúcháin an Mhionta (Nóta 8 agus Nóta 34(ii)).
- (iv) Faoi forálacha an *Achta um Mhonaíocht*, 1950, na *nAchtanna um Airgeadra Deachúil*, 1969-1990 agus an *Achta um Aontas Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*, 1998, aistrítear ioncam agus Speansais a bhaineann le monaí go díreach chuig an gCúlchiste Airgeadra. Polasaí Cuntasaíochta (e) agus Nóta 8. Áirítear sa tábla thíos sonraí na nglanfháltais don bhliain:

Glanfháltas ar Eisiúint Monaí	2009	2008
	€000	€000
Monaí a eisíodh (fuascailte) i gcúrsaíocht	(22,963)	43,891
Tacair shamplach monaí	1,990	3,455
Monaí Éireannach a Aistarraingíodh	(450)	(532)
Fáltais ó mhonaí bruithnithe	24	138
Iomlán	(21,399)	46,952
Lúide Costais Oibríochta (Nóta 8)	(5,757)	(15,950)
Glanfháltais	(27,156)	31,002

- (v) De thoradh ar an *Achta Airgeadais 2002*, agus mar a threoraigh an tAire Airgeadais tá cead ag an mBanc na fáltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach go dtí an Státchiste. Mar atá sonraithe sa tábla thuas, bhí aishfillleadh suntasach monaí chuig an mBanc i 2009 a léirigh an titim ar éileamh ón bpobal, agus mar thoradh air sin fuarthas aistriú de €30 milliún ón Státchiste.

Nóta 33: Dlíteanas Theagmhasacha agus Ceangaltais**(i) Dlíteanas Theagmhasacha**

Coinníonn an Banc 8,564 scair sa Bhanc do Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, a bhfuil 2,564 acu íoctha. Tá dlíteanas teagmhasach ar an mBanc maidir leis an iarmhéid (Nótaí 5 agus 20(i)).

Faoi Reachta an CEBC is féidir go mglaofar ar an mBanc amach anseo, mar aon le NCBanna páirteacha eile, chun méideanna breise caipitil a aistriú (Alt 28) agus sócmhainní cúlchistí eachracha (Alt 30) chuig an BCE.

Tá dlíteanas teagmhasach ar an mBanc maidir le nótaí bainc punt Éireannach nach dlíthairiscint níos mó iad agus a d'fhéadfaí a chur i láthair ag dáta sa todhchaí (bhí €299.7 milliún gan íoc ar 31 Nollaig 2002). Ag 31 Nollaig 2009, bhí €240.6 milliún de nótaí bainc phunt Éireannach fós gan íoc (Nóta 30).

(ii) Ceangaltais léasa oibriúcháin

I mí Iúil 2008 rinne an Banc comhaontú léasa 25 bliain maidir le cóiríocht oifige ag Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1. Is ionann an íocaíocht cíosa bhliantúil faoi léas oibriúcháin nach féidir a chealú agus €2.3 milliún.

Nóta 34: Dlíteanais Aoisliúntais

Tagann teidlíochtaí pinsin de chuid na foirne a bhíodh agus atá ag obair don Bhanc chun cinn faoi scéim phinsean sochar sainithe. Faoi scéim seo, faigheann foireann an Bhainc na teidlíochtaí céanna agus a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Cuirtear an Scéim i bhfeidhm ar bhun neamh-ranníocach d'fhoireann a fostaíodh roimh 6 Aibreán 1995, gan ranníocaíochtaí a rinneadh do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus íocaíochtaí a fuarthas ó fhoireann incháilithe do cheannach agus d'aistriú seirbhís bhreise bharúlach a thabhairt san áireamh. I gcás fhoireann a fostaíodh ar 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Suas a fhad le 30 Meán Fómhair 2008, bhí córas 'íoctar mar a úsáidtear' i bhfeidhm ag an mBanc, is é sin nár sainithníodh sócmhainní go leithleach d'fhonn freastal ar dhlíteanais pinsin an Bhainc, agus sochair íoctha de réir mar a bhí siad dlite ó na cúlchistí reatha. Ar 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin (mar a socraíodh faoi *Acht an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann*, 2003) agus aistríodh méid €400 milliún chun sócmhainní maoine a cheannach. Sonraítear luacháil shócmhainní an chiste ag 31 Nollaig 2009 i rannóg (v) den nóta seo.

Nochtann an Banc costas sochair a sholáthar de réir na gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais ("FRS") 17 "Sochair Scoir".

Cuireadh i gcrích uasdátú ar athbhreithniú achtúireach amhail ag 31 Nollaig 2009 chun ceanglais nochta faoi FRS 17a chomhlíonadh.

(i) Méid gearrtha ar an gCuntas Brabúis agus Cailteanais/Cúlchiste Airgeadra

	Sochar agus Dochar 2009	Cúlchiste Argeadra 2009	Iomlán 2009	2008
	€000	€000	€000	€000
Toradh Measta ar Shócmhainní	10,089	–	10,089	–
Ús ar Dhlíteanais Scéime Pinsin	(22,278)	(175)	(22,453)	(23,964)
Costas Reatha Seirbhíse	(12,010)	(110)	(12,120)	(15,119)
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	2,522	23	2,545	2,582
Iomlán	(9,488)	(87)	(9,575)	(12,537)
Costas Iomlán na Scéime Pinsin Sochair Shainithe	(21,677)	(262)	(21,939)	(36,501)

(ii) Gnóthachan Achtúireach ar an Scéim Phinsin

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig	2009	2008	2007
	€000	€000	€000
Gnóthachan achtúireach ar an dlíteanas pinsin	28,666	72,856	33,880
Gnóthachan/(cailteanas) ar shócmhainní plean	(678)	3,549	–
Iomlán	27,988	76,405	33,880

Is ionann gnóthachain/(cailteanais) achtúireacha sa chuntas Leithghabhála agus (€26.0 milliún) do thréimhsí cuntasáíochta dar dáta 31 Nollaig 2004 nó dá éis.

Nóta 34: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(iii) Aithint Chlár Comhardaithe**

Seo a leanas na méideanna a aithnítear sa chlár comhardaithe:

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig	2009	2008	2007
	€000	€000	€000
Luach láithreach dhualgas atá maoinithe go hiomlán nó páirtmhaoinithe	377,004	382,927	424,950
Luach cóir shócmhainní plean	(414,611)	(404,657)	–
Glandhliteanas/(sócmhainn) aitheanta ar an gclár comhardaithe	(37,607)	(21,730)	424,950

(iv) Gluaiseacht i ndlíteanas i rith na bliana

	2009	2008	2007
	€000	€000	€000
Luach láithreach dhualgais na scéime ag tús na bliana	(382,927)	(424,950)	(428,447)
Gluaiseacht sa bhliain:			
Costas seirbhíse reatha	(12,120)	(15,119)	(16,355)
Pinsin íoctha	11,830	8,250	6,919
Ús ar dhlíteanais scéime pinsin	(22,453)	(23,964)	(20,947)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach aitheanta i gCuntas Leithghabhála	28,666	72,856	33,880
Luach láithreach dhualgais na scéime ag deireadh na bliana	(377,004)	(382,927)	(424,950)

(v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

	2009	2008
	€000	€000
Luach cóir tosaigh shócmhainní an phlean (athshonraithe ag luach tairisceana)	404,657	400,000
Toradh réamh-mheasta	10,089	–
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach arna aithint sa chuntas leithghabhála	(678)	3,549
Ranníocaíocht an fhostóra	9,828	2,480
Ranníocaíocht an fhostaí	2,545	657
Pinsin íoctha	(11,830)	(2,029)
Luach deiridh shócmhainní an phlean (luach tairisceana)	414,611	404,657

Nóta 34: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(vi) Toimhdí Airgeadais**

	2009	2008
	%	%
Ráta lascaine	5.75	5.75
Toradh measta ar shócmhainní	3.26	2.48
Ráta mheadú na dtuarastal	3.50	3.50
Ráta mhadú na bpinsean	3.50	3.50
Ráta phraghas an bhoilscithe	2.00	2.00

(vii) Boinn Tuisceana Déimeagrafacha

	2009	2008
Básmhaireacht Réamhscoir*	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)
Básmhaireacht Iar-scoir*	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)
Liúntas d'fhéabhsúchán i mortlaíocht sa todhchaí	Sea	Sea
Scoir	Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 Spréite go cothrom (dóibh siúd le rogha scor ag 60)	Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 Spréite go cothrom (dóibh siúd le rogha scor ag 60)
Scor ar fhorais drochshláinte	Curtha san áireamh	Curtha san áireamh
Scor Luath	As an áireamh	As an áireamh
Tarraingthe Siar	As an áireamh	As an áireamh
Céatadán pósta	90%	90%
Difríocht aoise idir chéilí	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile

* Is éard atá i PMA92/PFA92 ná táblaí básmhaireachta foilsithe ullmhaithe do Ghairm na hAchtúireachta sa Ríocht Aontaithe ag an mBiúró um Imscrúdú ar Bhásmhaireacht Leanúnach. Tá na boinn tuisceana básmhaireachta a roghnaítear bunaithe ar tháblaí caighdeánacha a léiríonn básmhaireacht thipiciúil phinsinéirí agus aon liúntas d'ionchas saoil ag méadú thar am.

(viii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Seo a leanas an Toradh Réamh-mheasta ar Shócmhainní agus Leithdháileadh Sócmhainní mar a bhí ar 31 Nollaig 2009:

Aicme	Toradh Measta	Dáileadh
	%	%
Cothromais	7.75	–
Ús Seasta	3.75	–
Réadmhaoin	6.25	–
Airgead Tirim	1.15	100

Nóta 34: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(ix) Costais Chomparáideacha na Bliana Roimhe**

Seo a leanas an méid don thréimhse reatha agus an dá thréimhse roimhe:

31 Nollaig	2009	2008	2007
	€000	€000	€000
Dualgas maidir le sochar sainithe	(377,004)	(382,927)	(424,950)
Luach cóir shócmhainní an phlean	414,611	404,657	–
Barrachas/(Easnamh) sa phlean	37,607	21,730	(424,950)
Coigeartú a bhrath ag éirí ar			
- dhlíteanais an phlean	28,666	(2,059)	(4,081)
<i>Mar chéatadán de dhlíteanais na scéime</i>	<i>7.6%</i>	<i>(0.5%)</i>	<i>(1.0%)</i>
- shócmhainní an phlean	(678)	3,549	–
<i>Mar chéatadán de shócmhainní na scéime</i>	<i>(0.2%)</i>	<i>0.9%</i>	<i>0.0%</i>

(x) Ranníocaíochtaí Réamh-mheasta don Phlean don Tréimhse dar Críoch 31 Nollaig 2010

Tá na meastacháin seo a leanas de na ranníocaíochtaí ionchais bunaithe ar dhíospóireachtaí leis an mBanc agus tá siad bunaithe ar bhallraíocht reatha agus rolla tuarastail rannpháirtithe an phlean.

An Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010	
	€000
Ranníocaíochtaí ón bhfostóir	9,900
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe an phlean	2,700
Iomlán	12,600

Nóta 35: Bainistiú Riosca Airgeadais

Tá dlíteanais agus sócmhainní an Bhainc cinntithe go príomha ag nádúr fheidhmeanna reachtúla an Bhainc, in ionad cúrsaí tráchtála. Ag an am céanna, bainistíonn an Banc na rioscaí margaidh a bhaineann lena phunann infheistíochta go gníomhach (.i. sealúchais Airgead Coigríche agus sócmhainní ainmnithe in euro).

Tá na paraméadair a mbainistítear punann infheistíochta an Bhainc taobh istigh díobh, cinntithe ag Bord an Bhainc; ina measc seo tá comhdhéanamh airgeadra sócmhainní, an rogha ionstraimí infheistíochta agus méid iomlán riosca a mheasann an Banc a bheith cuí dá chuid gníomhaíochtaí infheistíochta.

Tá rioscaí (.i. airgeadra, margaidh, creidmheasa, leachtachta agus oibriúcháin) atá de dhlúth agus d'ineach sa phunann infheistíochta, á mbainistiú ag córas cuimsitheach teorainneacha agus nósanna imeachta. Déanann Coiste Infheistíochta de chuid an Bhoird polasaí agus feidhmíocht infheistíochta, agus tá sé á thacú ag Coiste Sócmhainní Infheistíochta an Bhainc a bhreathnaíonn ar cheisteanna polasaí agus straitéis a bhaineann le hinfeistíocht na gcúlchistí. Cuimsíonn an coiste seo, faoi chathaoirleach chomhalta an Bhoird Bhainistíochta atá freagrach as Oibriúcháin Airgeadais, bainistíocht agus foireann sinsearach na Margaí Airgeadais, Íocaíochtaí agus Socruithe Urrús agus Rannóga Rialú Airgeadais. Buaileann Coiste Bhuan-Infheistíochta Straitéis, a chuimsíonn bainistíocht Mhargaí Airgeadais agus déileálaithe le chéile ar bhonn seachtainiúil chun straitéis infheistíochta gearrthearma a fhoirmlíú.

Nóta 35: Bainistiú Riosca Airgeadais (ar lean)

Déanann Deasc Infheistíochta atá comhdhéanta d'fhoireann déileálaithe na gníomhaíochtaí laethúla déileála atá ag teastáil chun cinntí a chur i bhfeidhm agus chun cinntí go bhfuil na punainne infheistithe go hiomlán. Tá Aonad leithleach Bhainistíocht Riosca freagrach as tomhas, monatóireacht agus tuairisciú neamhchosaintí riosca airgeadais an Bhainc agus as comhlíonadh monatóireachta agus tuairiscithe le teorainneacha, srl. Tomhaiseann an tAonad an t-aischur ar phunainn infheistíochta an Bhainc freisin.

Ar leibhéal eagraíochta, bíonn neamhchosaintí riosca airgeadais á mbainistiú ag frámú foirmiúil oibriúcháin bhainistíocht riosca a chinntíonn go sainaithnítear neamhchosaintí ionchasacha agus go gcuirtear rialuithe agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm, atá dírithe ar rioscaí den saghas sin a laghdú agus a ndéantar monatóireacht orthu.

Nóta 36: An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998

Faoi Alt 10 den *Acht um Chúiteamh d'Infheisteoirí*, 1998, tá 'An Chuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta' foirmithe agus cláraithe ag an mBanc, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Riarann an Chuideachta an scéim chúitimh d'infheisteoirí d'fhonn cliaint ghnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh. Cuireann an Banc seirbhísí riaracháin agus eile ar fáil don Chuideachta, a gnóthaítear a gcostais ón gCuideachta. Ullmhaíonn an Chuideachta a Thuairisc Bhliantúil agus a Ráiteas Cuntas iniúchta féin.

Nóta 37: Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadraí Eachtracha

Bhí Conarthaí Neamhaibithe Airgeadraí ar 31 Nollaig 2009 mar seo a leanas:

	Ceannacháin Neamhaibithe	Díolacháin Neamhaibithe	Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe
'000s d'aonaid airgeadra			
Euro	453,735	–	453,735
Dollar SA	–	(666,000)	(666,000)

Bhí gach conradh aibithe faoi 7 Eanáir 2010.

Nóta 38: Conarthaí Neamhaibithe in Urrúis

Bhí conarthaí neamhaibithe in urrúis ann mar seo a leanas ag 31 Nollaig 2009:

	Ceannacháin Neamhaibithe	Díolacháin Neamhaibithe	Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe
'000s d'aonaid airgeadra			
Euro	368,632	(836,189)	(467,557)
Dollar SA	–	–	–

Bhí gach conradh aibithe faoi 7 Eanáir 2010.

Nóta 39: Páirtithe Coibhneasacha

- (i) Cuireann an Banc cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do rannóga agus comhlachtaí eile stáit.

Ba iad na príomhsheirbhísí le linn na bliana go dtí 31 Nollaig 2009 ná:

- soláthar seirbhísí baincéireachta lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a choinneáil;
- soláthar agus eisiúint monaí;
- clár urrús Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.

- (ii) Mar bhall páirteach den CEBC, tá caidrimh leanúnacha ag an mBanc le NCBanna eile agus an BCE.

Nóta 40: Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Ar an 30 Márta 2010 foilsíodh bille beartaithe d'athchóiriú an bhainc ceannais 2010 do chur i bhfeidhm chinneadh an Rialtais ó Mheitheamh 2009 i ndáil le baincéireacht ceannais agus gníomhaíochtaí rialuithe. Forálann an Bille um Athchóiriú an Bhainc Ceannais” do struchtúir nua lán-chomhtháite de bhaincéireacht ceannais agus rialú airgeadais, ag teacht i gcomharba ar BCÚSAÉ agus an Rialtóir Airgeadais le Banc Ceannais athstruchúrtha na hÉireann (BCÉ).

Nóta 41: Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

Bunaíodh Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (An Rialtóir Airgeadais) i Mí na Bealtaine 2003 faoi théarmaí *Achta an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann*, 2003. Amhail ag 31 Nollaig 2009 bhí sé ina chomhdhamhna de chuid an BCÚSAÉ é agus tá sé freagrach as rialáil thionscal na seirbhísí airgeadais in Éirinn.

Seo a leanas achoimre ar ioncam agus caiteachas an Rialtóir Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 mar aon le costais chomparáideacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

Nóta 41: Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ar lean)**Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann - Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais do 2009**

		2009	2008
		€000	€000
Maoiniú Tionscail			
Institiúidí Creidmheasa		18,579	12,288
Gnóthais Árachais		5,278	5,683
Idirghabhálaithe		2,242	2,287
Urrúis agus Gnólachtaí Infheistíochta		2,042	1,945
Comhscéimeanna Infheistíochtaí agus Soláthraithe Seirbhíse		4,207	4,215
Comhair Chreidmheasa		1,431	1,435
Iasachtóirí Airgid		244	162
Forais Ghairmiúla Fhaofa		5	11
Malairtí		150	148
Bureaus de Change/Tarchuradóirí Airgid		95	49
Cúlú Tithe & Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola		251	–
Iomlán an Mhaoinithe		34,524	28,223
Lúide: Soláthar/Díscríobh	(i)	182	29
Lúide soláthar d'aisíocaíochtaí le haonáin chúlghairithe	(ii)	–	250
Lúide soláthar do ró-íocaíochtaí	(iii)	294	–
Pionóis Airgeadra	(iv)	–	–
Glanmhaoiniú Tionscail	(i)	34,048	27,944
Barrachas de Chaiteachas thar Ioncam don bhliain roimh ré		(517)	599
Fóirdheontas ón mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann	(v)	27,300	29,090
		60,831	57,633
Ilghnéitheach	(vi)	715	–
Ioncam Eile	(vii)	872	1,732
Ioncam Iomlán		62,418	59,365
Speansais			
Speansais Dhíreacha	(viii)	39,248	40,198
Seirbhísí	(ix)	21,003	17,952
		60,251	58,150
Speansais Eile	(vii)	872	1,732
Speansais Iomlána		61,123	59,882
Barrachas/(Easnamh)/d'Ioncam thar Chaiteachas Tugtha ar aghaidh	(xi)	1,295	(517)

Nóta 41: Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ar lean)**(i) Glanmhaoiniú Tionscail agus Foráil**

Áirítear Glanioncam Tionscail agus Foráil i Ráiteas na gCuntas de chuid BCÚSAÉ faoi Ioncam Eile. Cuimsíonn an figiúr seo tobhaigh arna ngearradh ar na catagóirí tionscail thuas (glan ar achomhairc agus coigeartuithe) faoi Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (Ailt 33J agus 33K), Rialacháin 2004 (arna leasú ag Rialacháin 2009) agus ioncam eile i ndáil le táillí agus muirir. Fritháiríodh suim de €182,000 i ndáil le forálacha/nithe díscríofa i gcoinne an ioncaim iomlán mhaoiniúcháin chun an Glanmhaoiniú Tionscail a ríomh don bhliain 2009. Táthar ar thóir suimeanna tobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

Seo a leanas an fhoráil/díscríobh:

	2009	2008
	€000	€000
Soláthar Tosaigh d'Fhógraí faoi Thobhaigh gan Íoc	378	396
Lúide: Laghdú do Sholáthar na Bliana Roimh Ré	79	47
Móide: Méadú do Sholáthar le haghaidh 2009	182	29
Forálacha Deiridh d'Fhógraí faoi Thobhaigh gan Íoc	481	378

(ii) Foráil do réamhíocaíochtaí le haonáin cúlghairthe

Mar chuid de bhreithniú leathan ar cheisteanna maoinithe a rinneadh i 2007 agus 2008, thug an Rialtóir Airgeadais le fios gur luadh gur bhain na Rialacháin Bliantúla Maoinithe le haonáin “rialaithe”. Mar sin de, d’fhéadfadh aonán ar cúlghaireadh a údarú le linn na tréimhse roimh an dáta ar tháinig na Rialacháin i bhfeidhm argóint go réasúnta nach raibh sé faoi réir an tobhaigh don bhliain a bhí i gceist, mar gheall ar gur éirigh sé as bheith ina aonán rialaithe ar an dáta ar cúlghaireadh a údarú.

Ar mhaithe le cothroime agus trédhearcacht, beidh an Rialtóir Airgeadais ag scríobh chuig na haonáin uile atá i gceist d’fhonn cuireadh a thabhairt d’aon aonán, a chreideann go bhfuil sé i dteideal aisíocaíocht pro rata mar seo maidir leis an mbliain inar cúlghaireadh a údarú, chun cur isteach ar athbhreithniú ar a gcás. Cuirfear ús ar aon aisíocaíocht den chineál seo agus is ionann méid na forála agus an meastachán is fearr ar aon aisíocaíocht den chineál seo.

(iii) Forail do Ró-íocaíochtaí

In earrach na bliana 2009 tugadh le fios don Rialtóir Airgeadais go raibh roinnt craobhghníomhairí d’institiúid chreidmheasa tar éis rósionnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialaithe, mar a d’fhógair an Rialtóir Airgeadais sa tréimhse 2004 go 2009 toisc go raibh míthuiscint ann faoi chineál an ioncaim le cur san áireamh sa dearbhú sin. Próiseáladh éilimh ar aisíocaíochtaí agus fuarthas iad i ndáil le 2009 fad is atá aisíocaíochtaí i ndáil le 2004 go 2008 fós á bpróiseáil.

Nóta 41: Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ar lean)**(iv) Pionóis Airgeadaíochta**

	2009
	€000
Pionóis Airgeadaíochta arna gcoinneáil ag deireadh 2008	3,700
Pionóis Airgeadaíochta a gearradh i 2009	3,673
Ioncam ó Infheistiú na bPionós Airgeadaíochta	16
Aistriú chuig an mBanc Ceannais	(7,389)

Is éard atá na pionóis airgeadaíocht ná airgead is infíochta leis an Rialtóir Airgeadais ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais tar éis dheireadh na gComhaontuithe Socraíochta leis na haonáin sin i ndáil le sárú na gceangaltas rialála. Coinníodh pionóis airgeadaíochta a fuarthas i 2008 ar feitheamh cinnidh faoi úsáid na gcistí sin. Caitheadh lea gach pionós airgeadaíochta a fuarthas go dtí seo mar ioncam de chuid an Bhainc Ceannais.

(v) Fóirdheontas ó Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

Trí chomhaontú leis an Aire Airgeadais i Meán Fómhair 2006, thar an tréimse thrí bliana 2007-2009 íocadh timpeall 50 faoin gcéad de chostais iomlán an Rialtóir Airgeadais trí fhorchur tobhach ar an tionscal. Is é an BCÚSAÉ a sholáthraíonn iarmhéid na gcostas iomlán de réir Alt 33(L) d'*Acht an Bhainc Cheannais*, 1942 (mar a d'ionsáigh Alt 26 *Acht an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann*, 2003). I 2009, sheas an BCÚSAÉ, le ceadú an Aire Airgeadais, costas iomlán ghníomhaíochtaí áirithe maoirseachta an mhargaidh urrúis a rinneadh laistigh den Rialtóir Airgeadais. Níor cuireadh na costais seo de €3.4 milliún ar fad san áireamh sna glantobhaigh Maoinithe Tionscail a eisíodh don tionscal i 2009. Chomh maith leis sin, faoi fhorálacha *Acht an Bhainc Cheannais* 1942 (Alt 33J) Rialacháin 2008, forchuireadh tobhach breise ar institiúidí creidmheasa clúdaithe ag Scéim na nInstitiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 d'fhonn 100 faoin gcéad de chostais bhreise áirithe a bhaineann le feidhmiú athbhreithnithe dícheall cuí na n-aonán seo a aisíoc.

(vi) Ilghnéitheach

Léiríonn seo:

- Ranníocaíocht de €0.1 milliún i dtreo costais dlí arna dtabhú ag an Rialtóir Airgeadais ag cosaint dlíthíochta sa bhliain 2008 agus a fuarthas i 2009, ó pháirtí sa dlíthíocht
- Aisghabháil táillí gairmiúla de €0.6 milliún arna dtabhú ar roinnt imscrúduithe faoi institiúidí clúdaithe airgeadais (féach (vii) thíos freisin).

(vii) Ioncam Eile/Speansais Eile

I 2009 bhailigh Stocmhalartán na hÉireann €0.9 milliún i dtáillí is infíochta leis an Rialtóir Airgeadais de réir Rialachán 109 de chuid na Rialachán Réamheolaire (Treoir 2003/71/EC), 2005, agus Rialachán 78 de chuid na Rialachán Trédhearcachta (Treoir 2004/109/EC), 2007. De réir Chuid 17(h) de na comhaontuithe tarmigin na Treorach Réamheolaire agus na Treorach um Mí-úsáid Mhargaidh a rinne an Rialtóir Airgeadais le Stocmhalartán na hÉireann, dhearbhaigh an Rialtóir Airgeadais doStocmhalartán na hÉireann go bhféadfadh sé suim €0.9 milliún a choinneáil chun cur le híocaíocht costas a thabhaigh sé agus é ag tabhairt faoi na feidhmeanna tarmigthe faoi na comhaontuithe tarmigin.

Nóta 41: Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ar lean)**(viii) Speansais Dhíreacha**

	2009	2008
	€000	€000
Tuarastail/Liúntais	26,727	24,483
ÁSPC	1,813	1,798
	28,540	26,281
Foráil Phinsin	3,832	3,732
Speansais Foirne	32,372	30,013
Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne	252	425
Trealamh, Stáiseanáireacht & Riachtanais	295	422
Taisteal Gnó	496	795
Foilseacháin & Fógraíocht Tomhaltóirí	570	2,604
Táillí Gairmiúla	5,034	5,776
Ilghnéitheach	229	163
Speansais Oibríochta Neamhphá	6,876	10,185
Speansais Dhíreacha	39,248	40,198

B'ionann an tsuim iomlán do tháillí gairmiúla ar imscrúduithe éagsúla faoi institiúidí airgeadais clúdaithe agus €3.4 milliún. Aisghabhadh na táillí go léir seo ó na hinstitiúidí airgeadais iomchuí agus áiríodh iad faoi Mhaoiniú Institiúidí Creidmheasa Tionscail (€2.8 milliún) agus faoi Ioncam Ilghnéitheach (0.6 milliún).

(ix) Seirbhísí

Áirítear costais i ndáil leis na seirbhísí arna soláthar ag an mBanc Ceannais i Ráiteas na gCuntas de chuid an BCÚSAÉ mar ata leagtha amach i Nóta 8 leis na cuntais.

Faigheann an Rialtóir Airgeadais seirbhísí éagsúla ina measc áitreabh, acmhainní daonna, riarachán, cuntasaiócht, iniúchóireacht inmheánach, seirbhísí staitistiúla agus teicneolaíocht faisnéise ón BCÚSAÉ. Ba é costas na seirbhísí seo i 2009 ná €21.0 milliún (2008: €18.0 milliún).

Is é cur i bhfeidhm mhodheolaíocht leithdháileadh costas, a d'athbhreithnigh sainchomhairleoirí neamhspleácha eachtracha roimhe, a shocraíonn na costais atá i gceist. Tá an leithdháileadh bunaithe ar chleachtadh aitheanta tionscail a chuimsíonn spás urláir gafa, líon na ríomhairí pearsanta agus cuntas duine (líon foirne) de réir mar is cuí. Seo a leanas príomhchomhpháirteanna na gcostas thuas:

	2009	2008
	€000	€000
Seirbhísí Corparáideacha, Áitribh san áireamh	10,089	8,802
Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise	4,720	3,172
Acmhainní Daonna	1,930	2,577
Seirbhísí Eile (x)	4,264	3,401
Iomlán	21,003	17,952

Nóta 41: Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ar lean)**(x) Seirbhísí Eile**

I measc seirbhísí eile tá cuntasáíocht agus seirbhísí eile riaracháin (2009: €3.0 milliún; 2008: €1.9 milliún), seirbhísí staitistiúla (2009: €0.0 milliún; 2008: €0.2 milliún) agus costais mheasta achtúireacha réamh-mheasta (2009: €1.3 milliún; 2008: €1.3 milliún) i ndáil le foireann an Bhainc Ceannais atá i mbun seirbhísí a sholáthar don Rialtóir Airgeadais.

(xi) Easnamh/Barrachas Ioncaim thar Caiteachas

Is ionann é seo agus an t-easnamh sa líon tobhach a bhailigh an tionscal i 2009 i gcomparáid le riachtanas maoinithe 2008. Is é riachtanas maoinithe 2009 iomlán chaiteachas na Speansas Díreach agus Seirbhísí Comhroinnte (€59.7 milliún) lúide an fhóirdheontais ón BCÚSAÉ. Tá an barrachas ioncaim thar caiteachas tugtha ar aghaidh agus tá áireamh mhéid na dtobhach tionscail do 2010 coigeartaithe d'fhonn an barrachas seo a thabhairt san áireamh.

Nóta 42: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí Ráiteas na gCuntas ar an 25 Meitheamh 2010.

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (“an Banc”) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 iniúchta agam faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942 arna leasú ag Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003.

Tá an Ráiteas Cuntas, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach san ráiteas, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Sochar and Dochar agus Leithghabhála, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Stiúrthóirí an Bhainc agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí na Stiúrthóirí as an Ráiteas Cuntas a ullmhú de réir dlíthe infheidhmithe leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí. Tá na Stiúrthóirí freagrach as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú freisin.

Is é m’fhreagrachtsa ná an Ráiteas Cuntas a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann an Ráiteas Cuntas léargas fíorcheart agus ar ullmhaíodh go cuí é de réir mar a mhínítear i bparagraf (a) de na Beartais Chuntasaíochta. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann an Ráiteas Cuntas leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m’iniúchta. Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Banc an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr an Ráiteas Cuntas a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach príacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le príacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m’fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m’iniúchadh ar an Ráiteas Cuntas de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh san Ráiteas Cuntas, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear ann. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus an Ráiteas Cuntas á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhainc, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m’iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d’fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil an Ráiteas Cuntas saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair san Ráiteas Cuntas san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann an Ráiteas Cuntas, a ullmhaíodh go cuí de réir mar a mhínítear i bparagraf (a) de na Beartais Chuntasaíochta, léargas fíorcheart, ar riocht ghnóthaí an Bhainc ag 31 Nollaig 2009 agus ar a ioncam barrachais don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBanc. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meitheamh 2010

Tuarascáil Na nIniúcháirí Neamhspleácha Chuig Bord Stiúrthóirí An Bhainc Cheannais Agus Údarás Seirbhísí Airgeadais Na hÉireann

Tá iniúchadh déanta againn ar an Ráiteas ar Chuntais.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach

Tá na stiúrthóirí, mar a chuirtear síos sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, freagrach as an Ráiteas ar Chuntais a ullmhú.

De bhun riachtanais Airteagal 27 de Reacht Bhanc Ceannais na hEorpa, ceapadh muidne le hiniúchadh a dhéanamh ar Ráiteas ar Chuntais an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ('an Banc'). Bunaítear ár bhfreagracht, mar iniúcháirí neamhspleácha, le hAirteagal 27 de Reacht Bhanc Ceannais na hEorpa agus de na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (RA agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do Bhord Stiúrthóirí an Bhainc agus do Bhord Stiúrthóirí an Bhainc amháin mar chomhlacht de réir Airteagal 27 de Reacht Bhanc Ceannais na hEorpa agus ní chun críche ar bith eile. Agus an tuairim seo á tabhairt againn, ní ghlacaimid orainn féin freagracht chun críche ar bith eile nó chuig duine ar bith eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó chuig duine ar bith a gheobhadh é ach amháin má d'aontaíomar é go sainráite i scríbhinn.

Tugaimid dóibh ár dtuairim faoi an dtugann an Ráiteas ar Chuntais dearcadh fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe ar an mbonn ar a gcuireadh síos in alt (a) de na polasaithe cuntasáíochta. Maímid cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a cheapaimid cuí chun críche ár n-iniúchta faighte againn agus cibé an bhfuil an Ráiteas ar Chuntais de réir na dtaifead cuntasáíocht. Tugaimid ár dtuairim dóibh fosta faoi cibé an bhfuil taifid cuntasáíochta cuí coinnithe ag an mBanc. Níl sé de cheangal orainn tuairim a dhéanamh ar éifeachtacht córas rialuithe airgeadais inmheánaigh an Bhainc.

Bonn na tuairime iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na neamhchosaintí sa Ráiteas ar Chuntais. Cuimsíonn sé measúnú fosta ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus an Ráiteas ar Chuntais á ullmhú acu, agus cibé an bhfuil na polasaithe cuntasáíochta de réir chúinsí an Bhainc, an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go seasmhach agus cibé ar nochtadh go leor iad.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasamar a bheith riachtanach a fháil d'fhonn go leor fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil an Ráiteas ar Chuntais saor ó mhiráiteas ábhair, cibé trí chalaois nó mírialtacht nó earráid eile. Agus ár dtuairim á ceapadh againn, rinneamar leorgacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sa Ráiteas ar Chuntais a mheas chomh maith, an bonn ar a gcuirtear síos in alt (a) de na polasaithe cuntasáíochta.

Tuairim

Inár dtuairim, rinneadh an Ráiteas ar Chuntais a ullmhú ar an mbonn ar a gcuirtear síos in alt (a) de na polasaithe cuntasáíochta agus ar an mbonn seo, tugann an Ráiteas ar Chuntais dearcadh fíor agus cothrom maidir le staid ghnóthaí an Bhainc amhail 31 Nollaig 2009 agus staid a bhrabúis don bhliain sin dar críoch.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Inár dtuairim, choinnigh an Banc taifid chuntasáíochta chuí. Tá an Ráiteas ar Chuntais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Athbhreithniú Bliantúil an Rialtóra Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009



1. Réamhrá

Tá córais i bhfeidhm ag an Rialtóir Airgeadais chun meastachán bliantúil ionaim agus caiteachais a ullmhú de réir a cheanglas bliantúil agus chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcaiteachas iarbhir ar bhonn rialta. Cuireadh ár ráiteas bliantúil d'ioncam agus caiteachas don bhliain 2009 faoi bhráid an Aire Airgeadais den chéad uair ar an 31 Deireadh Fómhair 2008 de réir na gceanglas reachtúil. Léiríodh, i ráiteas uasdátaithe arna chur faoi bhráid an Aire Airgeadais an 9 Márta 2009, beartas a comhaontaíodh i ndáil le maoiniú institiúidí creidmheasa intíre atá clúdaithe ag an Scéim Institiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008.

Tá an Rialtóir Airgeadais freagrach as leabhair agus taifid a choinneáil a léiríonn agus a mhíníonn go léircheart idirbhearta an Rialtóra Airgeadais. Chuidíomar leis an BCÚSAÉ a ráiteas cuntas a ullmhú agus chinneamar ráiteas breise a fhoilsiú dár n-ioncam agus caiteachas féin.

2. Tráchtareacht ar Ioncam

Ón tobhach ioncain bailíodh €34.0 milliún ón tionscal i 2009. De réir ár mbeartais shonraithe, an aidhm atá againn ná an tobhach a choinneáil ag tuairim is 50 faoin gcéad dár mbuiséad leis an iarmhéid de chostais iomlána bhliantúla soláthraithe ag BCÚSAÉ de réir Alt 33(L) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (mar a cuireadh isteach le hAlt 26 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003). I 2009, le faomhadh an Aire Airgeadais, sheas BCÚSAÉ costas iomlán roinnt gníomhaíochtaí maoirseachta urrúis mhargaidh a rinne an Rialtóir Airgeadais. Níor áiríodh na costais sin, arb ionann iad agus €3.4 milliún, i measc na nGiantobhach Tionscail arna n-eisiúint i 2009.

Shínigh an Príomhfheidhmeannach Feidhmeach na Rialacháin, a shonraigh suimeanna na dtobhach is iníoctha le haghaidh 2009, ar an 31 Iúil 2009 agus rinneadh dlí de na rialacháin sin ar an 4 Lúnasa 2009. Faoi fhorálacha na Rialachán sin, éilíodh ar na hinstiúidí creidmheasa intíre clúdaithe faoin Scéim Institiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 tobhach breise a íoc leis an Rialtóir Airgeadais. Is éard a bhí i gceist leis an tobhach seo ná 100 faoin gcéad de na costais a aisghabháil a bhain leis an leibhéal níos géire maoirseachta ba ghá chun a chinntiú gur chomhlíon institiúidí creidmheasa forálacha na Scéime; mar a tharla i mblianta roimhe seo, bunaíodh ríomh na dtobhach le haghaidh 2009 ar leithdháileadh bhuiséad an Rialtóra Airgeadais, agus bhí an mhodheolaíocht ba bhun leis sin faoi réir athbhreithniú neamhspleách a rinne Deloitte & Touche; níor eascair aon saincheisteanna ón athbhreithniú sin (féach Rannóg 5 thíos).

Tríd is tríd, bhí leibhéal ard géilliúlachta do Rialacháin i 2009 agus d'íoc formhór na soláthraithe seirbhísí airgeadais an tobhach in am trátha. Cibé scéal é, níor íoc líon mór aonán rialaithe laistigh den amscála a socraíodh sa reachtaíocht agus rinneadh iarrachtaí móra na suimeanna gan íoc a fháil. Cuireadh suim de €182,000 de mhuirear an Chuntais Ioncain agus Caiteachais i 2009 chun méideanna a chlúdach a díscríobhadh le linn na bliana agus sheas soláthar do thobhaigh gan íoc amhail ag deireadh na bliana ag €481,000. Amhail ag 12 Feabhra 2010 bhí an Rialtóir Airgeadais tar éis 99.0 faoin gcéad a bhailiú de Thobhach Maoinithe an Tionscail le haghaidh 2009. Tá iarrachtaí bailithe fiachais, i ndáil leis na tobhaigh atá fós gan íoc, ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach. Féach freisin Nóta 1 ar Leathanach 108.

3. Tráchteaireacht ar Chaiteachas

B'ionann iomlán na Speansas agus na Seirbhísí Díreacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009, a chuimsíonn costais dhíreacha agus indíreacha agus €60.3 milliún. Seo i gcomparáid le figiúr buiséadaithe don bhliain de €63.6 milliún. I dTábla 1 thíos léirítear anailís ar chaiteachas iomlán na Stiúrthóireachtaí Stuamachta agus Tomhaltóirí agus Oifig Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa.

Tábla 1 – Anailís ar Chaiteachas de réir Stiúrthóireachta

	Stiúrthóireacht Stuamachta	Stiúrthóireacht Tomhaltóirí	Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Tuarastail/ÁSPC	18,191	6,197	1,695	26,083
Pinsean	2,442	832	228	3,502
Speansais Foirne	20,633	7,029	1,923	29,585
Neamhphá Oibríochtúil Speansas	4,471	1,258	366	6,095
Speansais Dhíreacha Iomlána	25,104	8,287	2,289	35,680
Rialtóir Airgeadais Rannóga Tacaíochta (i)	4,205	973	258	5,436
Seirbhísí Comhroinnte (ii)	13,505	4,688	942	19,135
Speansais Dhíreacha Iomlána Agus Seirbhísí Comhroinnte	42,814	13,948	3,489	60,251

Cinneadh costais dhíreacha an Rialtóir Airgeadais – costais nach féidir a leithdháileadh ar aon stiúrthóireacht (m.sh. costais tacaíochta an Rialtóir Airgeadais cosúil le Dlí, Pleanáil agus Airgeadas srl.) trí mhodheolaíocht leithdháilte costais a chur i bhfeidhm – modheolaíocht a ndearna comhairleoirí seachtacha athbhreithniú air.

Sa phróiseas mar a ndéantar costais bhuiséid a leithdháileadh ar gach stiúrthóireacht cuirtear san áireamh costais dhíreacha (pá, pinsean agus neamhphá) gach stiúrthóireachta.

(i) Seo costais dhíreacha rannóga tacaíochta an Rialtóir Airgeadais, arb ionann iad agus €3.568 milliún, maille le €1.868 milliún de chostais seirbhíse do sheirbhísí a fuarthas ó CBÚSAÉ a leithdháileadh ar rannóga tacaíochta an Rialtóir Airgeadais.

(ii) Seo méid na gcostas seirbhísí arna leithdháileadh go díreach ar na trí rannóg. B'ionann seirbhísí comhroinnte iomlána do sheirbhísí a fuarthas ó BCÚSAÉ agus €21.003 milliún; leithdháileadh an t-iarbheid de €1.868 milliún ar rannóga tacaíochta an Rialtóir Airgeadais – féach nóta as (1) thuas.

Bhí an caiteachas iomlán, do phá agus neamhphá araon, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 faoi bhun an bhuiséid ar roinnt cúiseanna éagsúla.

Ón taobh neamhphá de bhí tearc-chaiteachas suntasach ann i ndáil le Foilseachán agus Caidrimh Phoiblí toisc gur glacadh cinneadh fógraíocht a chiorrú agus obair eile i ndáil le foilsíú treoracha eolais do thomhaltóirí a chur siar/a chur ar ceal toisc go bhfuil úsáideoirí ag baint i bhfad níos mó úsáide anois as an suíomh gréasáin It's Your Money. Chomh maith leis sin, bhí tearc-chaiteachas ann i ndáil le taisteal gnó (toisc nach raibh tinreamh chomh hard is a réamh-mheasadh ag freastal ar chúrsaí agus ar chruinnithe thar lear), oiliúint agus earcaíocht (ag léiriú an tinrimh níos ísle ná mar a réamh-mheasadh ag freastal ar chúrsaí oiliúna toisc athstruchtúrú rannán agus tosaíochtaí leasaithe oibre) agus siarchur an taighde sheachtraigh a rinne gach ceann de na Painéil Chomhairleacha Tionscail agus Tomhaltóra.

Tharla an méadú suntasach ar chostais seirbhíse toisc an chostais bhreise ar an gcóiríocht oifige ag Duga Spencer – a chuimsigh go príomha rátaí, fuinneamh, lónadóireacht agus costais saoráide eile. Bhí méadú freisin ar na costais Teicneolaíochta Faisnéise toisc gur fairsingíodh na riachtanais Teicneolaíochta Faisnéise, bhain roinnt seirbhísí faisnéise le caiteachas ar mhonatóireacht na margáí seirbhísí airgeadais agus méadú ar an éileamh ar Theicneolaíocht Faisnéise a bhain le níos mó ball foirne. Baineann an muirear níos airde d'Acmhainní Daonna le muirir bhreise earcaíochta chomh maith le muirir riaracháin a bhain leis an scéim mhaoinithe phinsin a bunaíodh go déanach sa bhliain 2008.

4. **Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Tuarascáil Iniúcháireachta Neamhspleách ó Deloitte & Touche**

Leagann an rannán seo a leanas amach an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas don Rialtóir Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Polasaithe Cuntasaíochta

(a) An Fhoirm inar Tíolacadh an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Is cuid den BCÚSAÉ é an Rialtóir Airgeadais. Níl sócmhainní ná dlíleanais dá chuid féin aige agus dá réir sin meastar nach bhfuil sé iomchuí clár comhardaithe nó ráiteas ar shreabhadh airgid thirim a tháirgeadh.

Rinneadh an Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais a ullmhú ar (i) bhonn an chostais stairiúil cuntasaíochta agus (ii) de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn sa mhéid is go mbaineann siad le struchtúr an Rialtóir Airgeadais. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn i ndáil le cuntais a thugann dearcadh fíor, cothrom a ullmhú ná na cinn atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

Tá an t-aonad cuntasaíochta in euro.

(b) Aitheantas Ioncaim

Glacadh coincheap na bhfabhruithe i gcuntasaíocht d'ioncam agus chaiteachas.

(c) Aoisliúntas

Is leis an BCÚSAÉ tá conarthaí fostaíochta foirne a cheapann an Rialtóir Airgeadais. Faoi Scéim Aoisliúntais an BCÚSAÉ faigheann an bhuanfhoireann na sochair aoisliúntais chéanna is a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Suas go dtí 30 Meán Fómhair 2008 d'íoc an BCÚSAÉ na sochair seo amach as ioncam reatha de réir mar a bhí siad le híoc. Ar 1 Deireadh Fómhair 2008 bunaíodh scéim pinsean mhaoinithe faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann*, 2003. Aistríodh suim go dtí an ciste, ar chomhairle na n-achtúirí Willis ó acmhainní BCÚSAÉ chun sócmhainní ciste pinsean a cheannach. Íocfar na sochair uile ón gciste seo ó seo amach. Nochtann an BCÚSAÉ an costas a bhaineann le sochair a sholáthar de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais ("FRS") 17 "Sochair Scoir". Féach Polasaí Cuntasaíochta (d) agus Nóta 34 den Ráiteas maidir le Cuntais an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 chomh maith.

Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais Na hÉireann

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2009

		2009	2008
	Note	€000	€000
Maoiniú Tionscail			
Institiúidí Creidmheasa		18,579	12,288
Gnóthais Árachais		5,278	5,683
Idirghabhálacha		2,242	2,287
Urrúis agus Gnólachtaí Infheistíochta		2,042	1,945
Comhscéimeanna Infheistíochta agus Soláthraithe Seirbhíse		4,207	4,215
Comhair Chreidmheasa		1,431	1,435
Iasachtóirí Airgeadais		244	162
Forais Ghairmiúla Fhaofa		5	11
Malairtí		150	148
Bureaux de Change/Tras-aistritheoir Airgeadais		95	49
Frithdhílse Teaghais & Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola		251	–
Maoiniú Iomlán		34,524	28,223
Lúide Foráil/Nithe Díscríofa	(i)	182	29
Lúide Soláthar d'aisíocaíochtaí le hAonain Cúlghairmthe	(ii)	–	250
Lúide Foráil do ró-íocaíochtaí	(iii)	294	–
Pionóis Airgeadais	(iv)	–	–
Glanmhaoiniú Tionscail	(i)	34,048	27,944
Barrachas an Chaiteachais thar Ioncam don bhliain roimh ré		(517)	599
Fóirdheontas ón mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann	(v)	27,300	29,090
		60,831	57,633
Ilghnéitheach	(vi)	715	–
Ioncam Eile	(vii)	872	1,732
Ioncam Iomlán		62,418	59,365
Speansais			
Speansais Dhíreacha	(viii)	39,248	40,198
Seirbhísí Comhroinnte	(ix)	21,003	17,952
		60,251	58,150
Speansais Eile	(vii)	872	1,732
Speansais Iomlána		61,123	59,882
Barrachas/(Easnamh) ó Ioncam agus Caiteachas Tugtha ar Aghaidh	(x)	1,295	(517)

Nótaí ag Gabháil Leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Nóta (i): Glanmhaoiniú Tionscail agus Soláthairtí

Cuimsítear glanmhaoiniú tionscail sa Ráiteas maidir le Cuntais an BCÚSÁÉ faoi Ioncam Eile. Cuimsíonn an figiúr seo ioncam ó thobhaigh a gearrtar ar na catagóirí tionscail thuas (glan ó achomair agus choigeartuithe) faoin Acht um Chomhar Creidmheasa, 1942 (Ailt 33J agus 33K), Rialacháin 2004 (arna leasú le Rialacháin 2008) agus ioncam eile i ndáil le táillí agus muirir). Rinneadh €182,000 i ndáil le soláthar/díscríobh a fhritháireamh i gcoinne ioncam maoinithe iomlán chun teacht chuig Glanmhaoiniú Tionscail. Táthar sa tóir ar mhéideanna tobhaigh amuigh mar chuid den phróiseas ar aisghabháil fiachais.

Is é seo leanas an soláthar/díscríobhadh:

	2009	2008
	€000	€000
Foráil Tosaigh d'Fhógraí Tobhaigh gan Íoc	378	396
Lúide : Cuntas ar fhorálacha na bliana roimh ré	79	47
Móide : Méadú ar an soláthar do 2009	182	29
Foráil Deiridh d'Fhógraí Tobhaigh gan Íoc	481	378

Nóta (ii): Foráil d'aisíocaíochtaí chun aonáin a chúlghairm

Mar chuid de bhreithniú leathan ar cheisteanna maoinithe a rinneadh i 2007 agus 2008, braith an Rialtóir Airgeadais gur sonraíodh na Rialacháin Mhaoinithe Bhliantúla mar fheidhm a bheith acu maidir le haonáin "rialaithe". Dá réir sin, d'fhéadfadh aonán ar a ndearnadh a údarú a chúlghairm le linn na tréimhse roimh an dáta ar a dtáinig na Rialacháin i bhfeidhm a áitiú go réasúnta nach raibh sé faoi réir an tobhaigh don bhliain a bhí i gceist, ar an mbonn gur scoir sé de bheith ina aonán rialaithe ar an dáta ar a cúlghairmeadh a údarú. Ar mhaithe le cothroime agus trédhearcacht, chinn an Rialtóir airgeadais go dtabharfaí cuireadh do na haonáin sin cur isteach ar aisíocaíocht pro-rata don tobhach a d'íoc siad ina mbliain dheireanach ag feidhmiú. Tá iarratais ar aisíocaíochtaí ó aonáin a cúlghairmeadh á bpróiseáil agus cuireadh i bhfeidhm ús ar na haisíocaíochtaí a rinneadh. Is éard atá sa tsuim a soláthraíodh (€250,000) ná meastachán is fearr an Rialtóir Airgeadais ar na haisíocaíochtaí sin.

Nóta (iii): Foráil do Ró-íocaíochtaí

In Earrach na bliana 2009 cuireadh in iúl don Rialtóir Airgeadais go raibh roinnt gníomhairí craoibhe d'institiúid chreidmheasa tar éis róshonrú a dhéanamh ar ioncam ó ghníomhaíochtaí rialaithe, arna sonrú don Rialtóir Airgeadais, le linn na tréimhse 2004 go 2008 toisc gur mhíthuig siad cineál an ioncaim a bhí le háireamh sa sonrú sin. Próiseáladh iarratais d'aisíocaíochtaí i ndáil le 2009 agus íocadh iad fad is atáthar fós ag próiseáil aisíocaíochtaí i ndáil le 2004 go 2009 faoi láthair. Cruthaíodh foráil de €294,000 i ndáil leis an mhír seo.

Nóta (iv): Pionóis Airgeadais

	2009
	€000
Pionóis Airgeadais coinnithe ag deireadh 2008	3,700
Pionóis Airgeadais geartha i 2009	3,673
Ioncam ó Infheistiú na bPionós Airgeadais	16
Aistriú chuig an mBanc Ceannais	(7,389)

Is ionann na pionóis airgeadais agus airgead a bhí iníoctha leis an Rialtóir Airgeadais ag soláthraithe seirbhísí airgeadais i ndiaidh Comhaontuithe Socraíochta a chur i gcrích le soláthraithe seirbhísí airgeadais i ndáil le sárúithe ar riachtanais rialála. Coinníodh pionóis airgeadais a fuarthas i 2008 roimhe sin ar feitheamh cinneadh faoi úsáid na gcistí sin. Caitheadh le gach pionóis airgeadais a fuarthas go dtí seo mar ioncam de chuid an Bhainc Ceannais.

Nóta (v): Fóirdheontas ón mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

Trí chomhaontú leis an Aire Airgeadais i mí Mheán Fómhair 2006, thar an tréimhse trí bliana 2007-2009 baineadh thart ar 50 faoin gcéad d'iomlán chostais an Rialtóir Airgeadais amach trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an BCÚSAÉ iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil de réir Alt 33(L) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (mar a cuireadh isteach le hAlt 26 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Rialaithe Seirbhísí na hÉireann, 2003). I 2009, d'íoc an BCÚSAÉ, le faomhadh ón Aire Airgeadais, an costas iomlán a bhain le gníomhaíochtaí maoirseachta ar urrúis mhargaidh áirithe a rinneadh laistigh den Rialtóir Airgeadais. Rinneadh na costais seo arbh ionann iad agus €3.4 milliún a eisiámh ó na tobhaigh um Ghlan-Mhaoiniú Tionscail a eisíodh in 2009. Chomh maith leis sin, faoi fhorálacha Rialacháin Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (Alt 33J) 2009, gearradh tobhach forlíonach ar na hinstitiúidí creidmheasa a chlúdaíonn Scéim na nInstitiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 chun 100 faoin gcéad de chostais bhreise áirithe a bhain le hathbheithniú ar staid airgeadais agus chaipitil na n-institiúidí creidmheasa a chlúdaíonn an Scéim a fhorchúiteamh.

Nóta (vi): Ilghnéitheach

Léiríonn seo:

- Ranníocaíocht de €0.1 milliún i dtreo táillí dlí a thabhaigh an Rialtóir Airgeadais ag cosaint dlíthíochta i 2008 agus a fuarthas, i 2009, ó pháirtí sa dlíthíocht; agus
- Aisghabháil táillí gairmiúla de €0.6 milliún a tabhaíodh ó imscrúduithe éagsúla a rinneadh ar institiúidí airgeadais (féach Nóta (viii) thíos).

Nóta (vii): Ioncam Eile/Spéansais Eile

Sa bhliain 2008 bhailigh Stocmhalartán na hÉireann €0.9 milliún i dtáillí a bhí iníoctha leis an Rialtóir Airgeadais de réir Rialachán 109 de na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005, agus Rialachán 78 de na Rialacháin um Thredhearcacht (Treoir 2004/109/CE) 2007. De réir Chuid 17(h) den Treoir Réamheolaire, agus den Treoir um Mí-Úsáid Mhargaidh, dhearbhaigh comhaontuithe toiscaireachta a rinne an Rialtóir Airgeadais le Stocmhalartán na hÉireann go bhféadfadh sé an tsuim de €0.9 milliún a choinneáil le cur leis na costais a thabhaigh sé trí na feidhmeanna tarmiligin a dhéanamh faoi na comhaontuithe toiscaireachta.

Nóta (viii): Speansais Dhíreacha

		2009	2008
	Nóta	€000	€000
Tuarastail/Liúntais	(a)	26,727	24,483
ÁSOC		1,813	1,798
		28,540	26,281
Foráil Phinsin	(b)	3,832	3,732
Speansais Foirne		32,372	30,013
Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne		252	425
Trealamh, Stáiseanóireachta & Riachtanais		295	422
Taisteal Gnó		496	795
Foilseacháin & Caidrimh Mheáin		570	2,604
Táillí Gairmiúla	(c)	5,034	5,776
Ilghnéitheach		229	163
Speansais Oibríochta Neamhphá		6,876	10,185
Speansais Dhíreacha		39,248	40,198

Cuimsítear na costais dhíreach (gan an soláthar pinsin de €3.7 8 milliún san áireamh) sa Ráiteas maidir le Cuntais an BCÚSAÉ faoi mar a leagtar amach i Nóta 8 a ghabhann leis na cuntais sin.

- (a) B'ionann na táillí iomlána a íocadh le Baill an Rialtóra Airgeadais i ndáil le 2009 agus €202,533 (2008: €186,667).
- (b) B'ionann an soláthar pinsin agus costais phinsin achtúireacha mheasta an BCÚSAÉ i ndáil le foireann an Rialtóra Airgeadais a d'fhóin in 2009. Ní cuid de chostais an BCÚSAÉ do 2009 é an soláthar seo.
- (c) Áirithe i dtáillí iniúchóireachta bhí €0.6 milliún i ndáil le costais a tabhaíodh le linn imscrúduithe éagsúla a rinneadh ar na hinstitiúidí airgeadais clúdaithe. Aisghabhadh na costais sin go léir ina n-iomláine ó na hinstitiúidí iomchuí airgeadais (féach Nóta (vi) thuas). B'ionann táillí iniúcháirí a bhí iníoctha le Deloitte & Touche i ndáil le scrúdú ar an Ráiteas Maidir le hIoncam agus Caiteachais an Rialtóra Airgeadais agus €4,898 (2008: €6,655).

Nóta (ix): Seirbhísí

Cuimsítear seirbhísí roinnte (gan an soláthar pinsin de €1.3 milliún san áireamh) sa Ráiteas maidir le Cuntais an BCÚSAÉ faoi mar a leagtar amach i Nóta 8 a ghabhann leis na cuntais sin.

Faigheann an Rialtóir Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear seirbhísí áitribh, riarachán acmhainní daonna, cuntasaióchta, iniúchta inmheánaigh, staitistiúla agus teicneolaíocht faisnéise ón BCÚSAÉ. B'ionann costas na seirbhísí sin i 2009 agus €21.0 milliún (2008: €18.0 milliún).

Nóta (ix): Seirbhísí (ar lean)

Socraíodh na costais lena mbaineann trí mhodheolaíocht leithroinnte costas, ar a rinne comhairleoirí seachtracha neamhspleácha athbhreithniú, a chur i bhfeidhm. Tá an leithroinnt bunaithe ar chleachtas tionscail dea-aitheanta lena n-áirítear spás urláir áitithe, uimhreacha ríomhairí pearsanta agus líon foirne más cuí. Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na gcostas thuas:

	2009	2008
	€000	€000
Seirbhísí Corparáideacha, Áitribh san áireamh	10,089	8,802
Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise	4,720	3,172
Acmhainní Daonna	1,930	2,577
Seirbhísí Eile	4,264	3,401
Iomlán	21,003	17,952

Seirbhísí Eile

Áirítear ar sheirbhísí eile seirbhísí cuntasáíochta seirbhísí riaracháin eile (2009: €3.0 milliún; 2008: €1.9 milliún), seirbhísí staitistiúla (2009: €0.0 milliún; 2008: €0.2 milliún) agus costais pinsin achtúireacha mheasta (2009: €1.3 milliún; 2008: €1.3 milliún) maidir le foireann an Bhainc Ceannais a bhí rannpháirteach i seirbhísí a sholáthar don Rialtóir Airgeadais.

Nóta (x): Barrachas/(Easnamh) Ioncaim i gcomparáid le Caiteachas

B'ionann é seo agus an t-easnamh de thobhaigh bailithe ó thionscal in 2009 i gcomparáid le riachtanas maoinithe 2009. Is ionann riachtanas maoinithe 2009 agus an t-iomlán de Chaiteachas Costas Díreach agus Seirbhísí (€60.3 milliún) lúide an fóirdheontais ón BCÚSAÉ. Cuireadh an t-easnamh ioncaim curtha i gcomparáid le caiteachas ar aghaidh agus rinneadh ríomh mhéid na dtobhach tionscail do 2010 a choigeartú chun an t-easnamh seo a chur san áireamh.

Nóta (xi): Dlíteanas Aoisliúntais

Pléitear dlíteanais aoisliúntas na foirne a fhostaíonn an BCÚSAÉ i Nóta 34 den Ráitear maidir le Cuntais an BCÚSAÉ don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

Nóta (xii): Imeachtaí iar-Chláir Chomhardaithe

Ní raibh imeachtaí coigeartaithe iarchláir chomhardaithe ar bith ann.

Nóta (xiii): Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Bord Stiúrtha an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar an 25 Meitheamh 2010.

Ráiteas an Iniúchára Neamhspleách do Chomhaltaí Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (“An Rialtóir Airgeadais”)

Rinneamar iniúchadh ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais mar atá leagtha amach i Rannóg 4 de Thuarascáil Bhliantúil an Rialtóir Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

Freagrachtaí na gComhaltaí agus na nIniúcháirí faoi seach

Tá na Comhaltaí freagrach as an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas a ullmhú. Is í ár bhfreagracht ná ár dtuairim a thuairisciú chugatsa ar chomhsheasmhacht an Ráitis maidir le hloncam agus Caiteachas laistigh den Thuarascáil Bhliantúil agus tá an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas don Rialtóir Airgeadais léirithe sna Nótaí a ghabhann le Cuntais Ráiteas Iomlán an Bhainc Ceannais agus Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009. Léimid an fhaisnéis eile a chuimsítear sa Thuarascáil Bhliantúil chomh maith agus breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid míráitis nó neamh-chomhsheasmhacht ar bith sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas.

Ullmhaíodh an ráiteas seo, agus an tuairim, do chomhaltaí an Rialtóir Airgeadais agus dóibhsean amháin mar chomhlacht agus ní chun críche ar bith eile. Agus muid ag tabhairt na tuairime seo, ní ghlacaimid nó ní ghabhaimid freagrach chun críche ar bith eile nó do dhuine ar bith eile dá dtaispeántar an ráiteas seo nó do dhuine ar bith eile a thiocfadh ina sheilbh ach amháin sa chás gur le cead sainráite scríofa uainne a tharlaíonn a leithéid.

Bunús na Tuairimie

Chuireamar ár n-obair i gcrích de réir Fheasachán 1999/6 “Ráiteas na nIniúcháirí ar an ráiteas airgeadais achomair” arna eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúcháireachta.

Tuairim

Inár dtuairim tá an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas comhsheasmhach leis an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas don Rialtóir Airgeadais a léirítear sna Nótaí a ghabhann le Cuntais Ráiteas Iomlán an Bhainc Ceannais agus Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

Deloitte & Touche

Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Cláraithe

Baile Átha Cliath

5. Athbhreithniú ar an tSamhail Leithdháilte Airgid arna úsáid ag an Rialtóir Airgeadais

Cuimsíonn an rannóg seo foramharc ar an obair a rinne Deloitte & Touche ar leithroinnt chostais an Rialtóir Airgeadais 2009 (Toradh) ar na hearnálacha tionscail.

Tá an tuarascáil neamhspleách le fáil i rannóg 6.4.

Athbhreithniú ar Shamhail 2009 an Rialtóir Airgeadais

Tugann Alt 33J den Acht cumhacht do Phríomhfheidhmeannach an Rialtóir Airgeadais, le comhaontú ó bhaill eile an Údaráis, rialacháin a dhéanamh a fhorordaíonn tobhaigh atá le híoc ag aonáin rialaithe leis an Rialtóir Airgeadais.

Socraítear na costais seo trí Shamhail a d'fhorbairt an Rialtóir Airgeadais i gcomhair le comhairleoirí seachtracha ("Samhail an Rialtóir Airgeadais") a úsáid. Cuireann Samhail an Rialtóir Airgeadais na gníomhaíochtaí a bhaineann e maoirseacht a dhéanamh ar gach chatagóir tionscail san áireamh, agus i gcás costas nach féidir iad a leithroinnt go díreach ar chatagóir tionscail, rinneadh bonn a mheas an Rialtóir Airgeadais a bheith iomchuí a úsáid chun na costais sin a leithroinnt.

I 2009 ceapadh Deloitte & Touche mar chuntasóirí tuairiscithe neamhspleácha chun tuairim neamhspleách a thabhairt ar ionracas loighciúil, comhsheasmhacht inmheánach agus míchruinneas uimhríochta na bhfoirmlí, na n-álartam agus na ríomhanna a bhí laistigh de Shamhail an Rialtóir Airgeadais a d'úsáid an Rialtóir Airgeadais chun costais a leithroinnt ar na catagóirí tionscail agus ar Shamhail an Rialtóir Airgeadais a chur i bhfeidhm ar fhíorchostais 2009 ("Fíorshamhail 2009 an Rialtóir Airgeadais") agus chun an tuairim sin a thuairisciú do Bhaill an Údaráis. Tá cóip dá dtuarascáil, arna dátú an 18 Meitheamh 2010, chuig Baill an Údaráis i rannán 6.4.

6. Ráiteas maidir le Leithdháileadh Fhíorchostais an Rialtóir Airgeadais le hEarnálacha Tionscail

1. Réamhrá

Tugann Alt 3 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 ('an tAcht') arna chur isteach le hAlt 26 d'Acht an Bhainc Cheannais agus Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003 an chumhacht do Phríomhfheidhmeannach Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ("an Rialtóir Airgeadais"), le comhaontú ó bhaill eile Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, chun rialacháin a dhéanamh a fhorordaíonn tobhaigh a dhéanamh atá le híoc ag aonáin rialaithe leis an Rialtóir Airgeadais.

Gach bliain socraíonn an Rialtóir Airgeadais an tobhach trí thagairt don leithroinnt atá i bhfeidhm maidir le catagóirí tionscail fhíorchostais toraidh an Rialtóir Airgeadais don bhliain roimhe sin agus don chostas buiséadaithe don bhliain dár gcionn.

Rinneadh samhail bhuiséid 2009 a athreachtáil ag úsáid fíorchostas do 2009 d'fhonn na 'fíor'chostais a chinneadh - .i. an 'Toradh'. Leagann Fo-rannóg 3 thíos an leithroinnt maidir le costais bhuiséadaithe agus fíorchostais amach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

Bhí an Toradh faoi réir measúnaithe neamhspleách ag cuntasóirí Deloitte & Touche. Tá cur síos déanta ar an dtuarascáil i bhfo-rannóg 4 thíos.

2. Nótaí ag gabháil leis an Ráiteas maidir le leithdháileadh fórchostas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Modh an leithdháilte

Agus an riachtanas maoinithe bliantúil á shocrú déantar fuilleach nó easnamh ar bith ón mbliain roimhe sin a fhritháireamh i gcoinne na gcostas buiséadaithe. Déantar an méid iarmhartach a leithroinnt ar fud catagóirí tionscail. Tá iomlán de 13 chatagóir tionscail ann. Cuireann an próiseas trína ndéantar costais a leithroinnt ar gach catagóir tionscail na gníomhaíochtaí a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar gach chatagóir tionscail san áireamh, agus i gcás costas nach féidir iad a leithroinnt go díreach ar chatagóir tionscail, rinneadh bonn a mheas an Rialtóir Airgeadais a bheith iomchuí a úsáid chun na costais sin a leithroinnt.

3. Ráiteas maidir le Leithdháileadh Fórchostas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Catagóir Tionscail		Costais Leithdháilte Buiséid	Costais Iarbhir Leithdháilte ¹
		€000	€000
A	Institiúidí Creidmheasa	18,108	16,664
B	Gnóthais Árachais	5,549	5,161
C	Idirghabhálacha	2,200	2,247
D	Urrúis agus Gnólachtaí Infheistíochta	2,022	2,075
E	Comhscéimeanna Infheistíochta ("CIS") agus Soláthraithe do CIS	4,099	4,009
F	Comhair Chreidmheasa ²	1,769	1,431
G	Iasachtóirí Airgid	271	247
H	Forais Fhaofa Ghairmiúla	5	12
I	Malairtí	158	62
J	Bureaux de Change/Idirairistitheoirí Airgid	91	72
M	Frithdhílse Teaghais & Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola	251	258
Iomlán		34,523	32,238

(Catagóir I, Malartáin – lena n-áirítear Malartáin Fhaofa arna n-údarú faoin Acht um Stocmhalartán, 1995.)

Bhí na fórchostais leithroinnte a sonraítear thuas mar thoradh ar chur i bhfeidhm na bhfórchostas do 2009 ar an tsamhail leithroinnte costas faoi mar a chuirtear síos i bhfo-rannóg 1 thuas. Rinneadh na méideanna seo, mar aon le faisnéis eile cosúil le méideanna a bailíodh in 2008 a úsáid ansin chun an fuilleach a tháinig as gach earnáil tionscail in 2009 a fhritháireamh i gcoinne mhéid an tobhaigh do 2009 a bhí le bailiú.

1 Glan ar fháltais ilghnéitheacha de €715,000.

2 Is ionann é seo agus an ranníocaíocht mhaoinithe comhar creidmheasa do 2009 a caidhpeáladh ag 0.01 faoin gcéad d'iomlán na Sócmhainní.

4. Tuarascáil Neamhspleách Deloitte & Touche

Comhaltaí Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
("an Rialtóir Airgeadais")
Bosca OP 9138
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

18 Meitheamh 2010

A chara,

TUARASCÁIL NA GCUNTASAÓIRÍ NEAMHSPLEÁCAH CHUIG CHOMHALTAÍ AN RIALTÓRA AIRGEADAIS I NDÁIL LEIS AN ATHBRHEITHNIÚ AR THORADH

Rinneamar scrúdú ar leithdháileadh na bhfíorchostas laistigh den Rialtóir Airgeadais ar gach catagóir tionscail chun na críche tobhaigh atá iníoctha ag aonáin rialaithe leis an Rialtóir Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 a ríomh – ("an Toradh"). Ullmhaíodh an Toradh faoi mar a sholáthair bainistíocht an Rialtóra Airgeadais dúinn maidir le gach ionad costas atá bainteach i rialáil na n-aonán seirbhíse airgeadais, a sholáthraíonn seirbhísí do na hionaid chostas seo.

Is do bhaill an Rialtóra Airgeadais amháin ndéanaimid ár dtuarascáil de réir théarmaí ár litreach páirtíochta, arna dáta an 18 Márta 2010. Cuireadh ár n-obair i gcrích sa dóigh go bhféadfaimid na cúrsaí sin a éilítear orainn a shonrú a shonrú dóibh sa tuarascáil seo agus ní chun críche ar bith eile. A mhéad agus a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid nó ní ghabhaimid freagracht do dhuine ar bith eile seachas an Rialtóir Airgeadais dár n-obair, dár dtuarascáil agus do na tuairimí atá déanta againn.

Freagrachtaí an Rialtóra Airgeadais agus Deloitte & Touche faoi seach

Tá an Rialtóir Airgeadais freagrach as an Toradh a ullmhú de réir na mbunús a leagtar amach sa nóta ullmhúcháin. Is í ár bhfreagracht tuairim neamhspleách a thabhairt, bunaithe ar ár scrúdú, ar an Toradh agus ar ár dtuairim chugatsa. Dá bhrí sin táimid freagrach as tástáil roghnach a dhéanamh ar leithroinnt na bhfíorchostas mar a léirítear thíos.

Obair a rinneadh

Rinneamar ár n-obair de réir théarmaí ár litreach páirtíochta. Áiríodh ar ár n-obair athbhreithniú ar an bhfianaise a bhain leis an Toradh. Ní raibh nósanna imeachta san áireamh inár gcuid oibre agus tá sé i bhfad níos lú de réir scóipe ná iniúchadh a dhéanfaí de réir Caighdeáin Iniúcháireachta agus dá réir sin soláthraíonn sé leibhéal deimhnithe níos lú ná a sholáthrófaí le hiniúchadh.

Chuimsigh ár n-athbhreithniú go príomha feidhmíocht na nósanna imeachta seo a leanas:

- » D'aontaíomar le líon iomlán na gcostas i dToradh chuntais bhainistíochta an Rialtóra Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 (faoi réir ag coigeartuithe iniúchta ar bith orthu) a cuireadh faoi bhráid, agus faoi réir, iniúchta.
- » D'aontaíomar le líon iomlán na gcostas do chuntais Ráiteas Iomlán Chuntais an Bhainc Ceannais agus Údarais Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.
- » D'fhóiríomar gur cuireadh na fíorchostais, agus na costais seo amháin, maidir le gach ionad costas a chuimsítear sa tsamhail bhuiséadaithe san áireamh sa Toradh.
- » D'fhóiríomar go bhfuil an mhéadracht leithroinnte a úsáideadh sa Toradh do na hionaid chostais atá le leithroinnt comhsheasmhach leis na cinn sa tsamhail bhuiséadaithe agus gur cuireadh i bhfeidhm mar is ceart iad.

- » D'fhíoraíomar na "sonraí buana" a úsáideadh chun an mhéadracht leithroinnte a chinneadh agus a úsáideadh d'fheidhmiú leithroinnt na gcostas ar chatagóirí tionscail, ábhar tacaíochta a sholáthair rannóga neamhspleácha an Rialtóra Airgeadais.
- » Sheiceáladar ionracas loighciúil, comhsheasmhacht agus cruinneas uimhríochta na bhfoirmle, na nalgartam agus na ríomhanna sa Toradh leo na cinn sa tsamhail bhuiséadaithe.

Conclúid

Bunaithe ar ár scrúdú, mar a léirítear thuas:

- » inár dtuairimse ullmhaíodh an Toradh ar mhodh atá comhsheasmhach leis an tsamhail bhuiséadaithe;
- » níor tarraingíodh ní ar bith ar ár aird a léireoidh gur ullmhaíodh an Toradh ar bhonn atá neamhchomhsheasmhach lenár dtuiscint ar an tsamhail bhuiséadaithe agus/nó oibríochtaí an Rialtóra Airgeadais; agus
- » ní bhfuairamar mionathruithe ábhartha ar bith is cóir a dhéanamh ar an Toradh.

Deloitte & Touche

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

T +353 1 224 6278 **F** +353 1 671 6561 www.centralbank.ie publications@centralbank.ie



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Uimhir Bhosca OP 559
Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, Éire